Kerry Local Authorities

Údaráis Áitiúla Chiarraí

Annual Report 2012

Tuarascáil Bhliantúil 2012

CLÁR

Réamhrá An Mhéara
Ráiteas an Bhainisteoir Contae

AN STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

TUAIRISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
Baill Chomhairle Contae Chiarraí
Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle
Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar
Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach
Baill na mBord/na gCoistí
Comhdhálacha

TUAIRISCÍ FEIDHME NA STIÚRTHÓIRÍ
Stiúrthóir Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta
Stiúrthóir Bóithre, Iompair & Sábháilteachta
Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil
Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Éigeandála
Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana
Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

RÁITEAS AIRGEADAIS
Bainistiú Airgeadais
Éifeachtúlacht & Tíosacht

TUAIRISC Ó BHORD FIONTAR CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
Bord Fiontar Chontae Chiarraí

TUAIRISCÍ Ó NA COMHAIRLÍ BAILE
Trá Lí
Cill Airne
Lios Tuathail

TÁSCAIRÍ NÁISIÚNTA SEIRBHÍSÍ
ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN CORPARÁIDEACH
CATHAOIRLIGH/MÉARAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Réamhrá An Mhéara

A chairde

Mar Mhéara Chiarraí, tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chiarraí 2012 a chur i láthair.

Ó toghadh mar Mhéara Chiarraí mé, bíonn sé de phribhléid agam a bheith mar ionadaí ar mhuintir Chiarraí sa bhaile is i gcéin. Bím i gcónaí ag iarraidh an ceann is fearr den scéal a bhaint amach do Chiarraí, ár gcontae álainn a cur chun cinn mar láthair iontach do chách idir theaghlaigh, lucht oibre agus cuairteoirí.

Bíonn seans agam leis bualadh le scata sárdhaoine atá chomh ceanúil céanna ar an gcontae seo is atáim féin. Nílid ar fad ina gcónaí anso timpeall ach bíonn fuadar mór orthu ag iarraidh an contae a chur chun cinn i ngach aon slí agus molaim a saothar siúd.

Is cúis áthais dom an iarracht chéanna maidir le forbairt Chiarraí chun maitheasa a bheith ar siúl ag bainistíocht is ag foireann Chomhairle Contae Chiarraí. Ní gá a rá go raibh tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar chlár oibre Chomhairle Contae Chiarraí ach mar sin féin d'éirigh leo an-chuid a bhaint amach sa chontae le linn 2012 agus obair shuntasach a chur i gcrích.

Ar an gcéad dul síos táthar ag obair ar Sheachród Thrá Lí agus nuair a bheidh sé sin déanta i 2013 raghaidh sé go mór chun leas an chontae agus na dúthaí ar an iomlán. Mar fhear Thrá Lí mé féin, bhíos an-bhródúil as Ionad Bogach Cuan Thrá Lí a osclaíodh i 2012 agus a chuirfidh go mór leis an áit ar ndóigh.

Ina theannta san go léir is maith an rud an infheistíocht sa Scéim chun Tithe a chur in Oiriúint ionas gur féidir le daoine a mbíonn riachtanais áirithe acu fanacht ina mbailte féin. Is mór an áis í sin dóibh siúd a mbíonn galar éigin nó gortú ag cur isteach orthu, ní gá dóibh bogadh amach as an bpobal is bíonn obair ar fáil ag lucht ceirde na háite freisin.

Thug breis is leathmhilliún duine cuairt ar leabharlanna an chontae le linn 2012 agus tógadh beagnach 600,000 airteagal ar iasacht. Ní i gcónaí a chuimhnítear ar an leabharlann mar ionad foghlama ach is cuid lárnach iad de shaol an phobail agus caithfear tacú leo i gcónaí.

Mar ionadaí poiblí bím thar a bheith bródúil as infheistíocht agus tacaíocht ón bpobal féin. Maidir le pobail áitiúla agus grúpaí éagsúla bíonn saothar nach beag ar bun ag Chomhairle Contae Chiarraí, tacaítear agus cabhraítear leo sna hiarrachtaí a bhíonn ar bun acu.

Toradh ar an méid sin is ea Gradaim Phobail Chiarraí, scéim chun aitheantas a thabhairt do shaorálaigh is dó ghrúpaí deonacha i gCiarraí as a mbíonn déanta acu, bíonn na gradaim úd ag dul chun cinn gan stad in aghaidh na bliana. Tréaslaím le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Oileán Chiarraí a bhain an duais mór i 2012 agus le buaiteoirí na gcatagóirí éagsúla. Anuas ar an méid

sin, áfach, bhain Baile Uí Spealáin an chéad áit sa roinn 'Eastáit Tithíochta' i gComórtas Uile-Éireann Mórtas Ceantair mí na Samhna.

Is de bharr an mheon iontach úd i measc an phobail a fhaigheann bailte móra Chiarraí duaiseanna i gcónaí i gComórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Bhí an bua mór tuillte go maith ag Cill Airne is bhí bailte eile á mbrú féin chun tosaigh, bhuaigh Trá Lí Bonn Óir don chéad uair agus dhein Lios Tuathail an gaisce céanna don chúigiú huair.

Tá ardmholadh tuillte ag foireann Chomhairle Contae Chiarraí as a bhfuil déanta acu go léir ar ár son i rith na bliana. Is fíor go mbíonn meon diúltach ag daoine áirithe i leith seirbhísí poiblí is a gcuid foirne.

Níl sé seo ceart, cóir ná cothrom. Beirim dúshlán aon duine acu an saothar dearfach a dheintear in údaráis áitiúla na tíre a scrúdú. Is iad siúd ár muintir féin, cairde agus comharsana, a bhíonn ag obair do Chomhairle Contae Chiarraí agus scothsheirbhís á soláthar acu do gach aon phobal sa chontae.

Is mór iad na dúshláin atá romhainn anois maidir leis cinntí atá déanta ag an Aire Ó hÓgáin deireadh a chur leis na Comhairlí Baile agus na feidhmeanna seirbhísí uisce a bhaint de na húdaráis áitiúla.

Mar bhall de Chomhairle Baile Thrá Lí tá an-díomá orm nar aithníodh an saothar breá dearfach a bhíonn á dhéanamh ag na Comhairlí Baile. Is fíor, áfach, mar bhall de Chomhairle Contae Chiarraí go mbead ag cur leis an mbainistíocht agus leis na baill eile tofa chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcóras nua.

Mar fhocal scoir gabhaim buíochas ó chroí le bainistíocht is le foireann Chomhairle Contae Chiarraí as a bheith ag cabhrú liom i gcaitheamh na bliana 2012. Go háirithe ba mhór an chabhair an méid a dhein an Bainisteoir Contae Tom Curran dom is é cúirtéiseach i gcónaí. Tréaslaím freisin leis na baill eile tofa as a bheith ag saothrú leo ar son muintir Chiarraí.

An Comh Terry O'Brien
Méara Chiarraí

Ráiteas an Bhainisteoir Chontae

Mar Bhainisteoir Chontae Chiarraí, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chiarraí agus na gComhairlí Baile Trá Lí, Cill Airne is Lios Tuathail don bhliain 2012 a chur i láthair.

Is fíor go rabhamar thar a bheith gnóthach i rith na bliana is gur tharla eachtraí agus ráitis a raghaidh i bhfeidhm go mór ar údaráis áitiúla ar ball beag.

Leantar den dtionchar a bhíonn ag an gcúlú domhanda eacnamaíochta ar acmhainní Chomhairle Contae Chiarraí, laghdaítear buiséid agus líon foirne. Fadhb eile ná go mbíonn sé deacair go leor ioncam a bhailiú, idir an méid sin agus buiséid bheaga bhí ar Chomhairle Contae Chiarraí gach réimse caiteachais a scrudú go mion agus cinntí áirithe oibríochta a thógaint, rud a bhí dian orainn a dhéanamh.

Dhíríomar i 2012 ar sheirbhísí lárnacha agus feidhmeanna reachtúla a sholáthar do mhuintir Chiarraí. Bhí orainn a bheith an-cháiréiseach maidir le cúrsaí airgeadais agus dul ar thóir slite nua oibríochta idir éifeachtúlacht, tíosacht agus margadh maith a fháil i gcónaí.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an bhfoireann is leis an mbainistíocht ar fad sna ceithre húdarás áitiúla, molaim go mór a bhfuil déanta agaibh sna cúrsaí céanna le linn 2012 agus sibh ag soláthar scothseirbhísí i gcónaí do mhuintir Chiarraí.

In ainneoin na ndeacrachtaí is na ndúshlán oibríochta ar fad, fós féin bhí buiséad €120m le caitheamh ar sheirbhísí riachtanacha a sholáthar i dtreo an contae seo a fheabhsú mar láthair iontach do chách idir theaghlaigh, lucht oibre agus cuairteoirí.

Laistigh den chontae féin a caitheadh an-chuid den mhéid sin, íocadh lucht gnó agus ceirde as a seibhísí siúd agus ar ndóigh caitheadh tuarastal na foirne anso i siopaí agus gnóthaí na háite ar fud an chontae.

Táthar ag dul chun cinn ar Sheachród Thrá Lí mar áis iontach do bhonneagar an chontae, áis bhreá eile ar ndóigh ab ea oscailt Sheachród Oileán Chiarraí an bhliain seo caite. Raghaidh sé seo go mór chun leas an chontae agus an phríomhbhaile, san am gcéanna táthar ag feabhsú stráicí de bhóithre náisiúnta mar shampla an N86 agus an N69.

Rud eile fós, tá infheistíocht leanúnach á déanamh sa ghréasán soláthar uisce idir shábháilteacht agus slandáil. Tá a thuilleadh oibre fós le déanamh, go speisialta maidir le píopaí nua a leagadh agus pléitear an t-ábhar seo go minic leis an rialtas lárnach trín dea-shaothar a bhíonn ar siúl ag ár gcuid ionadaithe tofa sa Dáil agus i Seanad Éireann.

Is fíor go raibh áthas faoi leith orm féin mar gheall ar Ionad Bogach Cuan Thrá Lí a osclaíodh i 2012, tionscnamh é seo de chuid Comhairle Baile Thrá Lí. Cuirfidh sé go mór leis an áit ar ndóigh agus leas á baint as an dtírdhreach aoibhinn atá againn.

Toisc go mbeidh An Tóstal ar siúl an bhliain seo chugainn 2013, caitheadh go leor ama i rith 2012 ag ullmhú don ócáid úd a leanfaidh go ceann na bliana ar fad. Is léir go bhfuil rún againne go n-éireoidh go breá leis an ócáid agus Oifig speisialta ann don Tóstal faoi chúram John Griffin,Oifigeach Turasóireachta Chiarraí agus is dóigh liom go n-íocfar an comhar linn sa chás seo i rith na bliana 2013.

Cuirtear Fáilte Uí Cheallaigh roimis cuairteoirí anso i gCiarraí i gcónaí, is fíor go leagaimid béim ar an dturasóireacht mar chuid lárnach den gheilleagar againn agus leanfar ar an gcuma san le linn An Tóstail agus go ceann i bhfad ina dhiaidh.

Is fíor, áfach, go gcaithfear feabhas a chur ar an ngné seo den gheilleagar chun a chinntiú go mbíonn na caighdeáin chuí do thurasóirí againn is iad in oiriúint don dúthaigh álainn atá thart orainn.

Chuige sin bíonn Comhairle Contae Chiarraí an-ghnóthach i gcónaí, iad i bpáirt leis na pobail áitiúla is le comhlachtaí turasóireachta chun turasóirí a mhealladh chugainn ó thíortha iasachta. I measc rudaí eile forbraíodh slite siúlóide agus rothaíochta in áiteanna éagsúla sa chontae. Bímid ag saothrú go dian freisin le diaspóra Chiarraí, go háirithe le Cumainn na gCiarraíoch i Londain agus i Nua Eabhrach.

I mbliana 2012 tharla eachtraí agus ráitis a raghaidh i bhfeidhm go mór ar struchtúr is ar fheidhmeanna údarás áitiúla ar fud na tíre.

Ar an gceann is mó bheartaigh an tUas.Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil go raibh sé i gceist aige deireadh a chur le córas na gComhairlí Baile.

Is fada na Comhairlí Baile úd ag freastal mar is cóir ar mhuintir Thrá Lí, Cill Airne is Lios Tuathail. Tá rún agamsa deimhin a dhéanamh de go mbeidh córais chearta i bhfeidhm ionas nach mbeidh aon cheann de na trí bhaile úd thíos leis an gcinneadh úd.

Athrú mór eile do na hudaráis áitiúla is ea bunú Uisce Éireann, comhlacht aonair a bheidh freagrach as soláthair uisce na tíre idir uisce poiblí agus fuíolluisce.

Céim thromchúiseach í seo gan dabht ar domhan. Ba mhaith liom anois an fhoireann seirbhísí uisce i gCiarraí a mholadh go hard na spéire, idir fheighlithe, innealtóirí, aonaid bhraite silte agus an fhoireann a bhíonn ag obair lasmuigh.

Idir uaireanta fada oibre, soineann agus doineann, ba mhór an buntáiste a gcuid saothair ar son an chontae is ar son na Comhairle. Tá súil agamsa ar aon nós go mbeidh Uisce Éireann ábalta a leithéid de sheirbhís chruthanta a chur ar fáil do mhuintir Chiarraí sa todhchaí.

I 2012 freisin bunaíodh an Muirear Teaghlaigh tar éis díospóireacht an-fhada mar gheall air. Is fíor go bhfanann an t-airgead ón Mhuirear seo anso i gCiarraí; úsáidtear é ar sheirbhísí riachtanacha mar na Seirbhísí Éigeandála, bóithre, soilsiú poiblí agus draenáil, leabharlanna, faichí agus clóis súgartha chomh maith le glantachán sráide agus trá.

Táim thar a bheith sásta go dtuigeann úinéiri tí i gCiarraí an tábhacht a bhaineann leis an méid sin, íocadh 75% den mhuirear faoi dheireadh na bliana 2012. Cuirfear Cáin Áitribh Aitiúil in ionad an mhuirir i 2013, ach fós, is chun leas soláthar seirbhísí do phobal an contae a bheidh an cháin úd leis.

Bhi díospóireacht mhór fhada leis faoin scéim úd 'Cosaint ar Uisce' ar a dtugtar an Muirear Dabhach Mhúnlaigh. Ó thaobh an lion ard turasóirí de, thar aon rud eile, ní mór clú agus cáil a bheith ar Chiarraí mar chontae atá glan agus glas. Arís bhíos sásta gur thuig úinéiri tí i gCiarraí na fíricí seo agus go deimhin tá Ciarraí anois i measc na gcontaethe is mó cláruithe sa tír ar fad.

Ar deireadh is ag féachaint siar ar an mbliain 2012, is fíor gur tharla rudaí móra a chuirfidh athrú suntasach ar chúrsaí rialtais áitiúla sa tír seo sa todhchaí.

Gabhaim buíochas leis an Méara Terry O'Brien agus leis an Méara Tim Buckley a chuaigh roimhe agus freisin leis na baill eile tofa as a bheith ag freastal ar mhuintir Chiarraí i 2012. Post deacair é gan dabht a bheith mar bhall tofa ach ní haon dóithín iad na comhairleoirí seo againne is iad ag cur feabhas ar an gcontae dúinn go léir gan stad gan staonadh.

Tom Curran
Bainisteoir Contae

An Struchtúr Bainistíochta

Kerry County Council
Senior Management Team

Kerry County Manager
Tom Curran

Director of Economic Planning & Development
Michael McMahon

Area Manager
Tralee Electoral Area

Town Manager
Tralee

Director of Housing, Director of Community & Enterprise
John Breen

Area Manager
Killarney Electoral Area

Town Manager
Killarney

Director of Roads, Transportation & Safety
Charlie O'Sullivan

Area Manager
Listowel Electoral Area

Town Manager
Listowel

Director of Water Services & Emergency Services
Director of Environmental Services
Oliver Ring

Director of Corporate Services

John D. Flynn

Area Manager
Killorglin Electoral Area

Area Manager
Dingle Electoral Area

Head of Finance

Angela McAllen

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2012



Baill Chomhairle Contae Chiarraí
Tá 27 gComhairleoir idir cúig thoghcheantar – Daingean Uí Chúis, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí.

Méara: An Comh. Terry O'Brien
Leas-Mhéara: An Comh. PJ Donovan

Toghcheantar Áitiúil Trá Lí:-

An Comh Toiréasa Ferris, Cnocáin, Bearrúin, Ard Fearta (Sinn Féin)
An Comh Jim Finucane, 6 Sráid Éadbhaird, Trá Lí (Fine Gael)
An Comh Norma Foley, St. Joseph's, 2 Rae Staughton, Trá Lí (Fianna Fáil)
An Comh Pat McCarthy, Maglass, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fine Gael)
An Comh Anne McEllistrim, Áthán, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fianna Fáil)
An Comh Terry O'Brien, Tonevane, Trá Lí (Lucht Oibre)
An Comh Gillian Wharton-Slattery, Rose Cottage, Ballyard, Trá Lí (Lucht Oibre)

Toghcheantar Áitiúil Cill Airne:-

An Comh Brendan Cronin, Rathcommane, Baile Uí Aichir, Cill Airne
An Comh John Joe Culloty, Knocknaskeha, Cill Airne (Fianna Fáil)
An Comh Michael Gleeson, Claisín, Cill Airne (Cónaidhm Neamhspleách Chiarraí Theas)
An Comh Danny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin
An Comh Breeda Moynihan Cronin, 10 Garrán Mhucrois, Cill Airne (Lucht Oibre)
An Comh Bobby O'Connell, 15 Príomh-Shráid, Oileán Chiarraí (Fine Gael)
An Comh John Sheahan, An Cúil Garbh, Bóthar Thrá Lí, Cill Airne (Fine Gael)

Toghcheantar Áitiúil Lios Tuathail:-

An Comh Robert Beasley, 'Púicín', Br an Dúna, Baile an Bhuinneánaigh (Sinn Féin)
An Comh John Brassil, Siopa Poitigéara, Baile Uí Thaidhg (Fianna Fáil)
An Comh Tim Buckley, An Cnocán, Lios Tuathail. (Fine Gael)
An Comh Pat Leahy, Clounbrane, Maigh Mheáin (Lucht Oibre)
An Comh Liam Purtill, Sráid an Ché, Béal Atha Longfort (Fine Gael)

Toghcheantar Áitiúil Cill Orglan:-

An Comh Michael Cahill, Ros Beithe, Gleann Beithe (Fianna Fáil)
An Comh Patrick Connor-Scarteen, 5 Príomh-Shráid, An Neidín (Fine Gael)
An Comh PJ Donovan, Sráid Ard, Cathair Saidhbhín (Fine Gael)
An Comh Johnny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin
An Comh Paul O'Donoghue, Clochan Mac Cuinn, Cathair Saidhbhín (Fianna Fáil)

Toghcheantar Áitiúil Daingean Uí Chúis:-

An Comh Séamus Cosaí Mac Gearailt, Droichead Bán, Na Gleannta, Daingean Uí Chúis. (Fine Gael)
An Comh Matt Griffin, Sleepy Hollows, Ardcanaught, An Chilll, Caisleán na Mainge (Fine Gael)
An Comh Michael O'Shea, Príomh-Shráid, Baile an Mhuilinn (Fianna Fáil)

Tuairisc ar Chrunnithe na Comhairle

Bíonn Cruinniú na Comhairle ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa ach amháin an dara Luan mí Mheán Fómhair, ná ní thionóltar aon chruinniú mí Lúnasa.

Is i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí a thagann siad le chéile.

Le linn 2012 tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 17 uaire.

Tá sé de dhualgas tábhachtach ar an gComhairle polasaí a dhréachtadh chun soláthar éifeachtach seirbhísí a chinntiú do phobal Chiarraí. Tógadh na cinntí móra seo a leanas le linn 2012:

- Glacadh le Clár Oibreacha Bóthar 2012 (Cruinniú Speisialta mí Márta)
- Bunaíodh Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012 – 2018 (Cruinniú an Mheithimh)
- Glacadh leis an Scéim Deontas Ardoideachais 2012 (Cruinniú mí Iúil)
- Bunaíodh Athrú Uimh. 8 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009 – 2015 – Straitéis um Fhuinneamh Inathnuaite (Cruinniú Speisialta Pleanála mí na Samhna)
- Glacadh leis an gClár bhliantúil um Athchóiriú Oibreacha Bóthar 2013 – 2016 (Cruinniú mí na Nollag)
- Glacadh le Buiséad Chomhairle Contae Chiarraí do 2013 (Cruinniú Speisialta mí na Nollag)

Fáiltithe Cathartha/An Mhéara/Ceantar 2012

Fáiltithe Cathartha 2012

- Foireann Peile Chaisleán na Mainge/Baile an Mhuilinn – bhuaigh siad Craobh Idirmheánach na hÉireann

- An tUas. Brian Wall agus an traenálaí an tUas. Patrick O'Brien – bhuaigh siad bonn airgid i gCraobh Dornálaíochta na hEorpa 2012

Fáiltithe An Mhéara 2012

- Cumanan Treafa Chiarraí – bhain siad gradaim ag leibhéal náisiúnta

- Fleá fhulachta do Rósanna Thrá Lí 2012, dá muintir is do na hionaid

- Liathróid Láimhe Chiarraí – bhain siad gradaim ag leibhéal Náisiúnta agus Domhanda

- Banna Ceilí Shannon Vale – bhuaigh siad Comórtas Fleadh Cheoil na hÉireann do bhannaí céilí

Fáiltithe Toghcheantar 2012

- Buaiteoirí Scór –
    - Rinceoirí Seit CLG Gleann Fleisce a bhuaigh Craobh Sinsear na hÉireann
    - Foireann Tráth na gCeist CLG An Ráth Mhór a bhuaigh Craobh na hÉireann
    - Cumann An Spá Cill Airne Craobh Sinsear na hÉireann Rince Foirne

- Buaiteoirí Comhaltas Ceoltóiri Éireann a bhuaigh Craobh na hÉireann i bhFleadh Cheoil na hÉireann sa Chabhán –
    - Gleann Fleisce Céilí Sinsear 4 Ban
    - Sliabh Luachra Céilí Sinsear 8 Ban
    - Sliabh Luachra faoi18 Seit Iomlán Measctha
    - Cill Coimín Sinsear Seit Iomlán Measctha
    - Cill Coimín Sinsear Leath-Sheit Iomlán Measctha
    - Sliabh Mis faoi15 Céilí 8 Measctha

Tuairisc ar Chuinnithe Toghcheantar 2012

Toghcheantar	Cathaoirleach	Bainisteoir Ceantair	Líon Cruinnithe
Daingean Uí Chúis	An Comh. Séamus Cosaí Mac Gearailt	An tUas. Seán Ó Floinn	4
Cill Airne	An Comh. Michael Gleeson	An tUas. John Breen	5
Cill Orglan	An Comh. Paul O'Donoghue	An tUas. John Flynn	5
Lios Tuathail	An Comh. Robert Beasley	An tUas. Charlie O'Sullivan	5
Trá Lí	An Comh. Pat McCarthy	An tUas. Michael McMahon	5

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

Grúpa Polasaí Corparáideach

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Grúpa Polasaí Corparáideach ar a bhfuil an Méara agus Cathaoirligh na gcúig gCoistí Polasaí Straitéiseach. Fóram is ea an Coiste chun moltaí polasaí a phlé sula gcuirtear iad os comhair na Comhairle iomlán agus chuige sin bíonn an Coiste ag déanamh comhordú ar obair na CPS. Is í an Chomhairle iomlán a thógann na cinntí ar deireadh faoin bpolasaí a chuirtear faoina bráid sa chóras seo.

Bhí 11 gcinn de chruinnithe ag an GPC i 2012.

CPS Iompair

Tuairisc ón gComh Patrick Connor Scarteen (Cathaoirleach*)*

Ar na scéimeanna agus polasaithe a phléigh an coiste i rith 2012 bhí an méid seo a leanas:-

- Polasaí um Bhóithre Príobháideacha a Ghlacadh mar Mhuirear
- Scéim Chruatain agus Éigeandála a bhunú do Bhóithre Príobháideacha
- Athbhreithniú ar Chuspóirí Corparáideacha 2011 maidir le Stiúrthóireacht Bhóithre, Iompair agus Sábháilteachta
- Coimriú ar Bhuiseád 2013
- Uasdátú ar Fhóram Chiarraí um Iompar Comhtháite

Comhairleoirí	***Ar Son Earnála***	***Ionadaithe***
An Comh. Patrick Connor Scarteen (Cathaoirleach)	**Pobal/Deonach**	Carmel Walsh
An Comh. Johnny Healy-Rae	**Ceardchumainn**	John Boner
An Comh. Pat Leahy	**Talmhaíocht/Feirmeoireacht**	Pat Flahive
An Comh. Anne McEllistrim	**Gnó/Lucht Tráchtála**	Michael O'Carroll
An Comh. Tim Buckley	**Comhshaoil/Caomhnú**	Oonagh Comerford
An Comh. Jimmy Moloney (Comhairle Baile Lios Tuathail)		

CPS Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Tuairisc ón gComh Brendan Cronin (Cahaoirleach)

Bhí trí chruinniu ag an gCoiste Polasai Straitéiseach Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce i 2012. Le linn cruinnithe pléadh na hábhair seo a leanas:

- Tuairisc Fhíoruisce EPA 2010
- Plécháipéis "Uisce Éireann"
- Léiriú ar Rialacháin um Dhramhaíl Bia
- Uasdátú ar Loch Léin
- Uasdátú ar an bPlean um Thruailliú Ola
- Leiriú ar láithreacha líonadh talún idir stairiúil agus leagáide
- Ionaid Beir Chuige do Bhuidéil Phlaisteacha
- Uasdátú ar phíopa láisteáite ag NKL
- Díol an tSeirbhís Bhailithe Bruscair
- Uasdátú ar pholasaí postaerí toghcháin
- Turas ar fhorbairt nua líonadh talún Chiarraí Thuaidh
- Uasdátú ar thionscnaimh Bogach Thógtha Comhtháite
- Coimriú ar Fheachtas Salachar Madraí
- Tuairisc ar Ghlantachán Earraigh 2012
- Uasdátú ar Bhainc Athchúrsála
- Léiriú ar Mhéadrú Uisce ar RAL – Clár Feabhas ar Cháilíocht Uisce
- Léiriú ar Rialacháin um Bhac ar Ghual Toite a Dhaingniú as an Nua
- Uasdátú ar oibreacha caipitiúla NKL agus athbhreithniú ar Cheadúnas NKL
- Uasdátú ar rannpháirteachas pobail maidir le huiscí snámha a aithint
- Uasdátú ar Athbhreithniú ar Bhainistiú Reigiúnach Dramhaíola

Baill 2012

Comhairleoirí	*Ar Son Earnála*	*Ionadaithe*
An Comh. Brendan Cronin (Cahaoirleach)	**Pobal/Deonach**	Seamus Roche
An Comh. Michael Gleeson	**Comhshaoil/Caomhnú**	Susan Vickers
An Comh. Paul O'Donoghue	**Forbairt/Foirgníocht**	Sean Clifford
An Comh. Jim Finucane	**Talmhaíocht/Feirmeoireacht**	Conor Creedon
An Comh. Matt Griffin		
An Comh. Denis Stack (Comhairle Baile Lios Tuathail)		

SPC Pleanáil & Forbairt Gheilleagair

Tuairisc ón gComh Pat McCarthy (Cathaoirleach)

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste le linn 2012 agus pléadh roinnt ceisteanna mar a leanas:-

- Aonad Eastát Tithíochta – ceisteanna éagsúla lena chinntiú go gcríochnófar mar is cóir na heastáit sa chontae nár críochnaíodh fós

- Cairéil – Alt 261A den Acht Pleanála 2010 agus ceisteanna maidir le measúnú a dhéanamh ar 170 cairéal roimis mí Lúnasa 2012

- Glacadh leis an 8ú Athrú ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015 – Straitéis um Fhuinneamh Inathnuaite mí na Samhna 2012

- Athleasú Rialtais Áitiúil – impleachtaí maidir leis na trí Chomhairle Baile a bheith sa Phlean nua forbartha Contae

Baill 2012

Comhairleoirí	*Ar Son Earnála*	*Ionadaithe*
An Comh. Pat McCarthy (Cathaoirleach)	**Comhshaoil/Caomhnú**	Catherine McMullin
An Comh. John Brassil	**Ceardchumainn**	Patrick Hanafin
An Comh. Séamus Fitzgerald	**Talmhaíocht/Feirmeoireacht**	James McCarthy
An Comh. Michael O'Shea	**Gnó/Lucht Tráchtála**	Bláithin McElligott
An Comh. John Sheahan		
An Comh. Terry O'Brien		
An Comh. Cathal Walshe (Comhairle Baile Chill Airne)		

SPC Pobal, Cultúr & Turasóireacht

Tuairisc ón gComh Michael Cahill (Cathaoirleach)

Bhí trí chruinniú amháin ag an gCoiste Pobal, Cultúr & Turasóireacht i 2012 agus pléadh roinnt ceisteanna mar a leanas:-

- Aontaíodh Plean Oibre ag an SPC don tréimhse M Fómhair 2012 – Nollaig 2013
- Leabharlann Chiarraí – Polasaí Forbartha Bailiúcháin
- Tuairisc ó Fhóram Gaeilge Chiarraí
- Léiriú ag Siamsa Tíre "*Mianach Geilleagair i dTurasóireacht Ealaíon is Cultúrtha*"
- Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí 2007-2012, Aguisín don tréimhse 2013-2014
- Uasdátú ar Ullmhú is Teacht Aniar i bPobail a Chothú
- Bac Molta Tobac i gClóis Súgartha – Fo-Dhlíthe a leasú
- Léiriú ar An Tóstal 2013 – imeachtaí i gCiarraí
- Polasaí a fhorbairt maidir le Turasóireacht na Gaeilge i gCiarraí
- Coimriú ar "*Daoine chun Tosaigh: Plean Gnímh um Rialtas Áitiúil Éifeachtach*" – impleachtaí don CDB is do shaothar an Roinn Pobail & Fiontair
- Comriú ar Struchtúir Thurasóireachta Chiarraí agus Straitéis mholta um Thurasóireacht sa Chontae
- Síneadh Plean Ealaíon Chiarraí 2007-2012 don tréimhse 2013-2014
- Uasdátú ón Seirbhís Leabharlanna, Bord Forbartha Contae Chiarraí, an Roinn Pobail & Fiontair, an Oifig Ealaíon agus Oifig na Gaeilge ag gach crunniú

Baill 2012

Comhairleoirí	***Ar Son Earnála***	***Ionadaithe***
An Comh. Michael Cahill *(Cathaoirleach Eanáir-Meitheamh 2012)*	**Ceardchumainn**	Andrew McCarthy
An Comh. Robert Beasley	**Pobal/Deonach**	Maura Fitzgerald
An Comh. Bobby O'Connell	**Pobal/Deonach**	Matt Mooney
An Comh. Liam Purtill	**Gnó/Lucht Tráchtála (Turasóireacht)**	Mary Rose Stafford
An Comh. Johnny Healy-Rae *(Cathaoirleach ó mhí Iúil)*		
An Comh. Mairead Fernane (Comhairle Baile Thrá Lí)		

CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Tuairisc ón gComh Breeda Moynihan Cronin (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta le linn 2012. Ar na hábhair a pléadh go príomha bhí an méid seo a leanas:-

- Tionscadail nua chun an Tionscadal Tithíocht Shoisialta ar Léas agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos a bhrú chun cinn
- Próiseas a fhorbairt san Údárás Áitiúil chun Riaráistí Morgáistí a Réiteach
- Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Lucht Míchumais
- Iarratais ar Thithe Aonair faoin dTuath a thógaint – athbhreithniú ar na critéir intofachta
- Scéim Tosaíochtaí do Thionóntaithe ar Cíos ón Údarás Áitiúil a Iorgaíonn Deontas Lucht Míchumais
- Scéim Deontas do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais chun Tigh a Chur in Oiriúint
- Athbhreithniú ar an gComhaontú Tionóntachta atá againn faoi láthair
- Dul chun cinn idir réigiúnach agus áitiúil maidir le daoine gan dídean
- Soláthar Tithíocht ar bhonn Deonach i gCiarraí

Baill 2012

Comhairleoirí	***Ar Son Earnála***	***Ionadaithe***
An Comh. Breeda Moynihan Cronin (Cathaoirleach)	**Pobal/Deonach**	John O'Sullivan,
An Comh. PJ Donovan	**Pobal/Deonach**	Mary Grandfield,
An Comh. John Joe Culloty	**Pobal/Deonach**	Eileen Mayse
An Comh. Norma Foley	**Forbairt/Foirgníocht**	Sean Clifford
An Comh. Gillian Wharton-Slattery		
An Comh. Toiréasa Ferris		
An Comh. Seán O'Grady (Comhairle Baile Chill Airne)		
An Comh. Pat Hussey (Comhairle Baile Thrá Lí)		

Baill na mBord/na gCoistí 2012

Coiste Iniúctha	Cathaoirlgh na CPS
An Comh. Liam Purtill An Comh. Terry O'Brien	**Pobal, Cultúr & Turasóireacht** An Comh. Johnny Healy Rae **Pleanáil & Forbairt Gheilleagair** An Comh. Pat McCarthy **Bóithre & Iompar** An Comh. Patrick Connor-Scarteen **Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta** An Comh. Breeda Moynihan Cronin **Comhshaoil & Seirbhísí Uisce** An Comh. Michael Gleeson
Coiste Uisce Tuaithe Chontae Chiarraí	**Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil**
An Comh. Michael O'Shea An Comh. John Sheahan An Comh. Matt Griffin An Comh. Gillian Wharton-Slattery An Comh. Breeda Moynihan Cronin An Comh. Patrick Connor-Scarteen	An Comh. John Joe Culloty An Comh. Matt Griffin An Comh. Jim Finucane An Comh. Breeda Moynihan Cronin

Cumann Comhairlí Baile agus Cathrach	**IRD Dúiche Ealla**
An Comh. Michael O'Shea An Comh. P.J. Donovan An Comh. John Sheahan	An Comh. John Sheahan An Comh. Breeda Moynihan Cronin
Bord Fiontar Chontae Chiarraí Teo.	**Seirbhís Oideachais Chiarraí**
An Comh. Anne McEllistrim An Comh. Jim Finucane An Comh. Gillian Wharton-Slattery An Comh. Terry O'Brien	An Comh. John Brassil An Comh. Anne McEllistrim An Comh. Norma Foley An Comh. Tim Buckley An Comh. Séamus Mac Gearailt An Comh. Jim Finucane An Comh. P.J. Donovan An Comh. Terry O'Brien An Comh. Breeda Moynihan Cronin
Coiste Teagmhála Pháirc Náisiúnta Chill Airne	**Cumann Comhaltaí Údarás Áitiúla**
An Comh. John Sheahan	An Comh. Pat Leahy
	Comhar Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thoir
	An Comh. John Joe Culloty An Comh. Tim Buckley An Comh. Gillian Wharton-Slattery

Fóram Réigiúnach Sláinte – Theas	**Údarás Réigiúnach Thiar-Theas**
An Comh. John Joe Culloty An Comh. Matt Griffin An Comh. Bobby O'Connell An Comh. Breeda Moynihan Cronin An Comh. Brendan Cronin	An Comh. John Brassil An Comh. Michael O'Shea An Comh. Liam Purtill An Comh. Bobby O'Connell An Comh. Séamus Mac Gearailt An Comh. Pat Leahy An Comh. Gillian Wharton-Slattery
Tionól Reigiúnach Theas & Thiar	**Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo.**
An Comh. Liam Purtill An Comh. Bobby O'Connell	An Comh. Michael O'Shea An Comh. Patrick Connor-Scarteen An Comh. Breeda Moynihan Cronin
Meitheal Drugaí Réigiún an Deiscirt	**Cumann Oisrí Chuan Trá Lí Teo.**
An Comh. Pat Leahy	An Comh. Terry O'Brien
Aerfort Chiarraí plc	**Spórt agus Fóillíocht Réigiún Trá Li Teo.**
An Comh. Terry O'Brien	An Comh. Terry O'Brien
Bord Rialaithe OÉ Chorcaí	**Bord Turasóireacht Chiarraí Fáilte Éireann**
An Comh. Jim Finucane	An Comh. Séamus Mac Gearailt
Bord Nua Údarás na Gaeltachta	**Páirtíocht Spórt & Áineasa Chiarraí**
An Comh. Séamus Mac Gearailt	An Comh. Matt Griffin

Comhchoiste Póilíneachta Chontae Chiarraí		
Comhairleoirí		
Toghcheantar Daingean Uí Chúis	1.	An Comh. Matt Griffin
	2.	An Comh. Séamus Cosaí Mac Gearailt
Toghcheantar Cill Orglan	3.	An Comh. Michael Cahill
	4.	An Comh. Patrick Connor-Scarteen
	5.	An Comh. P.J. Donovan
Toghcheantar Chill Airne	6.	An Comh. Bobby O'Connell
	7.	An Comh. Michael Gleeson
	8.	An Comh. John Joe Culloty
Toghcheantar Lios Tuathail	9.	An Comh. Pat Leahy
	10.	An Comh. Robert Beasley
	11.	An Comh. Tim Buckley
	12.	An Comh. Norma Foley
	13.	An Comh. Jim Finucane
	14.	An Comh Terry O'Brien
Baill an Oireachtais	1.	An Teachta Tom Fleming
	2.	An Teachta Brendan Griffin
	3.	An Teachta Arthur J. Spring
	4.	An Seanadóir Mark Daly
	5.	An Seanadóir Marie Moloney
Baill Phobal agus Deonach	1.	An tUas. John O'Sullivan
	2.	An tUas. Sean Quinlan
	3.	An tUas. Bill Morrell
Baill An Gharda Síochána	1.	An Ceannfort
	2.	Ceannfort Eile
Baill Fheidhmiúcháin Chomhairle Contae Chiaraí	1.	Bainisteoir Contae, An tUas. Tom Curran
	2.	Stiúrthóir Tithíochta, Pobal & Fiontar, An tUas. John Breen

Comhdhálacha ag a raibh Baill Tofa i 2012

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Ról na Comhairle um Fhorbairt Fiontair a spreagadh trí Thurasóireacht & Spóirt	Óstán Abbey Court, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	5
Seimineár Earraigh AMAI 2012	Óstan Kilmore, Br. Bhaile Átha Cliath, An Cabhán	12
17ú Comhdháil Bhliantúil Réigiún an Iarthair	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir	2
21ú Comhdháil Bhliantúil Chomhshaoil Chiarraí	Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, Trá Lí	1
A - Z Rialtas Áitiúil na hÉireann	Comhairle Contae an Chláir, Inis, Co. an Chláir	1
Feasacht ar Mheabharshláinte & Féinmharú	Óstán na Páirce, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge	9
Scoil Gheimhridh Cholmcille	Ionad Oidhreachta Cholmcille, Gartan, Co. Dhún na nGall	9
60ú Dinnéar Bliantúil Cumann na gCiarraíoch	Óstán Berkeley, Br Lansdún, BÁC	1
Teacht Aniar agus Ullmhú an Phobail	Óstán Malton, Cill Airne	7
Comhdháil Turasóireachta Páirtíocht Trasteorann Eures	Óstán Ballymascanlon House, Dún Dealgan, Co. Lú	2
Toscaireacht LNG na Sionainne	Teach Laighean, BÁC 2.	5
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	8
Seimineár Earraigh LAMA 2012	Óstán Tower, Port Láirge	14
Comhdháil Bhliantúil ACCC 2012	Óstán Newpark, Cill Chainnigh	9

Comóradh Dhónall Uí Chonaill 2012	Reilig Ghlas Naíon, Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Bhliantúil Comhthionól an Deiscirt & an Iarthair	Óstán Newpark, Cill Chainnigh	1
Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	An tIonad Comhdhála,Baile Atha Cliath 1	1
Seimineár Pleanála do Chomhairleoirí	Óstán Patrick Punch, Luimneach	3
Teacht Aniar le linn Athleasuithe	Óstán na Cathrach, Doire	4
Comhdháil Dlí agus Cirt 2012	Teach na gCuntasóirí Cairte, Baile Átha Cliath 1	1
10ú Comhdháil Náisiúnta Turasóirachta	Óstán Dolmen, Br. Chill Chainnigh, Ceatharlach	5
Dréachtrialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2012 Draft	Óstán Westport Plaza, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart	8
Scoil Samhraidh MacGill 2012	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	14
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	3
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Manor West, Trá Lí	2
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	4
Comhdháil Eacnamaíoch Réigiúnach	An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Co. Loch Garman.	2
AMAI	Óstán Shearwater, Béal Átha na Slua, Co. na Gaillimhe	5
8ú Comhdháil Bhliantúil Comhshaol Éireann 2012	Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh	1

Comhdháil Chiarraí Comhshaoil, Cultúir & Oidhreachta	Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, Trá Lí	1
LAMA	Óstán An Earagail, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	7
Comhdháil Dul in Aois	Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Carlton Millrace, Bun Clóidí, Co. Loch Garman	1
Leasú Rialtais Áitiúil II	Óstán Chaisleán Bhun Raite, Co. an Chláir	5
Comhdháil Bhliantúil Cumann Féiltí na hÉireann 2012	Óstán Carlton Shearwater, Béal Átha na Slua, Co. na Gaillimhe	2
Seimineár Cumann Réigiún na hÉireann - Lá Oscailte na hEorpa 2012	Óstán Newpark, Cill Chainnigh	2
Impleachtaí Comhshaoil an Fhuinnimh Ghaoithe	Óstán Westport Plaza, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart	4
Comhdháil Fios ár dTréithe	Óstán Manor West, Trá Lí	2
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	2
Forbairt Phroifisiúnta do Chomhairleoirí	Óstán Chaisleán Bhun Raite, Co. an Chláir	5
Seimineár Oiliúna na mBall Tofa	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	4

Comhdhálacha/Seimineáirthar sáile ag a raibh Baill Tofa i 2012

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Méara Thrá Lí Tim Buckley ag Roghnú Rós Londan	Londain	1
Cuairt Bholscaireachta Leas-Mhéara An Comh. Jim Finucane go Washington & Nua Eabhrach	Nua Eabhrach	1
Cuairt na Féile Pádraig an Mhéara P. Leahy	Nua Eabhrach	1

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €83,699.73 i 2012 ar son láithreachtaí ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag Comhdháil, Seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Mar seo a leanas na sonraí:

Liúntais Taistil agus Cothaithe anso in Éirinn	Liúntais Taistil agus Cothaithe Thar Sáile	Táillí um Chlárú Comhdhála
€81,604.42	€2,095.31	€25,232.38

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Liam Quinlan
Ailtire Sinsearach Feidhmiúcháin: Deirdre Sullivan

"Cinntímid i gcónaí, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, seirbhísí tithíochta agus tacaíocht shóisialta a dhíriú orthu siúd ar chuir an cúlú eacnamaíochta isteach orthu. Is í an phríomhaidhm atá againn ná dóthain cóiríochta a sholáthar ar bhonn slándála agus inacmhainne trí leas a bhaint as na beartais éagsúla um thithíocht shóisialta a bhíonn ar fáil againn."

Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta freagrach as tithíocht shóisialta agus as tacaíocht ina leith a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil i gContae Chiarraí. Tá stoc mor tithíochta beagnach 2,400 aonad againn faoi láthair a cuireadh le chéile trí chláir éagsúla idir fhoirgníocht agus fáil.

Is fíor áfach, toisc laghdú a bheith ar mhaoiniú caipitiúil ón státchiste, go bhfreagraítear anois go minic don ghá le tithíocht shóisialta trí shocruithe éagsúla léasa idir Comhairle Contae Chiarraí agus tiarnaí príobháideacha talún. Seo an rogha anois go príomha do theaghlaigh nach mbíonn ábalta a gcuid riachtanas tithíochta a sholáthar as a stuaim féin. Faoi dheireadh na bliana 2012 cuireadh cóiríocht ar fáil do 644 cliant ar an iomlán sa chontae trín Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

Faighimid an-chuid iarratas anois ar thithíocht shóisialta. Baineann sé seo leis an gcúlú eacnamaíochta agus le teaghlaigh nach mbíonn sé d'acmhainn acu a gcuid riachtanas a sholáthar astu féin.

Bímid ag tacú ar bhonn leanúnach le Daoine gan Dídean trín Ionad Eolais atá ar bun anois againn dóibh, deintear caighdeáin a chur i bhfeidhm i gcóiríocht phríobháideach ar cíos chomh maith le rialacháin is le reachtaíocht eile a bhaineann le polasaí tithíochta agus le tacaíochtaí sóisialta.
Soláthraíonn an Roinn Tithíochta tacaíochtaí pobail agus forbartha maraon le seirbhísí bainistíochta do thionóntaithe chun cabhrú le cách lonnú go sásúil i measc an phobail.

Tugann Comhairle Contae Chiarraí cúnamh deontais freisin do theaghlaigh phríobháideacha trín Scéim Deontas do Dhaoine Scothaosta & agus do Lucht Míchumais chun Tigh a Chur in Oiriúint. I 2012, dáileadh ar an iomlán €3.258m a lig dúinn breis is 600 deontas a bhronnadh trí na scéimeanna éagsúla.

Clár Caipitiúil

Arís bhronn An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil aon dháileadh mór amháin idir Comhairle Contae Chiarraí agus na trí Comhairle Baile.

Fuarthas suim €2.045m agus caitheadh thart ar €1m ar íocaíochtaí a bhí amuigh ar fhoirgníocht is ar fhála éagsúla, don chuid ba mhó bhain siad siúd le Cuntais Deiridh is le dualgais faoi Chuid V. Roinneadh an suim idir na húdaráis ag brath ar na híocaíochtai a bhí amuigh acu féin.

Caitheadh an fuílleach ar fheabhsúcháin ar an stoc tithíochta mar shampla oibreacha um fheidhmiú fuinnimh agus roinneadh an méid sin idir na ceithre húdarás tithíochta.

Cuireadh dáileadh caipitiúil breise €0.9m in iúl dúinn deireadh mí Iúil 2012 faoin gceannteideal 'Clár Oibreacha ar Thithe Sóisialta 2012-2014'. Ón ndáileadh seo ceannaíodh trí thigh chun freastal ar riachtanais speisialta agus tógfar trí chinn de thithe cónaithe aon stór faoin dtuath (ceann amháin in aghaidh bliana go ceann trí bliana).

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Ó Aibreán April 2011 ar aghaidh meastar go bhfuiltear ag freastal go sásúil ar riachtanais aon teaghlaigh a bheidh faoin scéim um chóiríocht RAS. Ní chuirfear iad siúd san áireamh chun aistriú go háit éigin eile faoin RAS ná chun cóiríocht eile shóisialta ach amháin má bhíonn gá faoi leith i gceist mar a mhínítear sa Scéim nua Dáiltí Tithíochta.

- Tháinig 145 tionónta isteach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos i 2012.
- Ar an iomlán bhí 644 teaghlach faoin scéim faoi dheireadh na bliana 2012

Plean um Fheidhmiú Fuinnimh 2012 - Feidhmiú Fuinnimh a fheabhsú i stoc tithíochta údarás áitiúla

Bhí €637,500 ar fáil do na ceithre húdarás tithíochta i gCiarraí chun cur le caighdeáin fheidhmiú fuinnimh i dtithíocht shóisialta. I gceantar Chomhairle Contae Chiarraí deineadh uasghrádú ar 149 áitreabh de chuid an údaráis áitiúla i.e. aischóiriú ar theasdíonadh agus beartais eile um fheidhmiú funnimh.

An Scéim Deontas chun Tithe a chur in Oiriúint do Dhaoine Scothaosta & Do Lucht Míchumais

- Dáileadh iomlán €3.258m i 2012
- Bronnadh deontais ar 600 teaghlach

Cé go bhfaightear 80% d'íocaíochtaí deontais ar ais ón Rialtas Lárnach, mar sin féin bíonn dúshlán roimh Chomhairle Contae Chiarraí ó thaobh foirne agus costas eile de. Is fíor áfach, go bhfeabhsaítear an caighdeán beatha dóibh siúd lena mbaineann an scéim idir dhaoine scothaosta agus lucht míchumais, ina theannta san cruthaítear deiseanna fostaíochta do lucht ceirde na háite a chuireann an obair i gcrích.

An Scéim Cheannaigh ag Tionónta Fadtéarmach 1995 & 2011

- Díoladh 28 tigh i 2012
- Deimhníodh an t-ioncam €0.98m le caitheamh ar fheabhsúcháin tithíochta i gCiarraí
- Deineadh rialacháin náisiúnta chun feidhm dlíthiúil a thabhairt don chinneadh a thóg an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) deireadh a chur leis na scéimeanna ata luaite anso thuas. Ní féidir glacadh le haon iarratas tar éis 31 Nollaig 2012.
- Táthar ag fanacht le breis sonraí faoi scéimeanna eile ceannaigh ón RCPRÁ

Tithíocht Shóisialta

- Fuarthas 54 iarratas nua ar thithíocht shóisialta i 2012
- Meastar 1,601 iarratasóir anois a bheith cáilithe do thithíocht shóisialta
- Tharla 97 tionóntacht nua Comhairle i 2012.
- Tá ag éirí go maith linn maidir leis an Stratéis um Iompar Frithshóisialta a chur i bhfeidhm

Tithíocht Dheonach

D'oscail an tAire Tithíochta 'Clogheresta', Páirc Uí hÁille, Trá Lí 12 Deireadh Fómhair 2012. Bloc árasán is ea é seo de chuid Cumann Tithíocht Dheonach na Ríochta do dhaoine scothaosta a críochnaíodh ní ba luaithe sa bhliain agus tá daoine ina gcónaí anois i ngach ceann de na 22 aonad. Don tionscnamh seo fuarthas cúnamh deontais €3.364m ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil do Thithíocht Dheonach atá ag Chomhairle Contae Chiarraí .
Ina theannta san, chríochnaigh Cumann Meabharshláinte Chiarraí ceithre aonad in Ardmoniel, Cill Orglan ní ba luaithe sa bhliain agus fuaireadar siud maoiniú freisin €0.343m ón Scéim um Chúnamh Caipitiúil.

Suímh Thréigthe/Struchtúir Bhaolacha

Le linn 2012, bhíothas ag díriú go leanúnach ar bhailte móra agus ar shráidbhailte ar na príomhbhóithre turasóireachta agus freisin i gcuid de mhórbhailte an chontae, ar an mórgcóir bhí úinéirí sásta na hoibreacha cuí a dhéanamh nuair a iarradh orthu. Ar an gcuma san seachnaíodh fógraí reachtúla nó iontráil ar an gClár Suíomh Tréigthe.
I 2012, baineadh 10 shuíomh den Chlár Suíomh Tréigthe agus cuireadh dhá cheann bhreise leis.

Anso thíos tá sonraí na mbeartas reachtúla a úsáideadh i 2012 faoin Reachtaíocht um Shuímh Thréigthe.

Gnímh 2012	**Iomlán**
Fograí Alt 8 eisithe	3
Fograí Alt 11 eisithe	2
Éilimh ar Thobhaigh	30
Suímh Thréigthe bainte den Chlár	10
Líon suíomh ar an gclár ag deireadh 2012	87

Fonóta
Fógra Alt 8 – cuirtear in iúl don úinéir go mbeidh an áitreabh ar an gclár muna ndeintear rud éigin faoin mbail tréigthe.

Fógra 11 – cuirtear in iúl don úinéir go mbeidh an áitreabh ar an gclár muna ndeintear rud éigin faoin mbail tréigthe laistigh de thréimhse áirithe.

Tobhaigh – gearrtar tobhaigh ar úinéirí suíomh tréigthe i “gceantari uirbeacha” nach gcomhlionann na riachtanais de réir fógra Alt 11.

TUAIRISC ÓN STIÚRTHÓIR BÓITHRE, IOMPAIR AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Charlie O'Sullivan

Foireann Sinsearach:-

Innealtóir Sinsearach – Oibriú an Ghréasán Iompair: Ger MacNamara
Innealtóir Sinsearach – Oifig um Dhearadh Bóithre
Náisiúnta Chiarraí: Matt Corridan

"Tá sé d'aidhm againn gréasán bóithre chun leas an phobail idir áitiúil agus cuairteoirí a sholáthar, ar bhonn nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana agus a raghaidh chun leas an chontae ar an iomlán idir gheilleagar, comhshaol, cuimsiú sóisialta agus cáilíocht na beatha"

I 2012 infheistíodh beagnach €62.5m idir phleanáil, dearadh, forbairt agus cothabháil don ghréasán bóithre 4,717cm atá againn, tháinig €57.9m den mhéid sin ón gcúnamh deontas stáit. Chaith Comhairle Contae Chiarraí €30.5m ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha.

Dúshlán mór a bhí romhainn sa Chlár Oibreacha Bóithre le linn 2012 ach b'fhiú an iarracht gan dabht. Osclaíodh stráice 3.5cm de bhóthar athailínithe ar an mBóthar Tánaisteach Náisiúnta N69 ag An Ré/An Tulaigh, tá súil go n-osclófar píosa eile 4cm ar an N86 in aice le hAbhainn an Scáil go luath i 2013. Críochnaíodh uachtair ar bhreis is 16cm idir Phríomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Tánaisteacha chomh maith le 228cm de dhromchlaí/neartú ar an ngréasán réigiúnach agus áitiúil.

Críochnaíodh trí chinn de scéimeanna móra um cheansú tráchta ar na bóithre náisiúnta maraon le hobair riachtanach ar an mbonneagar turasóireachta i mBréinlí agus ar Oileán Dairbhre. Tharla dul chun cinn suntasach ar Bhóthar Faoisimh An Neidín agus osclaíodh an nasc i nDaingean Uí Chúis ó Shráid Eoin go Bóthar na Spá go deireanach i 2012.

Críochnaíodh móroibreacha um fheabhas ar shábháilteacht i mBaile Ó Síoda, An Ráth Mhór agus Cathair Saidhbhín.

<u>Seachród Thrá Lí</u>

In ainneoin na drochaimsire tharla dul chun cinn suntasach ar Sheachród Thrá Lí. Tá bealach aonair ann agus débhealach, é 13.5cm ar fhad agus ceanglóidh sé na ceithre Bhóthar Náisiúnta a théann go Trá Lí, an N21, N22, N69 agus an N70. Feabhsófar na ceangail leis an N86 freisin.

Mar chuid den scéim beidh seacht dtimpeallán, ceithre ghabhal agus thart ar 3cm de bhóithre i leataobh. Moltar raon rothar fad an débhealaigh agus slí coisithe/rothar idir an Seachród agus Crosaire na Ceártan.

Tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh go dtí seo is táthar ag súil leis an seachród a chríochnú lár na bliana 2013. Fostaíodh 150 duine le linn na tógainte agus áis mhór a bheidh ann chun infheistíocht a tharraingt chugainn, rud atá riachtanach ar ndóigh chun cur le fostaíocht a bheidh éagsúil agus inmharthana.

Bóthar Iarainn Thrá Lí-An Fhianait

Moladh nasc a dhéanamh idir bhaile Thrá Lí agus An Fhianait fad an seanbhóthair iarainn agus mí Mheán Fómhair tosnaíodh ar an stráice idir Sráid na Carraige agus Cnoc an tSeabhaic. Fuarthas an maoiniu ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Gaiscí Tábhachtacha 2012

Príomhbhóithre Náisiúnta (95cm)

- Leanadh den obair ar Sheachród Thrá Lí a thógaint
- Feabhsaíodh cosáin ar an N23 in aice le hAerfort Chiarraí
- Móroibreacha sábháilteachta ag Baile Ó Síoda

Bóithre Tánaisteacha (335cm)

- Tosnaíodh ar stráice den N86, Abhainn an Scáil go Gort Bréagóg
- Tosnaíodh ar stráice den N69, An Ré/An Tulaigh agus osclaíodh é mí na Nollag
- Móroibreacha sábháilteachta déanta ag An Ráth Mhór agus Cathair Saidhbhín
- Uachtar Cosán déanta ar an N69 Ahalahana go Dún Catha, ar an N70 Dún Ciaráin, An Garrán Iarthach, Na Cealla agus Tooreenasligaun, ar an N71 Caisleán an Locha agus ar an N72 Gortanahaneboy ar chostas €6.3m

Feabhsúchán faoin nDáileadh Deontas um Fheabhsúcháin Áirithe

- Feabhsaíodh cosáin i Sráidbhaile Dubháth
- Feabhsúchain bhreise ar an R561 Abhainn an Scáil agus ar an R569 Poll Gorm go Cill Gharbháin
- Leanadh den Bhóthar Faoisimh An Neidín Thoir a thógaint
- Críochnaíodh Céim 2 de Bhóthar Faoisimh Daingean Uí Chúis agus osclaíodh í mí na Nollag 2012

Bóithre Neamh-Náisiúnta (530cm Bóithre Réigiúnacha & 3757cm Bóithre Áitiúla)

- Caitheadh €30.5m ar bhóithre neamh-náisiúnta a chothú, a fheabhsú agus a riaradh
- Oibreacha sábháilteachta déanta ag seacht n- ionad
- Feabhsaíodh 235cm bóithre réigiúnacha agus áitiúla faoin gClár Athchóirithe agus Feabhsúchán
- Caitheadh €900,000 ar shoilsiú poiblí ar fud an chontae i 2012

Forfheidhmiú agus Sábháilteacht ar na Bóithre

- Scrúdaigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar na Bóithre thart ar 455 cinn de ghearáin m.sh. feithiclí faoi ualach ró-mhór, draenáil, oscailt bhóithre, díobháil do bhóithre, comharthaí ina mbac
- Iniúchadh 311 oibríocha idir údarás áitiúla agus conraitheoirí ó thaobh sábháilteachta de
- Deineadh 1,015 tástáil ábhartha
- Seoladh an Comórtas d'Fhéilire um Shábháilteacht ar na Bóithre a tharla i mbunscoileanna an chontae

Céanna agus Cuanta

- Ceapadh Bainisteoir Cuain/Conláistí Muirí ar Chuan An Fhianait
- Feabhsúcháin déanta ar an nDroichead is ar an gCé Thiar, An Fhianait
- Feabhsúcháin déanta ar dhá Ché, An Dúinín agus Baile an Ridire

Gaiscí Eile

- Cuireadh Sraitéis Iompair Thrá Lí ar taispeáint go poiblí
- Críochnaíodh an carrchlós bun an tsléibhe ag Bréinlí, Gleann Chárthaigh
- Tógadh agus líonadh Scioból Salainn don Chontae
- Tharla deisiucháin ar Dhroichead na Gaoistine agus Droichead na Craige
- Tosnaíodh ar dheisiúcháin ar Lintéar Teeranearagh, Baile an Sceilg

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:

Innealtóír Sinsearach: Tom Sheehy
Innealatóirí Feidhmeannach Sinsearach: – Mick Boyce
John Aherne

Tá an Roinn Comhshaoil i gComhairle Contae Chiarraí freagrach as an gcomhshaol a chosaint sa Chontae trí na Rialacháin, Treoracha agus an Reachtaíocht a bhaineann le Bainistiú Dramhaíola agus le Truailliú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta san, soláthraíonn an Roinn an bonneagar chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil, a athchúrsáil agus a chur de láimh. Tá an Roinn seo freagrach freisin as seirbhísí tréidliachta agus bainistiú fuinnimh.

Eagrú Dramhaíola

Athchúrsáil Dramhaíola
Tá áiseanna athchúrsála ag Comhairle Contae Chiarraí ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh agus ceithre chinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCill Airne, Baile an Mhuilinn, An Neidín, Cathair Saidhhín agus tá ionad mór fóntas pobail le déanaí ag Ionad Athchúrsála and Dramhaíola Chorca Dhuibhne.

- Glacadh le 5,329.20 tonna ábhar athchúrsála i 2012
- Tá 91 Ionad Beir Chuige ann
- Tá 30 Grúpa Pobail páirteach sa scéim 'Is linn an tIonad Beir Chuige'

Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh

- Rugadh 71,066.59 tonna dramhaíola chuig Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh
- Sin méadú 76.6% ar iomlán 2011
    - Chuaigh 65,404.07 tonna go díreach isteach sa Líonadh Talún
    - Tháinig 5,602.52 tonna ón gcúig Stáisiún Aistrithe

Is léir gur méadaíodh an tonnáiste a fuarthas toisc go bhfuil ganntanas cumas líonadh talun ar fud na tíre agus freisin toisc go bhfuil margadh maith ar fáil ó Chomhairle Contae Chiarraí.

Oibreacha Caipitiúla: Líonadh Talún Chiarrai Thuaidh

Céim 9 Forbairt ar Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh
Osclaíodh Oibreacha Forbartha Céim 9 (Cealla 17, 18 & 19) mí Aibreáin 2012.

Bogach Tógtha Comhtháite (ICW)
Chun costas iompair agus cóireála maidir le láisteáite ó Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh a laghdú, tosnaíodh ar ICW a thógaint ar bhonn píolótach ar an láithreán deireadh na bliana 2102. Úsáideann an ICW gnéithe áirithe fásra chun seanláisteáite a chóiriú agus tarlaíonn sé seo ar bhonn nádúrtha. Tá sé i gceist a fháil amach an bhféadfadh an ICW láisteáite a chóireáil ón líonadh talún go ceann 20 bliain tar éis a dhúnta.
Faoi láthair iompraítear an láisteáite i dtancaer bóthair lena chóireáil sa bhfearas cóireála fuíolluisce. Beidh an córas nua i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Aibreáin 2013.

Rialachán Comhshaoil

Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú:

Faoi na hAchtanna um Bhainistiú Bruscair agus na hIonstraim cuí Reachtúla, tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as mórán gníomhaíochtaí dramhaíola sa chontae. D'fhreagair an fhoireann um fhorfheidhmiú dramhaíola breis is 110 tuairisc ón bpobal agus ó áisínteachtaí stáit mar gheall ar ghnímh mar dhumpáil mhídhleathach agus caitheamh bruscair le linn 2012.
Ina theannta san, tá an fhoireann freagrach as réimse leathan áiseanna dramhaíola sa chontae maidir le rialachán agus le monatóireacht. Ar an iomlán bhí ceadúnas ag 37 díobh siúd a bhíonn ag oibriú i gContae Chiarraí agus bhí teastas ag naoi gcinn faoi dheireadh na bliana (2012).

Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Gleo:

Bíonn mórán gníomhaíochtaí ar bun ag an gComhairle, mar shampla-

- Monatóireacht ar cháilíocht uisce an chontae de réir riachtanas an Treoir Chreat Uisce de chuid an AE
- Freagairt do thuairiscí a fhaightear ón bpobal agus ó áisínteachtaí stáit faoi thruailliú uisce
- Réimse leathan reachtaíochta maidir le cáilíocht uisce a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích; san áireamh tá feidhmiú codanna de dhá Phlean Um Bhainistiú Abhantrach, Ceantar an Iardheiscirt agus na Sionainne (glacadh leo siúd faoi Threoir Chreat Uisce an AE)
- Déileáil le truailliú ola agus an cumas freagartha ina leithéid de chás a chothabháil
- An tAcht um Thruailliú Aeir a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích

I 2012 leanadh den bhfeidhmiú go foirmiúil maidir leis na Pleananna úd um Cheantar Abhantrach, tharla cigireacht sa chontae a dhírigh go príomha ar fhoinsi fíoruisce agus ar abhantrach ainmnithe d'éisc shliogán a chaomhnú .

D'fhreagair an fhoireann cigireachta/scrúdaithe do breis is 160 tuairisc ón bpobal agus ó aisínteachtaí stáit faoi thruailliú uisce

Saghas Gearáin	Líon Gearán
Na hAchtanna um Thruailiú Bruscair	405
Na Rialacháin um Thruailliú Gleo	12
Na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola/Cosaint Comhshaoil	116
Na hAchtanna um Thruailiú Uisce	154
Truailliú Aeir	35
Líon iomlán gearán a fuarthas	722

Feasacht Chomhshaoil

Scéim Bóthar a Uchtú
Bunaíodh an scéim seo i 2010 chun pobail áitiúla a bhreith isteach lena bheith gníomhach i nglantachán a mbóithre féin go rialta. Le linn 2012 bhí deich gcinn de ghrúpaí pobail páirteach inti; Lios Tuathail, Tairbeart, Cill Mhaoile, An Cromán, Baile Uí Thaidhg, Oileán Chiarraí, Gleann Fleisce, Gníomh go Leith, An Ráth Mhór agus Oileán Dairbhre. Dá bharr san coimeádtar stádas saor ó bhruscar ar fhad 80cm bóithre sa chontae.

Dáileann Comhairle Contae Chiarraí deontas €500 ar gach grúpa faoin Scéim Deontas um Thionscadail i gcoinne Bruscair. Cuireann an Chomhairle ábhar tacaíochta ar fáil agus féadfaidh na grúpaí fáil réidh leis an mbruscar bailithe ag Stáisiún Aistrithe. Íocadh €4,500 mar iomlán deontas le naoi ngrúpa i rith na bliana.

Rialú Bruscair
Bhain na tionscadail rialaithe bruscair le linn 2012 le cláir fheasachta a chur chun cinn mar an Glantachán Náisiúnta Earraigh, Feachtas um Shalachar Madraí 7rl. Díríodh ar na meáin áitiúla, scoileanna,Coistí Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail. Cuireadh ceamaraí faire ag na hIonaid Beir Chuige is in áiteanna iargúlta aitheanta eile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil a tharlaíonn go mídhleathach.

Tránna Brat Gorm
D'éirigh go breá linn anso i 2012 agus gach aon cheann de na 13 Brat Gorm fós againn ó anuraidh.
Ag seo a leanas na tránna ag a bhfuil stadas Brat Gorm:

- Baile an Sceilg
- An Fhianait
- Baile an Bhuinneánaigh Thuaidhh
- Baile an Bhuinneánaigh Theas
- Inse
- Na Cealla
- Baile Uí Thaidhg
- An Machaire Beag
- Trá na Beannaí

- Ros Beithe
- Doire Fhionáin
- Ceann Trá
- An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)

Gradam Cósta Glas
Bronntar an Gradam Cósta Glas ar thránna ar son glaine timpeallachta, ardcháilíocht uisce agus áilleacht na dúthaí. Don chéad uair riamh bronnadh an Gradam i gCiarraí nuair a bhain Beál Bán (Cuan Ard na Caithne), lámh le Baile an Fhirtéaraigh an Cósta Glas i 2010 agus coimeádadh an stádas arís i 2012.

An Oifig um Fhuinneamh

Oibríonn an Oifig um Fhuinneamh (EO) de chuid an Roinn Comhshaoil i gcomhar le ranna eile na Comhairle chun caomhnú fuinnimh, monatóireacht ar chaitheamh, margadh maith i gcás fearas (m.sh. caidéil, mótair leictreacha, soilsiú agus teas) agus Clár Fuinnimh Inathnuaite na Comhairle a chur chun cinn. Tá an EO freagrach freisin as tairiscint ar sholáthar leictreachais don chontae.

Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2012
Ar an iomlán chaith Comhairle Contae Chiarraí €4,470,000 ar fhuinneamh i 2012. Is iad greille agus breosla iontaise na príomhfhoinsí a bhíonn ag an Údarás Áitiúil. Gintear leictreachas freisin ag an bhfearas hidrileictreach 230kW de chuid na Comhairle ag Loch Coiteáin is caitear an chumhacht úd sa stáisiún cóireála uisce ar an láthair.

I 2012, gineadh 1,091,423kWh agus bhí laghdú €146,222 dá reir ar na billi leictreachais don láthair seo. Ar na foinsí eile fuinnimh inathnuaite a d'úsáid an Chomhairle i 2012 bhí fuinneamh grianda, millíní is slisíní adhmaid. Úsáidtear caidéal teasa agus teicneolaíocht CHP leis in áitribh na Comhairle chun an méid príomhfhuinnimh a chaitear a laghdú.

Gnímh Déanta i 2012
Bhí scata tionscadal um fheidhmiú fuinnimh ar siúl ag Comhairle Contae Chiarraí i 2012. Fuarthas cúnamh airgeadais ón SEAI faoin scéim Feidhmiú Fuinnimh sa Láthair Oibre chun tionscnaimh fheabhsaithe a chur i gcrích. Orthusan a críochnaíodh i 2012 tá:

- Córas aerú spréite bolgán anois sna taischumair i bhFearas Cóireála Fuíollusce Lios Tuathail in ionad aerú ingearach a bhíodh ann.
- Suiteáladh trí chinn de choirí gháis chomhdhlúite in Áras an Chontae
- Feabhsaíodh éifeachtúlacht na gcaidéal i:
    - Stáisiún Caidéalaithe Slugaire (PS)
    - Fearas Cóireála Uisce Ladhair an Chrompáin (WTP)
    - Fearas Cóireála Uisce Oileán Chiarraí (WWTP)
    - PS Bhaile Uí Thaidhg
    - PS Bhaile an Fheirtéaraigh
    - PS An Leaca Bháin

- Uasghrádú ar an gcóras téite i WTP Ladhair an Chrompáin

Ar na tionscadail um fheidhmiú fuinnimh a bhíonn ar siúl ag Údarás Aitiúla Chiarraí is a críochnaíodh i 2012 bhí:

- Leictreachas a ghiniúint o ghás Líonadh talún: gineadh 1,903,000 kWh leictreachais ó ghás líonadh talún ag Laithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh i 2012 agus fuair Comhairle Contae Chiarraí dleachta €39,011 dá bharr. Ina theannta san baintear den Udarás Aitiúil trín gcóras seo an t-ualach costais a bhíodh orthu maidir le bonneagar lasta agus bailithe.
- Tharla tairiscint chun leictreachas a sholáthar do cheangail uaséilimh ar bhonn meánach agus íseal. Críochnaíodh tairiscintí iomaíoch leis do shuímh eile ar éileamh íseal trín gcomórtas beag a bhíonn ag an tSeirbhís Náisiúnta Fála do na hÚdaráis Áitiúla.
- Cothaítear táscairí um fheidhmiú fuinnimh sna stáisiúin aistrithe bruscair, fearais chóireála uisce agus stáisiúin chaidéalaithe.
- Tharla uasghrádú chun cur le héifeachtúlacht ag na stáisiuin seo a leanas um chaidéalú fuíolluisce de chuid Comhairle Baile Thrá Lí: Ashley Downs, Tobar Mhaigh Doire, Sráid Deini, Bóthar Chaisleán na Mainge, Na Cloichir, Cathair Uí Mhóráin agus Droichead Mulgrave
- Uasghrádú soilsí ag clós innealra Sráid na Carraige, Trá Lí de chuid Chomhairle Baile Thrá Lí
- Suiteáladh coire ardfheidhmithe LPG i Halla an Bhaile, Trá Lí
- Ceanglaíodh bunscoil Tobar Mhaigh Doire agus Leabharlann Thrá Lí leis an scéim cheantar théite le millíní adhmaid a críochnaíodh i 2012
- Leathnaíodh an scéim cheantar théite le millíní adhmaid go dtí 35 tigh eile
- Tharla uasghrádú ar an gcóras téite agus cureadh isteach fuinneoga nua i gcuid na n-oifigí i Halla an Ághasaigh, Trá Lí.

An tSaotharlann

Is é ról na saotharlainne seo ná monatóireacht a dhéanamh ar chomhshaol Chontae Chiarraí agus ar na gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm air, de réir reachtaíocht Chomhshaoil agus Sláintíochta idir náisiúnta agus AE.

Clúdaíonn reachtaíocht chomhshaoil fíoruisce inólta, aibhneacha, lochanna, uiscí snámha, diúscairt fhuíolluisce is diúscairt tionsclaíoch cheadúnaithe. Is iad a oibríonn air ná talmhaíocht, tionscail agus bainistiú bruscair idir bhardais agus bruscar tí.

Tógann foireann na saotharlainne samplaí go forleathan ar fud na háite. Scrúdaíonn an fhoireann na samplaí go mion ar an láthair nó sa tsaotharlann lárnach i dTrá Lí maidir le paraiméadair áirithe idir bhitheolaíoch, fisiceach, ceimiceach agus micribitheolaíoch. Go deimhin tá an tsaotharlann úd freagarach as anailís a dhéanamh ar 95% de na pharaiméadair shainordaitheacha, rud a spárálann an-chuid costas.



As 26 pharaiméadar a ndeineann an EPA measúnú orthu trína scéim um éifeachtúlacht saotharlanna, tá saotharlann Chomhairle Contae Chiarraí ar naoi gcinn as an iomlán 104 áiseanna dá leithéid atá ar chlár an EPA le measúnú a dhéanamh ar na 26 cinn.

Is í príomhthosaíocht na Saotharlainne faoi láthair ná an riail go gcaithfidh gach aon saotharlann a sheolann sonraí chuig an EPA agus an AE creidiúint a bhaint amach faoin gcaighdeán ***ISO 17025*** faoin mbliain 2015. Tosnófar ar an bpróiseas cuí chun díriú ar an gcreidiúint úd i 2013.

An tSeirbhís Tréidliachta

Bíonn na seirbhísí tréidliachta ag Comhairle Contae Chiarraí freagrach as an gConradh Seirbhíse leis an Údarás um Shábháilteacht Bia a bhainistiú agus a riaradh, as rialú madraí agus capall, rialú galar ainmhithe agus rudaí eile gaolmhara dá réir.

Le fada an lá tá an tseirbhís maor madraí ar na cinn is fearr riartha sa chontae agus an dara háit bainte amach ag Ciarraí sa léig náisiúnta don líon ceadúnas madraí le deich mbliana anuas.

Faoin seirbhís rialú madraí bíonn leibhéal ard géilliúlachta i gcónaí maidir leis an Acht um Rialú Madraí.

Trí shuíomh na Comhairle tá beartas dearfach gníomhach ar bun againn i gcomhar le heagraíocht áitiúil um leas ainmhithe chun bailte a aimsiú do mhadraí ar strae nó iad siúd a dtugtar droim láimhe dóibh.

Aimsíodh baile nua do 389 madra i 2012 agus bhí méadú ar an líon madraí a ndeineadh eotanáis orthu le linn na tréimhse céanna.

I 2012 tugadh isteach an tAcht um Bhunachas Pórúcháin Madraí. San Acht úd dírítear ar “fheirmeacha coileán” agus is maith an rud é nar thángthas ar aon rud dá leithéid sa chontae.

Maidir le rialú capall, fostaítear comhlacht phríobháideach slándála chun feidhmiú ar son na Comhairle. Leantar go héifeachtach sa tSeirbhís Tréidliachta den tacaíocht a thugtar do Thionscnamh Capall Thrá Lí agus is maith linn a fhógairt go bhfuil feabhas tagtha ar an gcomhoibriú le húinéirí na gcapall. Leanfar den Acht um Rialú Capall 1988 a chur i bhfeidhm agus den ghníomhú dá réir nuair is gá.

Le linn 2011 deineadh scrúdú Réamhbháis agsu Iarbháis ar na hainmhithe a maraíodh i seamlais de chuid Comhairle Contae Chiarraí sular cuireadh an marc sláinte orthu. Leantar den dtarraingt atá le déanaí ar bhia a tháirgtear go háitiúil agus cruthúnas ar an bhfíric sin is ea líon na seamlas atá fós anso i gCiarraí, 16 cinn ar fad cé go bhfuill laghdú orthu ar fud na tíre.

Dealraíonn sé go mbeidh an-bhaint ag táirgí áitiúla bia le forbairt gheilleagair na tire go ceann na ndeich mbliana atá romhainn agus tacóidh an tSeirbhís Tréidliachta leis an bhforbairt úd trí chúnamh a thabhairt do ghnóthaí nua nuair is cuí.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:
Innealtóir Sinsearach *(Oibriú): John Kennelly*
Príomhoifigeach Dóiteáin (Gníomhach):
Vincent Hussey

Oibriú na Seirbhísí Uisce

Tá sé de dhualgas ar dtús ar an Roinn Seirbhísí Uisce (Oibríochta):
(a) Fíoruisce slán sábháilte a sholáthar do chách
(b) Cóireáil Fuíolluisce a bhainistiú chun cur le cosaint chomhshaoil
(c) Leithris Phoiblí a sholáthar agus a chothú mar a bhfuil gá leo
(d) Dóthain spás adhlactha a sholáthar de réir riachtanas an chontae anois agus sa todhchaí."

Soláthar Uisce Poiblí
I 2012, chuir Comhairle Contae Chiarraí thart ar 29.45 milliún méadar ciúbach (29.45 billiún líotar) fíoruisce inólta ar fáil do 130,000 custaiméir trí 60,000 ceangal uisce. **Tagann an t-uisce ó 59 scéim soláthar uisce poiblí atá ceangailte le breis is 90 foinsí uisce ar leith sa chontae.**

Deineadh 104 ceangal nua le huisce agus 17 ceangal nua le fuíolluisce i 2012.

Tharla mórfheabhsúcháin in áiteanna ar fud an ghréasán soláthar uisce le linn 2012. Maoiníodh iad seo trí acmhainní Comhairle Contae Chiarraí agus trí dheontais freisin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ).

Ar na hoibreacha úd i 2012 bhí

- Móroibreacha slainte agus sábhailteachta ag na taischumar i Scéim Solathar Uisce Réigiúnach Ciarrai Thoir Thuaidh ag Lahardane Baile an Bhuinneánaigh, Hearthill-Baile Dubh, An Tearmann-Tairbeart agus Leana Mhór Béal Átha Longfoirt.
- Suiteáladh taischumair nua ceimiceacha ag WTP An Dromain NEKRWSS.
- Suiteáladh caidéil nua ag WTP An Dromain NEKRWSS .
- Cuireadh comhlaí laghdaithe brú isteach sa ghréasan príomhphíopaí uisce i mBaile an Bhuinneánaigh.

- Leagadh príomhphíopaí nua ag Baile an Chláir agus Ballinacourty in Abhainn an Scáil is ag Cill Mhaolchéadair, An Curraichín Trá Lí, Droichead Farmers', An tImleach Mór Thiar agus Dún Géagáin i mBaile an Sceilg.
- Cuireadh sínte le príomhphíopaí ag An Ré Cill Flainn, Baile an Tóibínigh Trá Lí agus trá An Rinn Rua i mBaile an Sceilg.
- Leagadh gaineamh nua scagtha ag WTP Daingean Uí Chúis agus An Cabhlach Cathair Saidhbhín maraon le píopaí seasta ag na leapacha scagtha sa Chablach.
- Suiteáladh bálcomhlaí nua sna taischumair Gualainn i Lios Póil, Keelballylahive i gCaisleán Ghriaire, Baile Mór i nDaingean Uí Chúis, Málainn i gCathair Saidhbhín, An Mhaoilinn i mBaile an Sceilg, Behaghanes An Siopa Dubh agus Cúm na hEorna Thoir is Gowlanes i gCathair Dónaill
- Píopaí iarainn insínte nua ag Baile Ó Síoda agus Lios Ard Bhuaile i dTrá Lí
- Bunaíodh nasc raidió idir Tigh Caidéalaithe agus taischumar Baile an Tóibínigh gar do Thrá Lí ar an CRWSS.
- Cuireadh isteach braiteoirí comhréidh ag taischumair Churchill agus Baile Mhic Adaim
- Tharla tírdhreach gairneoireachta agus cuireadh clathacha ag taischumar Madam's Height, Cill Airne
- Obair shuntasach ar chlathacha agus eile ag taischumair i gceantar mór Chill Airne
- Uasghrádú ollmhór ar an gcóras agus rialú caidéalaithe in Ard Fhearta Thuaidh (sraith amháin caidéal) ar son éifeacht mhór costas. Tháinig 45% den mhaoiniú trí dheontas ó Údarás um Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann
- Suiteáladh stáisiún nua treiseora caidéalaithe ag An Gleann chun an nasc le WSS Baile An Sceilg a éascú
- Suiteáladh comhla nua chun brú a laghdú ar an bpríomhphíopa uisce ón gCabhlach go Cathair Saidhbhín
- Cuireadh caidéal nua agus glacadóir raido ag foinse an tobair thollta ag WSS Sosadh Baile An Sceilg WSS.
- Suiteáladh méadair nua inlíne ag WTP An Cabhlach Cathair Saidhbhín, Málainn Cathair Saidhbhín, An Caladh, An Coireán, Sosadh Baile An Sceilg agus An Gleann
- Cuireadh híodraint dóiteáin agus comhlaí Sciúrtha nua i gCathair Dónall, Ceann an Uain Baile an Ridire agus Cathair Saidhbhín
- Cuireadh méadair ar na príomhphíopaí ag Ceann Eich An Coireán, An Bhinn Bhán An Coireán, Príomh-Shráid Cathair Saidhbhín, An Gleann Beag Cathair Dónaill, Skehanagh An Siopa Dubh, Lios Íochtar An Siopa Dubh, An Ráth Cathair Dónaill, Ceann an Uain Cathair Dónaill agus Fearann na hAbhann An Coireán.
- Soláthar uisce anois ag bhfearas cóireála fuíolluisce i dTóchar
- Dúnadh uathoibritheach clóirín ag Loch Coiteáin
- Feabhsaíodh an teacht isteach i mBréinlí
- Treisíodh an clóiríniú ar cheithre shuíomh ag Scéim Soláthar Uisce An Dromain
- Córas nua SCADA ag Scéim Soláthar Uisce Ard Fhearta Thuaidh/Gleann Doire
- Córas nua SCADA ag Oileán Dairbhre, Ard Fhearta Theas, An Ghráig Graig agus Tíorabháin
- Uasghrádú ar na taischumair Chiarraí Láir agus Cathair Dónaill
- Stóras sludaigh in Inse agus i nDaingean Uí Chúis

- Réitíodh ceisteanna um thréimhse teagmhála ag An Coiteán, Bréanainn agus Abhainn an Scáil

Liosta Gníomh Feabhsúcháin (R.A.L.)

I 2008, chuir an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil do Liosta Gníomh Feabhsúcháin maidir le Soláthar Fíoruisce Poiblí. Fuair Comhairle Contae Chiarraí €9.863 milliún mar mhaoiniú RAL i 2008 agus €5.716 milliún mar mhaoiniú breise i 2010.

Tharla uasghrádú suntasach ar na scéimeanna soláthar uisce poiblí ar fad sa chontae mar atá díghalrú, aláraim agus fearas monatóireachta.

Tharla Oibreacha chun Cóireáil a Uasghrádú ar na scéimeanna seo a leanas i 2012;

- Ard Fhearta Thuaidh
- Cathair Saidhbhín
- An tSnaidhm,
- Abhainn an Scáil
- Áth an Chaisle
- Baile Breac
- Baile Mór
- Cill Gharbháin
- Srón
- Barra Dubh
- An Ráth Mhór
- Bréinlí
- Imleachpéiste
- Ceann Trá
- An Com
- Caisleán Ghriaire
- Lios Cearnaigh
- An Mhin Aird 3,
- An Fheothanach
- An Mhuiríoch
- Baile na nGall.

Díchoimisiúnaíodh na scéimeanna seo a leanas agus tá soláthar anois acu ó na scéimeanna uasghrádaithe;

- Gleann Beithe (John Falveys)
- An Mhin Aird Uimh. 2
- Dubháth
- Fán
- Gleann Fán
- Baile an Lochaigh

Meastar go ndéanfar díchoimisiúniú ar 20 scéim eile fós i 2013.

Bhain an EPA na 10 scéim seo a leanas den Liosta Gníomh Feabhsúcháin i 2012.

Scéim Soláthar Uisce	Daonra Freastail	Dáta bainte den RAL
Baile Mór	1,040	Samhain-12
An Ráth Mhór	850	Samhain -12
Abhainn an Scáil	480	Samhain -12
Baile Breac	630	Samhain -12
An tSnaidhm	470	Samhain -12
Baile an Lochaigh	50	M Fómh-12
Mhin Ard 2	180	Bealtaine-12
Ard Fearta Thuaidh	1,820	Bealtaine -12
Ciarraí Láir	9,970	Bealtaine -12
Gleann Fán	50	Bealtaine -12

Fuíolluisce Poiblí

Ar an iomlan oibrítear 6 fearas cóireála fuíolluisce poiblí agus 32 áis chéadcóireála sa chontae.
Tá Fearas Cóireála Fuíolluisce An Coireán á thógaint faoi láthair mar chuid de chonradh Dearadh Tógaint Oibriú. Beidh sé seo ag feidhmiú an bhliain seo chugainn 2013.

Ar an uasghrádú suntasach a deineadh ar an mbonneagar fuíolluisce i 2012 bhí:

- Fearas Cóireála Fuíolluisce Oileán Chiarraí: Suiteáladh córas aeraithe um fheidhmiú fuinnimh
- Fearas Cóireála Fuíolluisce Cill Orglan : Cuireadh isteach sciathbhrait inraoin nua
- Fearas Cóireála Fuíolluisce Chathair Saidhbhín : Cuireadh isteach sciathbhrait inraoin nua
- Fearas Cóireála Fuíolluisce Lios Tuathail : Suiteáladh córas aerú spréite um fheidhmiú fuinnimh
- Fearas Cóireála Fuíolluisce Mhaigh Mheáin: Cuireadh isteach fearas nua pacáiste aerú spréite
- Fearas Séarachais An Tóchar: Bunaíodh soláthar uisce
- Fearas Cóireála Fuíolluisce Thrá Lí: Feabhsaíodh an próiseas cóireála agus deineadh uasghrádú ar na stáisiúin caidéalaithe
- Cuireadh córas fillte sludaigh uathoibritheach ag Baile an Bhuinneánaigh

Uisce Tuaithe

Is í Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is í an Roinn Seirbhísí Uisce a chabhraíonn le Grúpscéimeanna ar bhonn riaracháin agus innealtóireachta. Ar an iomlán forbraíodh 509 Grúpscéimeanna Uisce i gCiarraí agus ghlac Comhairle Contae Chiarraí le 194 díobh mar mhuirear orthu féin agus iad siúd anois á riaradh acu.

I 2012 tharla Uasghrádú Sula nGlacfaí leo mar Mhuirear ar cúig Grúpscéim Uisce.

<u>Gaiscí Tábhachtacha i 2012</u>

- Chaith Comhairle Contae Chiarraí €850,000 ar Ghrúpscéimeanna Uisce a chur chun cinn. Faoi chonarthaí príobháideacha tógadh fearais nua cóireála ag Damhros agus Tuath Ó Siosta. Seo iad na céad fearais iomlán nua cóireála uisce faoin gClár Uisce Tuaithe i gCiarraí
- Le linn Uasghrádú Sula nGlacfaí leo mar Mhuirear leagadh breis is 10.5cm píopaí ag GWSS Ballantourig, GWSS Ros Dochan agus GWSS Clann Mhuiris

- Tógadh Grupscéim Soláthar Uisce nua amháin ag An Chathair Thoir, Cill Gharbháin mar a bhfuil 650m píopaí á ceangal leis an bpríomhphíopa poiblí
- Caitheadh €733,000 fós ar oibreacha breise, go háirithe um cháilíocht uisce a fheabhsú i scéimeanna beaga uisce poiblí
- Fuarthas 18 iarratas ar Dheontas Tobair
- Bronnadh íocaíochtaí fóirdheontais ar 62 ceann de Ghrúpscéimeanna

Caomhnú Uisce:
As an dTionscnamh Caomhnú Uisce a bunaíodh i 2005 is ea a d'eascair an tAonad um Chaomhnú Uisce a oibríonn anois mar Aonad lárnach Gnó laistigh den Roinn (Oibríocha) Seirbhísí Uisce.

Dírítear ar Chaomhnú Uisce sa bhainistíocht ghníomhach, leagtar an bhéim ar rialú sceitheadh agus ar diomailt uisce a laghdú, rud a laghdaíonn éileamh ar uisce agus a ghineann spáráil ó thaobh costas táirgeadh uisce de. Ina theannta san is cosaint é an Caomhnú Uisce ar an infheistíocht chaipitiúil a tharla sna Seirbhísí Uisce.

Ar an meán táirgeadh 99,980 méadar ciúbach in aghaidh an lae i gCiarraí le linn na bliana 2006, ní raibh i gceist i 2012 ach 80,458 méadar ciúbach in aghaidh an lae agus sin laghdú 20%. Is ionann san agus laghdú 7.1 milliún méadar ciúbach a táirgíodh i 2012.

Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de ghnáthdhualgais laethúla na bhfoirne speisialta chuige sin. Ó lár na bliana 2006 aimsíodh/deisíodh thart ar 4,300 sceitheadh sa Chontae.

Clár Athchóirithe Priomhphíopaí:
Mar chuid de Chéim 3 den gClár um Chaomhnú Uisce, d'ullmhaigh an tAonad Caomhnú Uisce Clár Athchóirithe Príomhphíopaí agus seoladh naoi bpacáiste Oibreacha Athchóirithe Príomhphíopaí idir Iúil 2011 agus Iúil 2012 chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoin gClár Infheistíocht i Seirbhísi Uisce (WSIP) 2010 – 2013.

Sna haighneachtaí úd moladh 67 cinn de phríomhphíopaí nua ar chostas measta €12,742,907.

Go dtí seo cheadaigh an Roinn buiséad iomlán €10,616,886 chun 57 cinn de na príomhphiopaí úd a sholáthar sa chontae.

Reiligí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as na 141 reilig atá faoina gcúram nó ar leo féin iad a stiúradh agus a chothabháil. Is suímh seandálaíochta iad 92 reilig sa chontae agus cosnaítear iad siúd faoin Acht um Shéadchomharthaí, caithfear cead speisialta a lorg roimh ré chun obair a dhéanamh is déantar maoirseacht uirthi. Ní mór a bheith fíorcháiréiseach agus tuisceanach sna cúrsaí úd.

Agus maoiniú ag dul i léig le blianta beag anuas, tá fíorthábhacht le saothar na ngrúpaí pobail a bhíonn ag cothabháil is ag coimeád slacht ar reiligí. Tá breis is 50 coiste anois gnóthach ina leith agus táthar ag súil le cur leis an líon sin. Tá feabhas an-mhór ar reiligí áirithe an Chontae dá bharr san. Táimid go mór faoi chomaoin ag lucht a dhéanta agus margadh maith ar fáil againn i gcónaí is sinn ag plé leis na grupaí céanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2012

- Dhein an Chomhairle uasghrádú suntasach ar roinnt reiligí i 2012 mar chuid den gclár leanúnach feabhsúcháin. Síníodh an gréasán cosán agus feabhsaíodh an bonneagar i Reilig Nua Chill Airne, Kilfeighney Cill Flainn, An Caladh, Dubháth, An Clochán, Baile Uí Thaidhg, Ballynakilla Gleann Beithe, Baile An Sceilg, Eanach agus Cill Chuimín.
- Críochnaíodh Tuairiscí Caomhnaithe maidir le Abbey Island, Doire Fhionáin is Droim an Bhaile, Cill Orglan agus fuarthas cuid den mhaoiniu ón gComhairle Oidhreachta.
- Críochnaíodh oibreacha a chuir síneadh leis an reilig i mBaile Uí Bhaoithín.
- Críochnaíodh oibreacha Caomhnaithe ar Kyrie Eleison, Mainistir Ó dTorna.
- Bhí clár ag an gComhairle i 2012 chun tuamaí gránna nó baolacha a dhúnadh ar fud an chontae is tá sé sin déanta anois.
- Tá deireadh freisin leis an bpróiseas pleanála poiblí 'Cuid 8' don reilig nua atá molta ar an gCromán.
- Lorgaíodh tairiscintí go deireanach i 2012 chun síneadh a chur leis an Reilig i Scairteach an Ghlinne agus bronnfar an conradh go luath i 2013.
- Leanadh i 2012 den eidhneán a bhearradh is de chrainn a chóiriú, rud a chuir go mór le dreach na reiligí úd. Chuige sin tharla mórchomhairliúcháin leis an Seandálaí Contae.
- Foilsíodh leabhrán ardchaighdeáin 'The Unquiet Grave: the Development of Kerry's Graveyards through the Ages', a mheasann tábhacht na reiligí trí staidéar a dhéanamh orthu féin is ar na séadchomharthaí a fhaightear iontu. Ba é Michael Connolly, an Seandálaí Contae, a chuir in eagar.

Leithris Phoiblí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as 29 Leithreas Poiblí ar fud an chontae - Daingean Uí Chúis, Baile an Bhuinneánaigh (2 ceann), Baile Uí Thaidhg, Baile An Sceilg, An Bheannach, Cathair Saidhbhín, An Cromán, Oileán Chiarraí, Caisleán Ghriaire, An Fhianait, Fionntrá, Bearna an Chuimín, Inse, Na Cealla, An Neidín, Cill Orglan, Baile an Ridire, Na Machairí (Trá Béal Geal), An Caladh, Ros Beithe, Cé An Scragáin (Na Machairí), An tSnaidhm, An Stéig, Tairbeart, An Coireán agus An Trá Bán.

Bíonn socruithe éagsúla oibríochta maidir leo seo. Don chuid is mó bíonn feighlí ar bhonn páirtaimsearatha ach is grúpaí pobail a thugann aire do sheacht gcinn mar atá Baile an Bhuinneánaigh (2 ceann), An Caladh, An tSnaidhm, An Coireán, Na Cealla agus Baile an Ridire.

Tá an Chomhairle go mór faoi chomaoin ag lucht na ngrúpaí seo agus margadh maith ar fáil againn i gcónaí uathu. Ina theannta san bíonn sárobair ar ardchaighdeáin ar bun acu i gcónaí.

Tharla móroibreacha uasghrádaithe ar an áis sa Neidín i 2012 agus in áiteanna eile tharla mionoibreacha mar thíleanna nua is péinteáil.

Tionscadail um Mhargadh Maith

I 2012, spáráladh an-chuid airgid sa roinn Seirbhísí Uisce (Oibríocha) trí chleachtais nua maidir le modhanna oibre agus le fáil earraí is seirbhísí. Spáráladh breis airgid arís trí pháirt ghníomhach a glacadh i dtionscadail fheidhmiú fuinnimh, go háirithe sa Scéim Feidhmiú Fuinnimh sa Láthair Oibre, scéim a fhaigheann cuid den mhaoiniú ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Ar an gcaiteachas a spáráladh i 2012 trí chleachtais nua oibre agus fála bhí:

- Spáráladh suas le €50,500 i 2012 trí chóras lárnach fála chun Taischumair a ghlanadh.
- Spáráladh thart €37,000 trí Chonradh Lárnach i gcás sludach séaraigh a iompar ó thrí cinn de WWTP.
- Bunaíodh Creat Conarthaí do cheirdeanna mar leictreoir, feisteoirí agus teicneoirí uirlisí agus spáráltar suas le 25% anois ar rátaí na seirbhísí úd in aghaidh uair a chloig.
- Ceannaíodh 5 feithiclí scuaine trín tseirbhís náisiúnta fála NPS agus spáráladh €17,500
- Spáráltar airgead mór i gcónaí trín gCóras Údarás Áitiúla um Tairiscintí Fearas ar Cíos agus i mbliana 2012 spáráladh thart ar €35,000.

Cuireadh na tionscadail seo um Fheidhmiú Funnimh i bhfeidhm i 2012, iad siúd faoin Scéim Feidhmiú Fuinnimh sa Láthair Oibre (BEW) a fhaigheann maoiniú ó Údarás Funnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) san áireamh:

- Suiteáladh 2 caidéal um ardfheidhmiú fuinnimh i staisiún caidéalaithe Slugaire.
- Feabhsaíodh fuinneoga, córas teasa agus teasdíonadh ag WWTP Ladhair an Chrompáin.
- Laghdaíodh méid caidéalaithe sludaigh ag WWTP Oileán Chiarraí.
- Suiteáladh córas aerú spréite mínbholgán ag WWTP Lios Tuathail.
- Suiteáladh 2 caidéal um ardfheidhmiú fuinnimh i stáisiún caidéalaithe Bhaile Ui Thaidhg.
- Suiteáladh caidéil um ardfheidhmiú fuinnimh agus mótair i stáisiún caidéalaithe fuíolluisce Bhaile an Fhirtéaraigh
- Suiteáladh 2 caidéal um ardfheidhmiú fuinnimh ag WWTP Ladhair an Chrompáin.
- I 2012 bheartaigh an Roinn Seirbhísí Uisce dul isteach le tionscnamh um fhuílleach gáis ag Fearas Cóireála Fuíolluisce (WWTP) Thrá Lí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontar Éireann. Tá sé i gceist teas agus leictreachas a ghiniúint

agus an diúscairt sludaigh a laghdú dá réir. Meastar go mbeidh maoiniú thart ar €266,000 ag teacht ó Fhiontar Éireann trín Ionad Teicneolaíochta um Bhithscagadh agus Bithfhuinneamh €266,000.

- Soláthar Céimneach i gcás Tháscairí Feidhmiú Fuinnimh (EPI) ag WWTP Thrá Lí, WWTP Lios Tuathail, WWPS Clós Uí Chearbhaill Lios Tuathail, WWPS Tea Lane Lios Tuathail, WWTP Máigh Mheáin, WTP Ladhair an Chrompáin, WWPS Daingean Uí Chúis agus WWPS Sraid an Ché Cathair Saidhbhín chun cur le tíosacht maidir le húsáid cumhachta.
  - Trín tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) do sholáthróirí leictreachais spáráladh an-chuid costais ar tharaif leictreachais.
  - Toisc sinn a bheith páirteach sa Scéim um Laghdú Beannéileamh Geimhridh i 9 Láthair Seirbhísí Uisce spáráladh an-chuid airgid arís i 2012.

De bharr na mbeartas úd go léir um fheidhmiú fuinnimh meastar go spáráltar thart ar €47,000 ar chúrsaí fuinnimh in aon bhliain amháin.

Caipiteal Seirbhísí Uisce

Tá an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce freagrach as bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar don chontae, san áireamh bíonn scéimeanna nua a dhearadh agus a riaradh trín gcéim tógála. Go príomha tagann maoiniú seachtrach don obair a dheineann an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce ó na foinsí seo:

- An Clár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- An Clár Uisce Tuaithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

De ghnáth caitheann Comhairle Contae Chiarraí síntiús nach beag óna cuid maoiniú féin a chur leis an méid a fhaightear, de ghnáth idir 10% agus 36% den chostas iomlán.

Dul Chun Cinn an Aonad Caipiteal Seirbhísí Uisce 2011

Bhí an roinn an-ghnóthach le linn 2012 agus 27 fearas cóireála uisce á thógaint maraon le hathchóiriú a dhéanamh ar phríomhphíopaí i 16 ceantar sa chontae. Laistigh den chomhairle fhéin a tharla an dearadh is an bainistiú tionscnaimh ar fad. I 2012 leis tosnaíodh ar Fhearais Chóireála Uisce & Fuíollusce An Choireán (€8.7) agus Taischumar An Scairt (€3.5m).

Tá léiriú anso thíos ar dhul chun cinn sna tionscnaimh le linn 2012.

Dul Chun Cinn an Aonad Caipiteal Seirbhísí Uisce 2011

2012 Dul chun cinn	Tionscnaimh	Meastachán
Tógaint Chríochnaithe	RAL –Feabhas ar Uisce– Cill Gharbháin,Baile Mór, Srón, Barra Dubh, Ard Fearta Thuaidh, Bréinlí, An Ráth Mhór, Imleachpéiste, Baile an Lochaigh, An Mhin Aird 2	€3.60m
Tógaint Tosnaithe agus Críochnaithe	RAL – Aláraim agus Monatóireacht	€0.20m
	Caomhnú Uisce – Athchoiriú Príomhphíopaí – Moladh Uimh 2 – Obair Dhíreach Contae	€1.84m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Píopaí Luaidhe Bhaile Thrá Lí	€0.06m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Baile Ó gCarráin	€0.21m
Tógaint Tosnaithe agus fós ar siúl	An Coireán WSS & SS – Conradh Dearadh Togaint Oibriú	€8.70m
	Córas Soláthar Uisce Réigiúin Láir – Taischumar An Scairt	€3.50m
	RAL – 7 Fearas Cóireála Uisce – An Fheothanach, An Mhin Aird 3, An Mhuiríoch, Baile na nGall, An Com, Caisleán Ghriaire, Ceann Trá, Lios Cearnaigh	€2.77m
	RAL – 8 An Daingean Fearais Chóireála Uisce – An Clochán, Baile an Féirtéaraigh An Cat Dubh, Baile an Féirtearaigh Leataoibh, Baile an Féirtéaraigh Riasc, Cé Bhréanainn, Cill Mhaolchéadair, Dún Chaoin, Baile an Mhuilinn (Poll Gorm)	€3.42m
	RAL – An Cheapaigh Thiar, Baile Uí Bhaoithín, Gleann Doire Tír na gCliath	€0.57m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Moladh Uimh 7 – Obair Dhíreach Contae	€1.95m
Dearadh ag dul ar aghaidh	RAL- Cathair Dónall, An Siopa Dubh, An Caladh, Málainn, An Mhin Aird 1, An Daingean, Inse, Baile an Sceilig, An Ghleann, Loch Cárthaí, An Láithreach, An Teampall Nua & Staid an tSléibhe	€4.61m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Trá Lí	€2.64m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Doire, Lios Tuathail	€1.16m
Ceadaíodh Réamhthuairisc agus Tairiscint d'Oibreacha ar aghaidh	Scéim Séarachais Tairbeart	€2.00m
EIS agus Ceadaíodh Réamhthuairisc	Scéim Séarachais Ard Fearta	€3.05m
CPO agus Ceadaíodh Réamhthuairisc	Scéim Séarachais Béal Atha Longfoirt	€1.70m
Cápeisí Conartha Dearadh Athbhreithniú agus Ullmhú	Scéim Soláthar Uisce Réigiúin Láir - Cóiriú	€25.40m
Breis Eolais/Aighneachtaí chuig RCPRÁ	Scéim Séarachais An Fhianait	€3.65m
	Scéim Séarachais Cill Choimín	€2.60m

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí

Leanadh den uasghrádú ar Scuaine Seirbhís Dóiteáin Chiarraí le linn 2012.

Fuarthas Inneall Uisce nua agus Fearas Dóiteáin Dennis Rang B a ceannaíodh sa RA.

Ina theannta san ceannaíodh ceithre jíp 4x4 le feidhmiú ar/as bóthar le linn drochaimsire agus ar thalamh garbh sléibhte. Tá jíp amháin againn cheana féin agus tiocfaidh na trí cinn eile i 2013.

Le maoiniú on Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) Dáileadh Caipitiúil 2011, tosnaíodh ar Fhearas nua Dóiteáin Scania Rang B i 2012 is táthar ag súil go mbeidh sé sin againn lár na bliana 2013. Fiontar fála i bpáirt le hÚdaráis Dóiteáin an Chláir agus Chorcaí is ea é sin.

An Clár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin

Leanadh den Chlár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin a chur i gcrích i 2012.

Faoin gClár Pobail Aláram Deataigh, le cabhair ón RCPRÁ dáileadh aláraim deataigh ar 1,500 i measc an phobail a bheadh leochaileach sna cúrsai úd.
Dáileadh 50 aláram speisialta leis a bheadh oiriúnach dóibh siúd a bhful máchaill éigin éisteachta orthu.

Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláirí sa tríú rang i mbunscoileanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

Tháinig an Bhriogáid amach ar slógadh 791 huaire le linn 2012.

Ba iad Tinte Fraoigh, Tinte Simné, Timpistí Bóthair agus Tuilte na hócaidí ba mhó a bhíodh i gceist nuair a ghlaotaí amach ar shlógadh na Briogáide.

Toisc gur tharla feachtas feasachta poiblí is comhoibriú i measc áisínteachtaí agus páirtithe leasmhara is arís toisc nach raibh an aimsir ró-oiriúnach chuige tháinig laghdú 60% ar Thinte Fraoigh ó anuraidh 2012. Go háirithe ba mhaith le Comhairle Contae Chiarraí creidiúint a thabhairt do na húinéirí talún a chuireann in iúl don tSeirbhís Dóiteáin go mbeidh dóiteán pleanálta rialaithe ar bun agus freisin as a n-iarrachtaí ar mhodhanna sábháilte a úsaid chun aiteann a dhó ar bhonn freagrach.

Rialú Foirgníochta 2012

- Fuarthas 390 Fógra Tosach Feidhme/Fógra 7 Lá i 2012 a bhain le 405 foirgneamh
- Scrúdaigh na hoifigigh 224 nó thart ar 55% d'fhoirgnimh fhógraithe
- Bronnadh 135 Deimhniú um Shabháilteacht Dóiteáin
- Bronnadh 68 Deimhniú ar Áisiúlacht do Lucht Míchumais

Bíonn an Roinn Rialú Foirgníochta ag scaipeadh eolais agus ag cur le feasacht ar an Rialacháin Fhoirgníochta trí:

- A chinntiú go bhfuiltear go minic le feiscint ar láithreacha foirgníochta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae
- Foirgnimh a scrúdú maidir le géilliúlacht do na Rialacháin Fhoirgníochta
- Comhairle a chur ar dhaoine maidir leis na Rialacháin Fhoirgníochta
- Rochtain a sheiceáil do lucht míchumais
- Na Teastais Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh (BER) a lorg chun caomhnú i gcúrsaí fuinnimh agus breosla a chur chun cinn.

Cosaint Shibhialta

Tá sé mar aidhm ag an gCosaint Shibhialta an córas úd a chur chun cinn, a fhorbairt is a choimeád mar eagraíocht phroifisiúnta shaorálach chun céadfhreagairt agus tacaíocht phobail a sholáthar i gcás éigeandála.
Oibríonn na saorálaigh i gCosaint Shibhialta faoi stiúir an údaráis chuí áitiúla. Tugtar oiliúint dóibh i mórán scileanna mar gharchabhair, tarrtháil, cothú éigeandála, cúram aslonnaithe, cumarsáid, cuardach ar uisce/thalamh agus monatóireacht raidíochta.

Tá 273 saorálach cláraithe ar an mbunachar sonraí i gContae Chiarraí.
Tá 22 teagascóir i gCosaint Shibhialta Chiarraí atá cáilithe chun na hábhair éagsúla a mhúineadh tríd an eagraíocht ar fad.

Gaiscí Tábhachtacha i 2012

- Bhí Cosaint Shibhialta Chiarraí páirteach sa bhFreacnamh Reigiúnach in Iarthar Chorcaí ar son an Bhord Chosaint Shibhialta
- Dhein Cosaint Shibhialta Chiarraí comhordú ar an bPlean Leighis d'Ócáid Rothaíochta Bhliantúil Chiarraí ar son Carthanachta ar an Mór-Chuaird 2012. Cuireadh cóir ar bhreis is 400 duine ach don chuid is mó ba mhiongortuithe a bhí ann. Níor aistríodh ach ceathrar go hOspidéal Ginearálta Thrá Lí an lá san
- Glaodh orthu chun málaí gainimhe a dháileadh ar an bpobal i gCeantar Thrá Lí nuair a tharla "Tuilte gan Choinne"
- Chabhraigh Cosaint Shibhialta leis an gCampa Buatais maidir le heachtraíocht allamuigh do na fir a bhí ag tionlacan Rósanna Thrá Lí 2012
- Garchabhair agus Otharcharranna ag mórimeachtaí spóirt mar Rásaí Lios Tuathail, Maratón an Daingean, Slógthaí, Aonach an Phoic, Féile Chiarraí agus an Comórtas Oscailte Galf na hÉireann i gCill Airne
- Ar an iomlán chlúdaigh Cosaint Shibhialta 94 cinn d'Ócáidí difriúla ar fud an chontae i 2011
- Oileadh agus cáilíodh deichniúr i gCeadfhreagairt Éigeandála don tSeirbhís Taismeachta
- Oileadh agus cáilíodh dáréag mar Theicneoirí Míochaine Éigeandála don tSeirbhís Taismeachta.
- Oileadh deichniúr sa tSeirbhís Chúnta Dóiteáin i bhFeasacht Uisce chun a bheith ábalta freagairt do chúrsaí tuilte

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Stiúrthóir Seirbhísí: Michael McMahon

Foireann Sinsearach:
Innealtóir Sinsearach: Paul Stack
Príomhoifigeach Sinsearach: Joan McCarthy

"Comhshaol geilleagrach agus fisiciúil anso i gContae Chiarraí a bhainistiú mar is cóir agus bearta chuige sin a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú".

Rialú Pleanála

Ar an iomlán fuarthas 871 iarratas pleanála i 2012, b'shin laghdú 13% ar fhigiúir 2011. Is é an dála ceanna é ag údaráis áitiúla eile de dheasca cúrsaí geilleagair a bheith ag cúlú mar atáid faoi láthair ar fud na tíre.

Toisc cúinsí nua de bharr Alt 28 den Acht (Leasú) um Phleanáil agus Forbairt, tháinig méadú ar an líon iarratas a fhaightear ar shíneadh ama a chur le cead pleanála. Pléadh le 185 iarratas dá leithéid i 2012.

Líon na nIarratas Pleanála



Forfheidhmiú Pleanála

Níl aon laghdú ar an ualach oibre sa réimse úd. Táid ann i gcónaí a dheineann neamhaird de na rialacha pleanála agus dímheas acu ar a gcomharsana.

	Eanáir – Nollaig 2012	Nótaí
Líon cás gearán pleanála a scrudaíodh	248	Na gearáin scríofa go léir a fuair an tÚdarás Pleanála maraon le tuairiscí ó fhoireann Comhairle Contae Chiarraí
Líon cás gearán pleanála a díbheadh	117	Na gearáin go léir a scrúdaíodh sa chás nach raibh aon ghá le Litir Rabhaidh ná le Fógra Forfheidhmithe
Líon cás gearán pleanála a réitíodh trí chomhráití	130	Líon cás a réitíodh nuair a tugadh Cead Coimeádata nó gur dhein an forbróir pé oibreacha a bhí riachtanach de réir na Rialachán Pleanála & Forbartha
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí Litir Rabhaidh a eisiúint	124	Litreacha Rabhaidh a eisíodh faoi réir ag Alt 152 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000 - 2007
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí Fhógra Forfheidhmithe a eisiúint	216	Líon Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh faoi réir ag Alt 154/155 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000 - 2007
Líon Ionchúiseamh	5	Líon cás cúirte ar éistíodh den chéad uair leo sa chúirt – cuireadh comhaid eile ar aghaidh chuig an Dlíodóir Contae le linn na tréimhse céanna

Pleanáil ar Aghaidh

Tá sé de chúram ar an Aonad Pleanáil ar Aghaidh an Plean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantar Áitiúla a ullmhú, a chur i gcrích agus a mhaoirsiú.

Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009 – 2015 6 Aibreán 2009 agus cuireadh i bhfeidhm é 4 Bealtaine 2009. Mairfidh an Plean úd go ceann sé bliana agus tá creat polasaí ann don chontae ar fad.

- Le linn 2012 leanadh den obair ar an Straitéis um Fhuinneamh Inathnuaite is glacadh leis mar Athrú ar an bPlean Forbartha Contae mí na Samhna 2012 (Athrú Uimh. 8).

- Críochnaíodh Plean Ceantar Feidhme Ceanar Áitiúil Daingean Uí Chúis is glacadh leis mar Athrú ar an bPlean Forbartha mí an Mheithimh 2012.

- I gcomhar le Comhairlí Contae An Chláir is Luimní, Comhairle Chathair Luimní agus Údarás Chuan na Sionainne/Faing, ceapadh comhairleoirí chun Plean Creat Comhtháite na Sionainne a ullmhú d'Inbhear an Sionainne (SIFP).

Beidh an Plean mar chreat don Inbhear, ag díriú forbairtí ar mhuir is ar tír go láithreacha oiriúnacha fan Inbhear agus ag plé ceisteanna idir bhonneagar agus Comhshaoil laistigh den cheantar. Bhí an Dréachtphlean ar taispeáint go poiblí ar feadh sé seachtaine roimis deireadh na bliana 2012 agus cuirfear é isteach sa Phlean Forbartha Contae in am tráth.

Táthar fós ag obair ar athbhreithniú ar an Pleananna Ceantar Feidhme de réir Straitéis Lárnach an Phlean Forbartha Contae.

- Tharla athbhreithniú ar Phlean Ceantar Feidhme Cathair Saidhbhin/ An tSnaidhm/An Coireán le linn 2012 agus glacadh leis 21 Eanáir 2013.
- Bhí deireadh le réamhchomhairliúchán Pleananna Ceantar Feidhme Lios Tuathail agus Baile an Bhuinneánaigh 20 Lúnasa 2012 agus foilseofar dréacht go luath i 2013.
- Thosnaigh athbhreithniú ar Phlean Mol Trá Lí/Cill Airne go deireanach i 2012.

Aonad Eastát Tithíochta

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cigireacht ar eastáit tithíochta sa chontae ó bhunaíodh an Aonad Eastát Tithíochta i 2009. Dáileadh an-chuid acmhainní ar an Aonad chuige sin.

Go dtí seo táthar tar éis 760 láithreacha a aithint mar a bhfuil forbairt nár críochnaíodh nó mar a bhfuil gá le hoibreacha a dhéanamh orthu. Tá an tAonad Eastát ag comhoibriú le forbróirí chun go gcríochnófar gach aon eastát ar chaighdeán sásúil.

Ní mór dúinn i gcónaí bannaí árachais/airgeadais a fháil ina leithéid de chás mar chosaint ar eagla nach gcomhlíonfaí na coinníollacha pleanála. D'fhéadfaí an banna a tharraingt anuas ansan chun go gcuirfeadh an tAonad Eastát an obair i gcrích. Le linn na tréimhse idir 2009 agus 2012 tarraingíodh anuas bannaí áirithe agus bhí an Chomhairle in ann roinnt eastát a chríochnú.

Déantar cigireacht ar eastáit nua roimh ré agus le linn na tógála. Go dtí seo aithníodh 25 cinn díobh agus tá an tAonad ag comhoibriú le forbróirí agus monatóireacht á dhéanamh ar gach aon chéim ar aghaidh.

Leantar den obair scrúdaithe is measúnaithe a bhaineann le heastáit a ghlacadh mar mhuirear ar an gComhairle.

Bliain	Líon larratas Faighte	Líon larratas glactha mar Mhuirear
2009	45	6
2010	8	5
2011	12	8
2012	5	8

Glacadh na heastáit seo a leanas mar mhuirear i 2012

- Forbairt De Ghrás, Clochán, Baile Dubh
- Piper's View, Cill Orglan.
- Céim 1, Arda Bhaile Uachtarach, Baile an Mhuilinn
- Céim 2, Arda Bhaile Uachtarach, Baile an Mhuilinn
- Clós Cill Gobnait, Lios an Phúca
- Cnoc A Rún, Scairteach an Ghlinne
- Valley View, Cnoc na Cásca, Cill Flainn
- Cloichear Bhriain, Trá Lí

Cairéil

San Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 tá athrú suntasach maidir le forbairt cairéal, go háirithe i gcás iarratas ar fhorbairt a choimeád agus faoin bhforfheidhmiú pleanála.
Bhí Ailt 74 & 75 den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 i bhfeidhm 15 Samhain 2011. Faoin Acht úd bhí ar Chomhairle Contae Chiarraí gach aon chairéal sa chontae a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh maidir lena stádas pleanála faoi 15 Lúnasa 2012. Ina dhiaidh sin eisíodh fógraí mar a leanas;

(a) Fuair **21 úinéir Cairéal** ordú iarratas ar chead ionadaíochta a dhéanamh chuig An Bord Pleanála, rud a bheadh riachtanach chun leanúint den chairéal a oibriú mar atá faoi láthair acu.

Maidir le 14 de na suímh úd seoladh achomharc chuig An Bord Pleanála ach níor tharla sé sin i gcás na seacht gceann eile.

Ní mór don úinéir/oibritheoir suímh Iarratas Pleanála ar Chead Ionadaíochta a ullmhú is a chur faoi bhráid An Bord Pleanála laistigh de 12 sheachtain ó dháta fógra na Comhairle maraon le Ráiteas Tionchar Comhshaoil Feabhais agus Ráiteas Tionchar Natura Feabhais. Muna ndeintear amhlaidh caithfidh Comhairle Contae Chiarraí fógra forfheidhmithe a eisiúint ag iarraidh go ndúnfaí an suíomh.

(b) Fuair **Deich gCairéal** fógra ag rá go raibh sé ar intinn ag an gComhairle fógra forfheidhmithe a eisiúint.

(c) Fuair **150 oibritheoirí Cairéal** a dheimhnigh nár ghá dóibh aon rud a dhéanamh faoi alt 261A den Acht. Don chuid is mó féadfaidh na cairéil úd gníomhú de réir a gcoinníollacha alt 261 nó coinníollacha pleanála, pé acu a oireann.

An Ciste um Struchtúir i mBaol 2012

Tá sé mar aidhm ag an gCiste um Struchtúir i mBaol cabhrú le hoibreacha a chosnóidh struchtúir a bhíonn ar an Liosta Struchtúr Cosanta agus iad siúd a bhíonn laistigh de Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta, nuair a cheapann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta go mbíonn géarghá lena leithéid d'oibreacha.

Toisc nach bhfuil ach maoiniú teoranta ar fáil níl cead ag aon Údarás Aitiúil ach dhá thionscnamh a chur go dtí an REOG. D'éirigh leis an dá iarratas a sheol Comhairle Contae Chiarraí agus dáileadh €20,000 ar dhá thionscnamh in Oileán Chiarraí agus Oileán Dairbhre. Críochnaíodh an dá cheann in am.

Dearbhuithe Alt 57: (um Struchtúir Chosanta) Lorgaíodh agus críochnaíodh seacht ndearbhú le linn 2012.

Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta: Ainmníodh ceithre ACA breise le linn 2012.

Ailtireacht Dhúchasach: I dteannta NEKD chuir Chomhairle Contae Chiarraí maoiniú ar fáil chun suirbhé ar ailtireacht dhúchasach a dhéanamh i gCiarraí Thuaidh agus Thoir, cuireadh tús leis go deireanach i 2012 le súil le bheith críochnaithe lár na bliana 2013.

An Seandálaí Contae

Tá Roinn Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

- **Tionchar Seandálaíochta a Mheas/Monatóireacht/Trialacha Tochailte**
- **Reiligí**
- **Pleanáil & Polasaí**
- **Seandálaíocht an Chontae a Thaifeadadh agus a chaomhnú**

<u>Gaiscí Tábhachtacha 2012</u>

- Críochnaíodh dhá Mheasúnú Tionchar Seandálaíochta.
- Tharla monatóireacht seandálaíochta ar cheithre thionscnamh.
- Críochnaíodh Aontú an Aire agus tuairiscí gaolmhara ar dhá thionscnamh.
- Deineadh moltaí maidir le 218 iarratas pleanála.
- Tá cosaint anois ag 18 tírdhreach a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leo sa Straitéis um Fhuinneamh Inathnuaite agus i bpleananna úsáide talún.
- Seoladh aighneachtaí sonraithe chuig na Pleananna Ceantar Feidhme seo: Lios Tuathail/Baile an Bhuinneánaigh & Plean Ceantar Mol Thra Lí-Cill Airne
- Tharla suirbhé cuimsitheach ar 21 ceann de reiligí atá cosanta ó thaobh seandálaíochta de. Críochnaíodh an tionscnamh úd.
- Ordaíodh agus Críochnaíodh Tuairiscí Caomhnaithe ar Dhroim an Bhaile, Cill Orglan agus Abbey Island, Doire Fhionáin.
- Tharla Oibreacha Caomhnaithe bunaithe ar mholtaí i dtuairiscí a tharla i 2011 ar Shéadchomharthaí le Comhairle Contae Chiarraí mar atá Mainistir Chill Átha, Baile an Mhuilinn agus Mhainistir *Kyrie Eleison,* Mainistir Ó dTorna
- Tá clár ar bun i dteannta na Seirbhísí Uisce chun tuamaí a dhúnadh agus chun eidhneán a ghearradh/caoi a chur ar iomarca fáis ar fhothraigh eaglasta nó laistigh de reiligí. Tharla oibreacha ar 26 reilig le linn 2012.
- Críochnaíodh an leabhar *'The Unquiet Grave: The Development of Kerry's Burial Grounds through the Ages'*. Fáiltíodh roimis an leabhar agus dáileadh 1,000 saor in aisce ar an bpobal.
- Cuireadh tús le hobair ar Thionscnamh Comharthaíocht Reiligí a d'éirigh as na Suirbhéanna Reiligí. Fuarthas maoiniú LEADER i bprionsabal chun léarscáileanna sonraithe a dhearadh agus a chur suas i reiligí cosanta seandálaíochta agus liostálfar na hainmneacha orthusan.

An Oifig Oidhreachta

Le linn 2012 críochnaíodh ocht gcinn de mhórthionscnaimh san Oifig Oidhreachta agus cabhraíodh le 12 ceann eile i measc an phobail. San áireamh bhí an tionscnamh pobail um bhéaloideas a thaifeadadh ar a dtugtar Béaloideas Chiarraí agus Cartlann Chill Orglan.

Ina theannta san, seoladh iarratais phleanála agus an-chuid iarratas Cuid XIII chuig an oifig seo chun ár dtuairimí a fháil. Cabhraíodh le ceisteanna mar phleananna ceantar feidhme a chur le chéile agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) nó Measúnú Oiriúnach (AA) a ullmhú.

Gaiscí Tábhachtacha

- Fógraíodh breis is 100 imeacht le linn Seachtain Oidhreachta
- Seimineár oidhreachta is geilleagair i Lios Tuathail
- Bainistiú Rinn na gCros agus smachtú Gnéithe Bradaigh
- Forbairt ar Shlite Oidhreachta – Lios Tuathail agus Oileán Chiarraí
- Oibreacha Feabhsúcháin ar Abhainn na Laoi
- Seachtain Bhithéagsúlachta
- Fuarthas maoiniú LEADER do Comharthaíocht Reiligí
- Suirbhé ar Ghnáthóga Uirbeacha Cill Airne

Maoiníodh na tionscnaimh seo a leanas i 2012:

Maoiniu ón gComhairle Oidhreachta	Maoiniu ó Chomhairle Contae Chiarraí
• Suirbhé Léarscáilíochta ar Ghnáthóga Uirbeacha • Suirbhé Seandálaíochta i Reiligí • Tuairiscí Caomhnaithe ar dhá reilig • Tionscnamh Léarscáilíochta Oidhreachta	• Fógraíocht & imeachtaí Seachtain Oidhreachta • Slí Oidhreachta Lios Tuathail • Slí Oidhreachta Oileán Chiarraí • Tionscnamh um Ghnéithe Bradaigh Rinn na gCros • Oibreacha Caomhnaithe i reiligí an chontae • Suirbhé Contae ar an Scréachóg Reilige i gcomhar le KES • Seachtain Bhithéagsúlachta i gcomhar leis an Ionad Bogach • Oibreacha Feabhsúcháin ar Abhainn na Laoi

Tionscadail um Mhargadh Maith

Cuireadh tús le roinnt tionscadal um mhargadh maith i 2012 mar a leanas:

- Déantar an phriontáil ar fad a bhaineann le Pleananna laistigh den chomhairle agus cuirtear Pleananna Ceantar Áitiúla 7rl. ar Dhlúthdhioscaí lena ndáileadh ar na comhlachtaí ceaptha 7rl. ar son airgead a shábháil. Ar an gcuma san meastar go spárálfar airgead mór ar na cúrsaí úd go ceann i bhfad.
- Tá tacaíocht nach beag á sholáthar anois do ranna uilig na Comhairle ag an Aonad um Phleanáil ar Aghaidh maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a bhaineann le Pleananna agus le Tionscnaimh a gcaithfidh Scagadh AA (Measúnú Oiriúnach) nó tuairiscí Céim 2 nuair is cuí a bheith acu.
- Déantar gach aon Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Measúnú Treoir Gnáthóg (HDA) a bhíonn riachtanach i gcás Pleananna, Straitéisí agus Athruithe 7rl. ag an bhfoireann féin laistigh den chomhairle.

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir, Oidhreachta & Taitneamhachta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

Foireann Sinsearach:
Leabharlannaí Contae: Tommy O'Connor
Comhordaitheoir don bhFóram Pobal & Deonach: Siobhan Griffin

Pobal & Fiontar

Oibríonn an Roinn Pobal agus Fiontar chun cuspóirí corparáideacha Comhairle Contae Chiarraí a bhaint amach sa bhforbairt iomlán idir gheilleagar is turasóireacht, cúrsaí pobail, cuimsiú sóisialta, na healaíona agus cultúr.

Ó bunaíodh na Boird Forbartha Contae thiar i 2000 tacaíonn an roinn trí chúrsaí riaracháin agus teicniúla le Bord Forbartha Contae Chiarraí agus saothraíonn le háisínteachtaí seachtracha, leis an earnáil Phobal agus Deonach agus le Ranna Rialtais chun a gcuid clár oibre a chur i gcrích.

Fógraíodh mí Dheireadh Fómhair 2012 nuar a foilsíodh atheagrú Rialtais Aitiúil sa chlár "*Daoine chun Tosaigh: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*" go gcuirfeídeireadh leis na Boird Fhorbartha Contae is go mbunófar Coistí Sóisialta-Eacnamaíoch chun glacadh le cuid den chúram a dheineann na Boird Fhorbartha Contae.

Mínítear sa dhoiciméad polasaí úd gurb é an rialtas áitiúil go príomha a stiúróidh seirbhísí poiblí ag leibhéal áitiúil – tabharfar treoir d'fhorbairt idir eacnamaíoch, sóisialta agus pobail, soláthrófar seirbhísí ar bhonn éifeachtach is tíosach agus deanfar ionadaíocht ar shaorálaigh is ar phobail áitiúla ar bhonn éifeachtúil agus freagrach.

De réir na moltaí úd beidh ról láidir ag Rialtas Aitiúil maidir le forbairt eacnamaíoch. Mar chuid lárnach de ról an rialtais áitiúil ina leith sin beidh an tseirbhís áitiúil tacaíochta do mhicra-fhiontair trí na hOifigí Fiontair Áitiúla (LEO) a ghlacfaidh le cúramaí na mBord Forbartha Contae is na hAonaid Tacaíochta do Lucht Gnó.

Meastar go mbrúfar soláthar céimneach na struchtúr nua chun cinn i 2013.

Gaiscí Tábhachtacha 2012

Leagadh béim i 2012 ar chur chuige comhtháite maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn éifeachtach laistigh de shrianta a bhaineann le staid geillegair atá an-dheacair ar fad.

Geilleagar

- Lean **Bord Forbartha Contae Chiarraí** de thosaíochtaí a léirigh an dúshlán a bhaineann leis an gculú eacnamaíochta sa Chontae agus freisin de thionscadail náisiúnta i gcomhar le háisínteachtai eile.
- Seoladh www.countykerry.ie mí an Mheithimh 2012, suíomh a chuireann Ciarraí chun cinn mar áit iontach idir áit chónaithe agus láthair oibre.
- Tharla taighde margaidh ar www.countykerry.ie i gcomhar le hInstitiúid Theicneolaíochta Thrá Lí (ITT) chun aiseolas a sholáthar faoin bhfeachtas digiteach margaíochta.
- Deineadh DVD margaíochta do shaol gnó an Bhéarla agus na Sínise
- Beartais um **Ghníomhaíocht Oibre** – tá beirt fostaithe sa roinn faoin gClár Job Bridge; Cartlannaí Cláir don Tionscnamh Scannánaíocht Aerga, Céim 1 a críochnaíodh i 2012 agus Anailísí chun anailis a dhéanamh ar na sonraí CSO do Chiarraí – cuireadh tús leis seo i 2012.
- Fuarthas breis is 250 íomhá físeáin agus 150 radharc mar **Scannánaíocht Aerga**, deineadh cartlann agus innéacs mar ullmhúchán do Chéim 2 den tionscnamh.
- Thosnaigh **Nuáil Chiarraí** (foghrúpa d'Aonad Forbartha Fiontar Chiarraí (KEDU) taighde margaidh ar thomhas nuála sna hearnála Bia & Talmhaíochta i gcomhar le hInstitiúid Theicneolaíochta Thrá Lí .
- D'eagraigh Nuáil Chiarraí ceardlanna '*Airgeadas & Cur i Láthair'* mí na Márta 2012 agus ceardlann *'Seo an Talann'* i gcomhar le ITT mí na Samhna 2012.
- Bhí an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta nach maireann, an tUas. Shane McEntee, TD i láthair ag cruinniú mí Feabhra den **bhfochoiste Talmhaíochta & Bia** is thug sé cuairt freisin ar an dTionscnamh Téite Ceantair.

Turasóireacht

- Chuir **Straitéis Turasóireacht an Chontae** tús le fís thurasóireachta a bhunú do Chiarraí agus an bhéim go príomha ar inmharthanacht eacnamaíocht sa príomhthionscal seo.
- Bhíothas bainteach le **Ciarraí a chur chun cinn** ag an gCraobh Treafa agus le forbairt forlíonadh *gokerry.ie* a bhí istigh leis an *Sunday Independent* mí Iúil.
- Áisíodh seisiúin de chuid **'An Tóstal'** i dtrí cheantar geografacha sa chontae chun imeachtaí An Tóstal i gCiarraí a aithint.

Sóisialta & Pobail

- Chuir Comhairle Contae Chiarraí trí ghrúpa ar aghaidh chuig an comórtas Uile-Éireann **Mórtas Ceantair**. Bhuaigh Baile an Spealáin an duais mhór sa chatagóir 'Eastáit Tithíochta' agus fuair An Ráth Mhór duais tánaisteach sa chatagóir do 'Buaiteoirí na Bliana Anuraidh'. Bronnadh na duaiseanna ag Searmanas Gradam Mórtas Ceantair mí na Samhna 2012.
- Tharla **Gradaim Phobail Charraí** don naoiú huair i 2012 agus bronnadh an duais mhór ar Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Oileán Chiarraí.
- Cuireadh Clár Oibre don bhFóram Pobail & Deonach i bhfeidhm. Tá 815 grúpa anois ag **Fóram Pobail & Deonach Ciarraí** i 2012.
- Ghlac CDB Chiarraí le **Pleananna Forbartha Áitiúla & Pobail** NEKD agus SKDP.
- Cuirtear **Straitéis Imeasctha (Inimircigh) Chiarraí 2010 – 2012** i bhfeidhm go leanúnach. Mí na Samhna tosnaíodh ar an straitéis a athbhreithniú agus ar shíneadh a phleanáil don tréimhse 2013 go Nollaig 2014
- Bhí ceithre chruinniú ag **Comhchoiste Poilíneachta Chiarraí** i 2012 mar a dtug na Gardaí tuairisc iomlán ar staitisticí coiriúlachta sa Chontae.
- Cuireadh clár agus ceantair **RAPID** Thrá Lí chun cinn.
- Fóram is ea **Comhairle na nÓg** chun struchtúr a thabhairt do chinntí a thogann daoine óga agus leanaí maidir le forbairt seirbhísi áitiúla agus polasaithe; faightear tacaíocht ó na heagraíochtaí cuí idir reachtúil agus deonach sa chontae/cathair. Chuaigh 103 duine óg chuig Ollchruinniú Bliantúil Comhairle na nÓg. Díríodh ar an gClár Comhairle Diongbhála is ar Shlainte Ghnéis a chur chun cinn.
- D'eagraigh Comhairle Contae Chiarraí seimineár i gcomhar le Fóram Pobail & Deonach Chiarraí dar teideal **Ullmhúchán agus Teacht Aniar** i gCill Airne 9 Márta 2012. Tugadh léargas idir náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ról an phobail mar pháirtí ag na seirbhísí éigeandála i gcás eachtraí mar dhrochaimsir, tinte aitinn, tuilte agus eile.
- Bronnadh 855 **Aláram Deataigh** ar chomhlachtai áitiúla forbartha lena ndáileadh i 2012.
- Bhí trí chruinniú ag an **SPC Pobail, Cultúir & Taitneamhachta** i 2012; pléadh cúrsaí polasaí agus tugadh uasdátú ar an tseirbhís Leabharlainne, An Roinn Pobail & Fiontair, Oifig na Gaeilge agus An Oifig Ealaíon.

Margadh Maith a Fháil

Bíonn an Roinn Pobail & Fiontair ag iarraidh cur le héifeachtúlacht agus ag lorg margadh maith i ngach aon ghné de ghníomhaíochtaí.

- Tharla athbhreithniú leanúnach ar struchtúir agus ar phróisis na roinne chun feidhm éifeachtach a bhaint as acmhainní foirne.
- Bítear ag cur le héifeachtúlacht i gcónaí trí chomhghnímh a mhaoiniú/chur chun cinn is acmhainní airgeadais/daonna a roinnt le háisínteachtaí eile.
- Tionóltar cruinnithe/imeachtaí in ionaid ar chostas íseal.
- Eisítear comhfhreagras/doiciméid go leictreonach (ach amháin dóibh siúd nach bhfuil córas éifeachtach leathanbhanda acu).
- Iarracht ar riaradh cruinnithe/tionscnamh a dhéanamh i bpáirt le háisinteachtaí más féidiir.

An Oifig Ealaíon

I 2012 bhronn an Oifig Ealaíon Deontais ar fud an chontae faoin Acht Ealaíon chun:

- Suim an phobail a chothú sna healaíona
- Eolas agus meas ar na healaíona a chur chun cinn
- Caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú

Bronnadh dhá scéim Ealaíontóirí sa Scoil agus ceithre sparántacht aonair.

Ar na cláir a bhí againn i 2012 agus iad i bpáirt nuair ab'fhéidir bhí an meid seo a leanas:

- Sraith Máistir-Ranganna agus Ceardlanna ar litríocht, scannánaíocht agus rince do leanaí agus do dhaoine fásta i scoileanna agus i leabharlanna.
- Ealaíon don Óg i Meon: Ceardlanna agus Léiriúcháin a dhírigh ar dhaoine scothaosta ar fud an chontae mí Bealtaine. Bhí deis ag ealaíontóirí proifisiúnta oibriú leo siúd a chuir suim sa healaíona.
- Rince don Óg i Meon i gcomhar leis an gComhar Spóirt Áitiúil (díríodh ar dhaoine scothaosta is an rince mar mhodh cruthaitheach, aclaí, sláintiúil agus sultmhar!)
- Féile Scannán Chiarraí - Chuir Comhairle Contae Chiarraí leis an gClár Oideachas Óige
- Oíche Chultúir 2012 – Lean Údaráis Aitiúla Chiarraí de thacaíocht a thabhairt don Oiche Chultúir ach gan an Oifigeach Ealaíon ní raibh imeachtaí ar fud an chontae ar fad.

Rugadh an clár comhaoinithe ag an gComhairle Ealaíon ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn 2013.

Forbraítear an Pháirtíocht do Ghlún Ceoil Chiarraí go háirithe i gcomhar leis an bpríomhpháirtí, Seirbhísí Oideachais Chiarraí le tacaíocht ó Institiúid Theicneolaíochta Thrá Lí agus Ealaíon na Gaeltachta.

Ráiteas Misin Leabharlanna Chiarraí

'Seirbhís nua-aimseartha, sofhreagrach cuimsitheach a sholáthar ar caighdeán cothrom do chách, léitheoireacht a chothú, eolas a sholáthar agus tacú le cultúr, le taitneamhacht agus le hoideachas.'

Tá naoi mbrainse lánaimseartha leabharlainne ag Leabharlann Chiarraí sa chontae – Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Chiarraí, Daingean Uí Chúis, An Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí. Bíonn dhá Leabharlann Taistil ag freastal ar 91 láthair ar fud Chiarraí idir ceantair tuaithe agus uirbeacha. Ina theannta san tá roinn tiomanta do Stair Áitiuil is don Chartlann i gCeannáras na Leabharlainne.

Gaiscí Tábhachtacha:

• Is í leabhair ar iasacht do leanaí is do dhaoine fásta an tseirbhís is mó agus tugadh **592,060** airtegal ar iasacht le linn 2012, níos mó ná riamh. B'shin méadú 5% ar an mbliain seo caite. San áireamh bhí méadú ficsin (1%), leanaí (8%) agus airteagail éisteachta (10%).

• Tugadh **500,867** cuairt aonair ar na 11 láthair seirbhíse le linn 2012, an chéad uair gur baineadh amach an leathmhilliún.

• Tharla **47,374** seisiún idirlín saor in aisce don phobal. Tá seirbhís Wi-Fi I ngach aon leabharlann anois.

•



Bíonn uaireanta fada oscailte ag Leabharlanna Chiarraí is iad oscailte ar feadh an lae Dé Sathairn. Bíonn Trá Lí,Cill Airne agus Lios Tuathail oscailte sé lá agus go déanach go dtí 8.00i.n. dhá thráthnóna in aghaidh na seachtaine. Bíonn Daingean Uí Chúis oscailte leis sé lá agus tráthnóna amháin. Bíonn Cill Orglan, An Neidín agus Oileán Chiarraí oscailte cúig lá, mar a chéile do Chathair Saidhbhín ach í sin oscailte tráthnóna amháin. Is féidir an catalóg ar fad a fheiscint ar www.kerrylibrary.ie maraon

le réimse acmhainní ar líne, nuachtáin san áireamh idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar an iomlán bhí gréasán leabharlainne Chiarraí ar oscailt 20,395 uair le linn 2012.

• Tharla athchóiriú ar Leabharlann Chathair Saidhbhín agus athosclaíodh í 20 Márta 2012. Tháinig méadú 23% in aghaidh bliana ar an méid airteagal a tugadh ar iasacht. Fuarthas maoiniú 75% i suim €400, 000 chuige sin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus d'íoc Comhairle Contae Chiarraí fuílleach na gcostas.

• Baintear úsáid go forleathan as an Leabharlann Taistil a bhíonn ag freastal ar phobail ar fud Chiarraí idir cheantair thuaithe agus uirbeacha. Tugadh 38,195 airteagal ar iasacht ó Aonad Taistil 1(Ciarraí Thuaidh agus Thiar) i 2012 (méadú 3%) agus 63,439 airteagal (méadú 23%) ó Aonad 2 (Ciarrai Theas agus Thoir)

• Bhí an tseirbhís eolais Eoraip Dhíreach ar bhonn deontais ag feidhmiú i Leabharlann Chill Airne don cheathrú bliain agus tá deireadh leis sin anois.

• Tugadh 7,628 cuairteanna ar an roinn Stair Áitiuil agus ar an gCartlann i gCeannáras na Leabharlainne.

• Mar fheabhsúcháin seirbhíse tá áis fhéinfhreastail anois i Leabharlann Thrá Lí agus soláthar céimneach an tseirbhís téacs SMS a spreagann leabhair a bhreith ar ais, scaipeadh tapaidh na dteideal agus freagairt d'iarratais na gcustaiméirí.

• Ar na tionscadail a tharla maidir le stair áitiúil Chiaraí bhí catalóg a deineadh ar bhailiúchán lamhscríbhinní An tSeabhaic, tosnaíodh ar chartlann Mac Giolla Coda a dhigitiú agus fuarthas taifid áirithe Scoileanna Náisiúnta.



	2008	2009	2010	2011	2012
Items Issued	424,173	464,416	472,111	563,849	592,060
No. of Visits	362,849	430,125	456,227	483,722	500,867

Tuairisc an Stiúrthóra ar Sheirbhísí Corparáideacha

Stiúrthóir Seirbhísí: **An tUas. John D. Flynn**

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (Seirbhísí Corparáideacha: Gerard O'Brien

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Daonacmhainní: Martin O'Donoghue

Stiúrthóir TEC: Brian Looney

Sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha i gComhairle Contae Chiarraí tá na Ranna Cúrsaí Corparáideacha, Daonacmhainní agus an Roinn Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Cúrsaí Corparáideacha

Tá ceithre aonad gnó sa RoinnSeirbhísí Corparáideacha agus a réimse freagrachta féin ag gach aon cheann díobh mar a leanas:

- Seirbhísí na Comhairle
- Cumarsáid/Cúram Custaiméara/Oifig na Gaeilge/Saoráil Faisnéise
- Saincheadú/Deontais Ardoideachais
- Riaradh agus Forbairt Áiseanna

Gaiscí Tábhachtacha i 2012

- Eagraíodh agus riaradh 17 Cruinniú iomlán de chuid na Comhairle
- Tharla 24 Cruinniú Toghcheantair
- Pléadh ar an iomlán le 46 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéis maraon le 11 ghearán ó Fhear an Phobail
- Trí Chreat agus Conarthaí NPS a úsáid, éiríonn leis an Aonad Riaradh Áiseanna breis airgid a spáráil maidir le stáiseanóireacht, páipéar agus soláthar oifige a cheannach.
- Aithnítear fós réimsí mar is féidir costais reatha agus oibríochta Áiseanna Corparáideacha a laghdú, mar shampla i 2012:
    - Cuireadh gloiniú dúbalta sa tsíneadh atá le hÁras an Chontae agus deineadh uasghrádú ar an dteasdíonadh ar dhíon is ar fhallaí.
    - Deineadh uasghrádú ar na coirí in Áras an Chontae
    - Réitíodh socrú nua maidir le cíos in am tráth ar áitribh atá ar cíos againn
- Ní thagann aon laghdú ar leibhéil seirbhísí do chustaiméirí laistigh ná lasmuigh cé go bhfuil laghdú ar fhoirne is ar fhoinsí airgeadais.

Daonacmhainní

Gaiscí Tábhachtacha:

- Leantar den **Chlár Bainistiú Neamhláithreachtaí** chun cur le héifeachtúlacht maidir le tinreamh sa láthair oibre.
- Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar an **gClár Tacaíocht Eagrúcháin** ar son leas foirne agus de réir reachtaíochta.
- Forbairt leanúnach ar an **gCóras Bainistíochcta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).**
- Leantar den **Chlár Taithí Oibre "Réaltscoláire"** chun deiseanna i dtreo fostaíocht sna húdaráis áitúla a fhorbairt don Lucht Siúil.
- Leantar de scéimeanna taithí oibre de chuid an Rialtais mar Scéimeanna Iomarca Printíseachta, Socruithe Oibre FÁS agus Job Bridge.

<u>Traenáil & Forbairt</u>

Toisc éagsúlacht oibríocha agus an baol a bhaineann le catagóirí áirithe oibre ag fostuithe, ba é comhshaol slán sábháilte a bhí chun tosaigh againn i 2012. Bhain 52% den oiliúint i 2012 le Sláinte agus Sábháilteacht.

Ag seo go príomha na cúrsaí a reachtáladh i 2012

- Cúrsa Measúnaithe d'Oibrithe Fearas Uisce
- Rotha Scríobacha
- Oibrí Port
- Cúrsa Athnuachana Goireas Anála
- Úsáid Sábh Slabhra
- Tiománaí CPC- Ról an Tiománaí Proifisiúnta sa tionscal iompair
- Reachtaíocht Chomhshaoil
- Cúrsa Athnuachana Garchabhrach
- Bogearraí GPS do Bhainistiú Scuaine
- Eolas Dlíthiúl um Bhainistiú Shabháilteachta
- Traenáil Láimhseála
- Bearrthóirí a Oibriú is a Chothabháil
- Pas Sábháilteachta
- Sábháilteacht d'Oibrithe Uisce is Fuíolluisce
- Cúrsa Measúnaithe d'Oibrithe Fearas Fuíolluisce
- Obair ar Arda

Cursaí Ginearálta

- Forbairt Ábaltachta
- Córas Lárnach (HR & Párolla)
- Cúram an Chustaiméara
- Oiliúint IT
- Cúrsaí Fála
- Scileanna Leiriúcháin
- Oiliúint Pinsean

Líon Fostaithe 31 Nollaig 2012

Bainistíocht /Riaracháin	393
Innealtóireacht/Teicniúil	174
Oibríoch/Allamuigh	643
Iomlán	**1,210**

Fostaithe de réir Inscne 31 Nollaig 2012

	Fireann	Baineann	Iomlán
Bainistíocht /Riaracháin	86	307	393
Innealatóireacht/Teicniúil	574	69	643
Oibríoch/Allamuigh	142	32	174
Iomlán	**802**	**408**	**1210**

Staitisticí Comórtais 2012

Líon Comórtas		18
Líon Iarratas faighte		
	Fireann	150
	Baineann	48
Iomlán iarratas faighte		**198**

Scéimeanna Socruithe agus Scáthfhoglaim

Lean an Chomhairle de scéimeanna socruithe do chéimithe, tríú leibhéal agus scoileanna iarbhunoideachais:

Scáthfhoghlaim		29
Taithí Oibre	16	
Scéim Iomarca Printíseachta	2	
Clár Socruithe Oibre FÁS	1	
Intéarnachtaí JobBridge	13	
Líon iomlán Socruithe Oibre i 2012	**61**	

Intéarnachtaí Job-bridge

Líon Comórtas		11
Líon Iarratas faighte		104
	Fireann	79
	Baineann	25

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide:

<u>ePháirtíocht Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis – Plean Ceantar Áitiúil</u>

Mar chuid de thionscnamh Pan-Eorpach a bhain le 10 tír, d'fhorbair Comhairle Contae Chiarraí uirlis chomhairliúcháin ar líne don chéad uair, d'oibrigh sé sin i dteannta an chórais traidisiúnta phleanála ar an mbonn seo:

- an struchtúr níos áisiula d'úsáideoirí
- leas as acmhainní eile gréasáin (learscáilíocht GIS, Radharc Sráide Google) chun go mbeadh sé níos fusa teacht ar thuiscintí pleanála is iad a chur sa chomhthéacs ceart
- comhthéacs/scéal trí fhíseán YouTube
- cead tuairimí a nochtadh ar líne faoi Chuspóirí Aonair Phleanála
- usáideadh na Meáin Shóisialta chun rannphairtíocht a spreagadh agus chun an t-eolas ba dhéanaí faoin bpróiseas a scaipeadh ar shaoránaigh
- usáideadh uirlisí suirbhéireachta ar líne
- usáideadh r-phost is fógraí SMS chun rannpháirtithe a choimeád ar an eolas de réir mar a ghluais an próiseas ar aghaidh

D'éirigh go breá leis an scéim phíolótach úd de reir páirtithe leasmhara agus bunófar air sin nuair a bheidh comhairliúcháin phoiblí ar siúl arís amach anseo.

Córais á gCur i bhFeidhm:

Bhí baint mhór ag an bhfoireann TÉ le feidhmiú córas maidir le réimsí gnó na Comhairle:
Tharla dul chun cinn suntasach le linn 2012 mar a leanas:

- UISCE – tionscnamh um chórais eolais do Sheirbhísí Uisce.

  Caithfear monatóireacht a dhéanamh ar gach aon chéim, ón abhantrach is glanadh, trín iompar agus stóras go dtí go n-óltar é. Córas casta atá ansiúd de dheasca an méid eolais a chaithfear a phróiseáil agus na rialacháin a chuirtear i bhfeidhm ó thus deireadh.

  Bunaíodh an córas UISCE i 2012 mar chóras lárnach SCADA chun sonraí a bhailiú agus a stóráil ó na fearais Chóireála Uisce atá scaipthe ar fud an Chontae.
  Is féidir sonraí a fháil laithreach bonn as gach áit de réir mar a tharlaíonn, faightear tuairisciú agus monatóireacht idir oibríochta is bainistíochta a éascaíonn obair na n-inealltóirí agus teicneoirí is iad i mbun a gcuid dualgas maidir leis an gcóras soláthar uisce a rialú.
- Coisctheacht Dóiteáin – córas eolais don tSeirbhís Dóiteáin

  Faoin bhfeidhmchlár seo tá gníomhaíochtaí sna hÚdaráis Dóiteáin agus Rialú Foirgníochta in Údaráis Aitiúla Chiarraí curtha le chéile in aon chóras comhtháite amháin. Feabhsaítear éifeachtúlacht mar a leanas

  - Cruthaítear Máistirliosta Áitreabh
  - Córas comhtháite thar mhódúil lárnach d'fhógraí tosach feidhme, cigireachtaí, gearáin agus deimhnithe um shabháilteacht dóiteáin.
  - Feabhsaítear bainistiú áitreabh agus éascaítear an teacht ar chásanna i.e. Deimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin

- Córas Gearán Comhshaoil – i bhfeidhm sa roinn Comhshaoil i Sraid na Mainge

- Córais Droichead Meáchan agus Bainistiú Dramhaíola sna Stáisiúin Aistrithe agus Líonadh Talún

- GIS – Faoi stiúir ag foireann GIS team na Comhairle – an chéad chéim maidir le géilliúlacht don Treoir AE INSPIRE a bhaineann le catalóg sonraí spásúla a chruthú

- Deasc Seirbhíse – Córas nua i bhfeidhm do ghlaonna tacaíochta TE a chuireann leis an dtacaíocht ón Deasc Seirbhíse TE ar fud na gceithre Údarás Aitúla i gCiarraí

- Bainistiú Scuaine – cabhair maidir le fála agus sonraíocht don roinn Bóithre agus Iompair chun córas nua GPS um Bhainistiú agus Aimsiú Scuaine a chur i bhfeidhm

- Lean costas an-íseal cumarsáide teileafóin na tionscnaimh agus daingnithe VoIP atá anois sa chóras

Tacaíocht TE :

Tacaíodh le breis is 900 úsáideoirí ríomhairí deasc is glúine, taibléid is fóin chliste ar 100 láthair sa chontae. Bhí breis is 800 glaonna tacaíochta i 2012.

Ráiteas Airgeadais

Stiúrthóir Seirbhísí: Angela McAllen, Stiúrthóir Airgeadais

Foireann Sinsearach:
Kathleen Moriarty, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
Pat O'Shea, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach

Le linn 2012 lean Comhairle Contae Chiarraí de sholáthar na seirbhísí lárnacha atá riachtanach don chontae. Bhí rol lárnach ag an Roinn Airgeadais sa mhéid sin is léiríodh teacht aniar agus solúbthacht i leith na ndeacrachtaí a bhaineann leis an gcúlú eacnamaíochta.

Bhí cúrsaí geilleagair deacair go leor i 2012 idir an córas iomlán agus an Stáitchiste. Bhí tionchar nach beag ag an gcúlú domhanda agus ag cúrsaí san Eurozón ar an éiginntacht a chuireann srian le fás geilleagair is leis an ioncam a bheadh ar fáil ag an gComhairle.

Ní raibh misneach mór ag tomhaltóirí agus bhí éileamh íseal dá reir sin mar ní fhéadfaí a bheith cinnte faoi aon rud. Rud eile a chuireann isteach go díreach is go hindíreach ar chúrsaí airgeadais na Comhairle ná go gcaithfear spriocanna a shroichint de réir Clár Tacaíochta na hÉireann an AE/CAI. Is léir go bhfuil cúrsaí ioncaim fós mar chúis mhór imní againn.

Chuir na fachtóir úd isteach ar an maoiniú a bhí ar fáil do Bhuiséad 2012 agus ar ndóigh bhí baic ar ár gcuid oibreacha dá réir. Agus an Buiséad Ioncaim Reatha á mbainistiú i mbliana bhí an bhéim ar an méid seo a leanas:

- Seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus ab fhéidir
- Ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar seirbhísí agus margadh maith san am gcéanna
- An t-uasmhéid a bhaint as gach aon fhoinse ioncaim agus smacht éifeachtach a choimeád ar an mbuiséad
- Rialú géar a chur i bhfeidhm ar fhiachóirí
- Dá mb'fhéidir in aon chor é, gan rátaí tráchtála ná táillí úsáideoirí a ardú
- An Buiséad a chothromú.

Is féidir a rá gur éirigh leis an gComhairle na haidhmeanna úd a bhaint amach.

Chun soláthar seirbhísí a chinntiú amach anseo ar bhonn leanúnach, ní mór dúinn an t-airgead tirim a thagann chugainn go háitiúil a bheith le fáil againn chucu. Díríodh go mór le linn 2011 ar shruth fiachóirí idir ranna rialtais, áisínteachtaí stáit agus custaiméirí na Comhairle.
Don chuid ba mhó coimeádadh ar leibhéal ceátadáin na sruthanna móra bailiúcháin i gcomparáid le 2010 nó i gcásanna áirithe sáraíodh figiúirí na spriocanna buiséid.

Agus iarracht á déanamh chun an t-uasmhéid a bhailiú, féachfaidh Comhairle Contae Chiarraí ar ghnóthaí ceann ar cheann, go háirithe orthu siúd atá thíos leis an gcúlú, ach doiciméadú a bheith le fáil uathu mar is cuí.
Ní mór a thuiscint, áfach, go mbíonn difríocht idir iad siúd ag a bhfuil deacrachtaí i ndáiríre agus daoine nach maith leo na billí a íoc. Caithfear an tarna dream a leanúint trín gcóras cuí. Bhí gníomhaíocht i mbliana mar a bhí i 2011 maidir le dul i muinín an dlí nó beartais eile gnóthaithe chun fiacha a bhailiú nuair ná bíodh aon iarracht mhacánta á dhéanamh ag daoine.

Bhíodh an fhoireann bhailithe ag plé go dearfach le feichiúnaithe chun dul i ngleic lena gcás agus chun pleananna íocaíochta a réiteach nuair ba chuí.

Fuarthas €2.709m ioncam glan ón mhuirear ar an Dara Thigh Príobháideach (NPPR), táille atá i bhfeidhm ó 2009 i leith. Tacaíocht an-mhór don Chomhairle ab ea an méid sin a lig dúinn leanúint de chláir oibreacha a bheadh in easnamh mar gheall ar laghdú i bhfoinsí eile ioncaim. Bailíodh thart ar €508,920 i dtáillí déanacha chuig Comhairle Contae Chiarraí i 2012 agus tá roinnt cúiseanna dlí fós ar feitheamh. Táthar ag smaoineamh ar shlite chun leas fós a bhaint as an bhfoinse úd mar áis mhaoinithe.

Leagadh an-bhéim ar fad ar chleachtais nua fála maidir leis na seirbhísí go léir i rith na bliana. Spáráladh an-chuid costas i réimsí ceannaigh/conarthaí mar fhearas ar cíos, seirbhísí ceirde, oibreacha sibhialta, ábhar déanta bóthair, teileachumarsáid, fógraíocht, fuinneamh agus earraí/seirbhísí ginearálta. Baineadh an leas is fearr as Tionscadail Fhála mar Luachanna ÚÁ agus Creat Comhaontaithe chun airgead a spáráil agus chun cur le héifeachtúlacht.

Tá dualgais orainn maidir le cur i gcrích faoin Meamram Tuisceana um Thacaíocht Airgeadais d'Éire de chuid an AE/CAE/BCE, faoin bPlean Aisghabhála Náisiúnta 2011-2014 agus faoi na moltaí a tháinig ón nGrúpa um Athbhreithniú Éifeachtúlacht Údarás Áitiúla a raghaidh i bhfeidhm go ceann tamaill ar shruthanna ioncaim agus ar ár dtimpeallacht oibríochta. Is fíor go mbeidh laghdú suntasach ar oibreacha caiteachas ioncaim agus ar chláracha infheistíochta go ceann na mblianta atá romhainn. Sa chomhthéacs céanna caithfear tús áite a thabhairt do sheirbhísí áirithe tábhachtacha agus caithfear i ngach aon slí an margadh is fearr a bhaint amach inár gcuid saothair ar fad.

Má bhaintear amach na cuspóirí a bhaineann le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh cuirfidh an méid sin féin le costéifeacht agus le feidhmiú cóir. Is iad scileanna agus solúbthacht ár gcuid foirne na buanna is fearr atá againn sna cúrsaí úd.

Don bhliain seo chugainn agus go ceann tamaill fhada ina diaidh, beidh gá sa Chomhairle le rialachán géar agus le bainistiú fiachóirí chun go mbeidh sé d'acmhainn againn na seirbhísí lárnacha reachtúla a sholáthar do chách idir phobal an chontae agus cuairteoirí.

Tá léargas ar staid airgeadais agus ar ioncam agus caiteachas na bliana le feiscint sna táblaí agus sna cairteanna atá anso thíos. Is féidir a rá ar an mórgóir go bhfuil staid airgeadais na Comhairle sásúil go leor anois ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2012. Dhein an Chomhairle gnímh i 2012 a leanfaidh isteach i 2013 chun caiteachas oibríochta in aghaidh an lae agus an clár infheistíochta a leasú agus a chothromú leis an maoiniú agus leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil.

Meán Fómhair 2012, cuireadh in iúl don Chomhairle go mbeadh laghdú €19,005,401 ar an nDáileadh ón gCiste Rialtais Aitiúil. Ar deireadh laghdaíodh an t-iomlán mar

€316,193 mar gheall ar athbhreithniú a tharla ar leibhéil ghéilliúlacht don Mhuirear Teaghlaigh i gCiarraí sa Chomhthéacs Náisiúnta.

Leanann an Chomhairle i gcónaí den infheistíocht nach beag sa chlár seirbhísí uisce. Méadófar an caiteachas áitiúil ar bhonn leanúnach mar gheall ar chostais oibríochta/cothabhála agus ar na hardchaighdeáin a éilítear anois don uisce/diúscairt uisce dramhaíola.

Tá srian nach beag ar chaiteachas idir náisiúnta agus áitiúil agus go háirithe tá srianta an-ghéar i bhfeidhm ar an gcead iasachtaí ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh dúshláin bhreise romhainn toisc go mbíonn laghdú le tamall ar an ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha.

É sin go léir ráite áfach, go hachomair bhí ardéileamh ar ár gcuid seirbhísí le linn 2012 agus beidh an scéal amhlaidh isteach sa bhliain 2013. Sa chomhthéacs céanna mar sin caithfear ár gcuid seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus is féidir linn agus san am gcéanna ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar leathan seirbhísí.

Ráiteas Airgeadais

COIMRIÚ AR CHAITEACHAS AGUS AR IONCAM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Léiríonn an Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam an t-ioncam reatha agus an caiteachas ioncam reatha go léir. Léirítear freisin barrachas (easnamh) na bliana.

Caiteachas de réir Ranna	Cait. Iomlán 2012 €	Ioncam 2012 €	Caiteachas Glan 2012 €	Caiteachas Glan 2011 €
Tithíocht agus Foirgníocht	16,233,242	15,635,360	597,884	748,793
Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht	32,571,213	20,305,005	12,266,208	13,210,790
Seirbhísí Uisce	20,969,969	11,081,588	9,888,381	8,757,135
Bainistíocht Fhorbartha	7,445,979	1,789,596	5,656,383	5,781,017
Seirbhísí Comhshaoil	16,851,237	9,041,322	7,809,915	10,518,168
Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht	4,431,828	399,370	4,032,458	4,129,223
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	8,702,494	8,207,584	494,910	515,117
Seirbhísí Ilghnéitheacha	9,154,050	4,546,194	4,607,856	5,032,956
Muirir Lárbhainistíochta	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam/Iomlán	116,360,012	71,006,019		

Costas Glan Ranna ó Rátaí is ón gCiste Rialtais Aitiúil	45,353,993	48,693,199
Rátaí	21,917,800	21,778,442
Ciste Rialtais Áitiúil – Deontas Ginearálta	18,689,208	20,574,023
Laghdú Pinsean	2,404,428	2,482,348
Muirear Contae	6,415,752	6,618,359
Barrachas/(Easnamh) na bliana roimh Aistriú	4,073,195	2,759,973
Aistriú ón/(go) Cúlchiste	(3,933,680)	(2,472,906)
Barrachas/(Easnamh) na Bliana	139,515	287,067
Cúlchiste Ginearálta 1 Eanáir 2012	2,813,213	2,526,146
Cúlchiste Ginearálta 31 Nollaig 2012	2,952,728	2,813,213

Clár Fuílleach 31 Nollaig 2012

	2012 €	2011 €
Bunsócmhainní		
Oibrithe	404,293,523	405,613,971
Bonneagar	3,056,744,483	3,059,757,905
Pobail	899,168	934,428
Neamhoibrithe	2,508,738	2,487,327
	3,464,445,912	**3,468,793,631**
Obair-ar-Siúl agus Réamhchostais	**97,078,819**	**68,838,850**
Fiachóirí Fadtéarmacha	**36,228,028**	**38,428,111**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	940,972	985,528
Fiachóirí Trádála agus Réamhhíocaíochtaí	15,343,181	13,321,296
Infheistíochtaí Banc	55,485,744	61,100,865
Airgead faoi Bhealach	530,908	467,932
	72,300,805	**75,875,621**
Dliteanas Reatha (Iníoctha laistigh de bhliain)		
Rótharraingt sa Bhanc	2,048,133	4,254,788
Creidúnaithe & Fabhruithe	25,930,639	24,677,178
Cuntas Uirbeach	308,835	365,352
Léasanna Airgeadais	26,988	28,571
	28,314,595	**29,325,889**
Sócmhainní/(Dliteanais) Glan Reatha	**43,986,210**	**46,549,732**
Creidiúnaithe (Iníoctha tar éis bliana)		
Iasachtaí Iníoctha	94,033,598	96,045,097
Léasanna Airgeadais	108,644	128,572
Éarlaisí Inaisíoctha	2,147,328	2,326,945
Eile	211,856	367,120
	96,501,426	**98,867,734**
Sócmhainní/(Dliteanais) Glan	**3,545,237,543**	**3,523,742,590**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitiliú	3,464,445,912	3,468,793,631
Ioncam	95,367,062	69,286,851
Cúlchiste Ioncam Reatha Sonraithe	5,476,624	5,476,624
Cúlchiste Ioncam Reatha Ginearálta	2,952,728	2,813,213
Fuílligh Eile	(23,004,783)	(22,627,729)
Cúlchiste Iomlán	**3,545,237,543**	**3,523,742,590**

Ráiteas Airgeadais





Ráiteas Airgeadais





Íocaíochtaí Déanacha 2011

Faoi réir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán (Íoc déanach i nGnóthaí Trádála, 2002) Comhphobal Eorpacha, ag seo sonraí íocaíochtaí déanacha do chreidiúnaithe.

Mí Márta 2011, faoi ghealltanais an Rialtais faoin bPlean Aisghabhála Náisiúnta 2011-2014 agus faoin dTacaíocht Airgeadais d'Éire de chuid an AE/CAE, laghdaíodh an tréimhse íocaíochta do shonraisc bhailí ó 30 go 15 lá ar an bhféilire agus an riail nua i bhfeidhm ó 1Iúil , 2011. Seoltar tuairiscí géilliúlachta in aghaidh ráithe chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus foilsítear na tuairiscí céanna freisin ar shuíomh idirlín Comhairle Contae Chiarraí.

De réir reachtaíochta ní bhíonn ús éirice i gceist ach amháin má bhíonn moill breis is 30 lá ar an íocaíocht. Ní íoctar ús éirice ar son íocaíochtaí a dheintear sa tréimhse riaracháin idir 15 agus 30 lá.

Íocaíochtaí Déanacha	2012
Líon íocaíochtaí déanacha níos lú ná €317.44	NEAMHNÍ
Líon íocaíochtaí déanacha níos mó ná €317.44	NEAMHNÍ
Luach íocaíochtaí déanacha mar choibhneas le luach iomlán íoctha le soláthróirí 0%	NEAMHNÍ
Íocaíochtaí Iomlán	€114,322,427
Ús Éirice	NEAMHNÍ

Ranníocaíochtaí Forbartha 2012

Faoi réir Alt 48 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, is féidir le Comhairle Contae Chiarraí coinníollacha a chur le cead pleanála a bhronntar faoi Alt 34 den Acht céanna d'fhonn ranníocaíocht forbartha a éileamh. Dáiltear an ioncam a bhailítear ón scéim úd ar áiseanna agus ar bhonneagar poiblí chun leas forbartha a tharlóidh i gceantar an Údarás Áitiúla lena mbaineann (beag beann ar fhoinsí eile maoinithe a chaitear ar bhonneagar agus ar áiseanna).
Tá an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha don bhliain 2011 i bhfeidhm ón 19 Bealtaine 2008. Sa Tábla anso thíos tá luacha na Ranníocaíochtaí Forbartha – iad á gcur le forbairtí áirithe nó ginearálta – atá mar chuid de Ráiteas Airgeadas Bliantúil 2011 (Nóta 11). Is mar seo a leanas an t-achoimre orthusan:

	€
Cuntas glan oscailte 1/1/2012 barrachas/(easnamh)	16,302,042
Ioncam (Aistrithe Laistigh san Áireamh)	1,182,780
Caiteachas	(2,953,050)
Cuntas glan dúnta 31/12/2012 barrachas/(easnamh)	14,531,772

Airgead amuigh ag Fiachóirí (gearrthéarmacha) €1,733,382 agus ag Fiachóirí (fadtéarmacha) €211,856 de réir Ráiteas bliantúil Airgeadais 2012 Nóta 5 agus Nóta 3.

An Bord Fiontar Contae

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Tomás Hayes

Réamhrá

D'oibrigh Bord Fiontar Chontae Chiarraí ar bhonn láidir sásúil i mbliana dar gcríoch 31 Nollaig 2012 in anneoin an chúlú sa chomhshaol airgeadais agus cúrsaí gnó atá ar siúl i láthair na huaire.

Ceadaíodh deontais €479,602 do 41 micrea-ghnó agus an mianach iontusan 119 post lánaimseartha agus 29 post páirtaimseartha/séasúrach a chruthú.

Dáileadh ar an iomlán €479, 602 i bhfoirm deontas mar chúnamh do chomhlachtaí agus tá geallúintí tugtha ag an mBord faoi €359,607 eile a tharraingeofar anuas faoi 31 Nollaig 2012.

Chomh maith leis sin chaith an Bord €420,855 trí thacaíocht sa ghnó a thabhairt do níos mó ná 850 duine aonair. Orthusan bhí Oiliúint chun Gnó a Thosnú, Oiliúint chun Gnó a Fhorbairt, Margaíocht, Scileanna TE, Dearadh, Gréasáin Lucht Gnó agus Comhairleoireacht 'Ar Bhonn Aonair'.

Gradam Fiontar Mac Léinn

Bhí breis is 35 mionchomhlachta i Scoileanna áitiúla dara leibhéil páirteach sa chomórtas. Cuirtear forbairt nuála agus smaointe chun cinn maraon le struchtúr gnó, foinsí maoinithe, margaíocht/díolachán agus plean foirmiúil gnó a chur i láthair.

Tionscadail Earnála

Thug an Bord faoi fheachtas uallmhianach sna hearnála Bia agus Ceardaíochta agus pléadh ar bhonn láidir le táirgeoirí beaga trí na grúpaí táirgeoirí "Blas Chiarraí" (www.tastekerry.com) agus trín ngrúpa táirgeoirí ceardaíochta Ciarraí Bunúil – (www.originalkerry.com).

12 Gradam Fiontar Contae

Bhuaigh Chase Resourcing Ltd i gCill Orglan an Gradam Fiontar Contae 2012. Méadaíodh ar an líon foirne ó dhuine amháin ar dtús go 10 faoi dheireadh na bliana. Is ó chonarthaí thar sáile a thagann 40% den ghnó.

An Bord a Athleasú

Tá an Bord ag feitheamh leis an dtoradh a bheidh ar an bpróiseas scortha agus ar an athleasú ar struchtúir a bhunóidh Oifigí Áitiúla Fiontair (LEO)

Ní mór don LEO molta sainordú soiléir gan éideimhne a fháil chun tacú le micrea-fhiontar agus beartais fostaíochta ionas nach mbeidh dúbailt feidhmeanna ann.

Comhairle Baile Thrá Lí

Réamhrá Méara Thrá Lí

Is cúis áthair domsa, mar Mhéara Thrá Lí, a bheith bainteach leis an dTuarascáil Bhliantúil 2012. Ach súil siar a chaitheamh ar imeachtaí na bliana 2011 is léir feabhas mór ar bhonneagar an bhaile, ar áiseanna agus ar dhreach an bhaile ar an iomlán. Bhí sásamh ag baint leis an mbliain 2012 sa mheid gur críochnaíodh an-chuid tionscnamh a bhí ar bun agus á bhforbairt le tamall de bhlianta anuas.

I measc buaicphointí na bliana bhí críochnú agus Ionad Bogach Cuan Thrá Lí a osclaíodh go hoifigiúil 31 Márta 2012. Tá an-éileamh ar an suíomh idir mhuintir ha háite agus turasóirí agus is é is dóichí ná go méadofar an tarraingt agus an fás is forbairt ansiúd i gcaitheamh na mblianta. Is léir ón infheistíocht leanúnach a dheineann Comhairle Baile Thrá Lí in áiseanna turasóireachta gur tionscal fíorthábhachtach í seo do chúrsaí tráchtala ar an mbaile.

Caitheadh €4.5m ar an dtionscnamh úd a mbeidh tarraingt iontach air i measc muintir an bhaile agus turasóirí araon mar áis fhóillíochta is dá bhrí sin fuarthas maoiniú €2.9m ó Fháilte Éireann. Rud uathúil is ea é seo a mhéadóidh líon na dturasóirí agus a bheidh freisin mar fhoinse luachmhar oideachais agus feasachta ar an dtimpeallacht nádúrtha.

Tá tacaíocht againn ag leibhéal náisiúnta do Thionscnamh Athnuachana Ceantar an Mhistéalaigh agus leanadh den bhforbairt i 2012 nuair a aischóiríodh Foirgneamh an tSeanchlochair mar a bhíodh sé fadó; istigh ansiúd anois tá Ionad Cúram Lae Naomh Pádraig agus ocht gcinn d'árasáin os a chionn ar an cead urlár. Faoi stiúir FSS atá an t-ionad agus sampla iontach is ea é de chomhoibriu idiráisínteachtaí maidir le seirbhísi is áiseanna pobail.

Críochnaíodh an chéad chéim d'oibreacha comhshaoil in Ascaill an Mhistéalaigh agus Lána an Déanaigh agus tosnaíodh ar an bhFoirgneamh Seirbhísí Comhtháite. Croílár an cheantair athnuaite a bheidh ansiúd don phobal áitiúil is don phobal mhór atá thart orthu.

Táim fíorbhuíoch don phobal as a gcuid ama agus dua a chaitheamh leis an dtionscnamh mar is léir gur tacaíodh go mór le hathleasú an cheantair ó thús deireadh. Ní mór dom moladh agus buíochas a thabhairt d'fhoireann na Comhairle ar an dul céanna agus freisin do na háisinteachtaí éagsúla a bhí páirteach.

Bhí luach a saothair ag an bpobal a ghlac páirt sa chomórtas Bailte Slachtmhara nuair a bhain Trá Lí an bonn óir don chéad uair agus barr á chur ar na marcanna ón mbliain seo caite. B'iontach an gaisce é seo gan dabht go háirithe dóibh siúd go léir atá ag saothrú le blianta fada i mbun cúram an chomórtais. Caithfear creidiúint freisin a thabhairt do bhaill tofa na Comhairle a d'imigh in éineacht le muintir an bhaile chun bruscar a bhailiú, bláthanna a chur agus obair ghlantacháin eile a chur i gcrích. Táimid ag súil go mór le gach éinne a tharraingt isteach go beo san iarracht an bhliain seo chugainn 2013.

Baineadh sult gan dabht as na Féiltí, Mórshiúlta agus ócáidí eile a tharla i dTrá Lí. Níor tharla a leithéid gan dua an phobail agus gabhaim buíochas le cách a bhí páirteach san eagrú in aon slí. Ar an gcuma san cuirtear an baile seo againne chun

cinn agus cothaítear mórtas ceantar dúchais ionainn go léir. Aithním freisin an sárobair atá déanta ag Cónaidhm Lucht Tráchtála Thrá Lí i 2012.

Don bhfoireann agus do lucht bainistíochta Comhairle Baile Thrá Lí, ar son na mball tofa gabhaim buíochas ó chroí libh as a bheith tiomanta díograiseach i gcónaí.

An Comh Johnny Wall
Méara Thrá Lí

Tuairisc ón mBanisteoir Baile

In ainneoin cúrsaí deacra geilleagair idir náisiúnta agus áitiúil deineadh an-dhul chun cinn i dTrá Lí le linn 2012. Críochnaíodh mórán tionscnamh agus forbraíodh cinn eile lena mbunú an bhliain seo chugainn 2013. Failtítear go háirithe roimis an príomhinfheistíocht sa bhonneagar mar is fíor go mbíonn saol cruaidh ag lucht gnó agus cúrsaí trádála mar atáid faoi láthair.

Bhí tabhacht an-mhór freisin ar ndóigh le hioncam a bhailiú go háitiúil ó fhoinsí mar rátaí tráchtála, páirceáil agus cíos tithe a d'fhan mar a raibh acu nó a mhéadaigh beagáinín i 2012. Is maith an rud é sin gan dabht toisc gur tharla laghdú mór ar rátaí is ar tháillí páirceála le dhá bhliain thiar i 2009 & 2010. Is comhartha dearfach é gur tharla méadu éigin ar rátaí bailithe le dhá bhliain anuas nó ar a laghad nár chuaigh siad i léig. Mar bhainisteoir aithním an iarracht atá deanta ag lucht íoctha rátaí agus cíosa i measc na ndúshlán atá rompu agus molaim go hard foireann na comhairle a bhailíonn an t-ioncam reatha úd.

Gaisce mór i 2012 ab ea oscailt Seachród Thrá Lí Thoir inar infheistíodh €97m sa ghréasán bóithre sa dúthaigh thart ar Thrá Lí. Sa bhfadtéarma laghdófar go mór an líon agus an mhoill tráchta a bhíodh ar an ngréasán lárnach uirbeach. Táthar ag súil leis an Seachród a chríochnú mí Iúil 2013.

Ina theannta san táthar ag plé plean um bhainistiú tráchta do Thrá Lí le súil é a chríochnú i 2013. I gceist ansiúd beidh feabhas ar ghabhail, córas aon treo, limistéir choisithe, raonta rothar agus áiseanna páirceála.

Leanadh den uasghrádú agus feabhsú bóithre laistigh den mbaile i 2012 go háirithe ar na príomhbhealaí. Oibríodh freisin ar chosáin a fheabhsú, go háirithe maidir le cúrsaí rochtan do chách.

D'éirigh go han-mhaith ar fad leis an dTionscnamh Athnuachana do Phobal Ceantar an Mhistéalaigh/Bóthar Buí i 2012. Is mór againn an tacaíocht leanúnach ón Roinn Comhshaol, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). D'oscail an tAire Jan O'Sullivan scata tionscnamh mí Dheireadh Fómhair, mar shampla Ionad Cúram Lae Naomh Pádraig, Croílár na Mistéalach, Tionscnamh Deonach Tithíochta na Ríochta i bPáirc Uí hÁille agus chas an chéad fhód don bhFoirgneamh Seirbhísí Comhtháite.

Leanadh d'fheabhsúcháin chomhshaoil eile ar an mbaile i 2012, san áireamh bhí Cé an Phrionsa Céim 3, Lána na Beairice, Siúlóid Trá Lí-An Fhianait, athchóiriú ar Phort na Canálach, tírdhreach gairneoireachta ag Fel's Point agus deisiúcháin ar chosáin Sráid na Mainistreach. Cuireann na hoibreacha úd le dreach an bhaile agus is iontach an áis iad chun siúlóide laistigh den mbaile féin. Tá an Méara tar éis tagairt cheana féin don dTionscnamh Bogach Cuan Thrá Lí atá déanta anois de bharr blianta fada a caitheamh i mbun a forbartha.

Le linn 2012 lean an Chomhairle den infheistíocht sa stoc tithíochta. Tharla uasghrádú ar chúrsaí fuinnimh, cuireadh isteach an-chuid doirse, athchóiríodh díonta agus tharla oibreacha feabhsaithe radóin. Dhein an Chomhairle obair shuntasach freisin ar a gcuid foirgintí féin ag a bhfuil tábhachtach speisialta mar struchtúir ailtireachta i dTrá Lí, mar shampla an díon ar Mhuileann Gaoithe Cathair Uí Mhórain, Halla an Ághasaigh agus Halla an Baile.

Molaim go mór na baill tofa as a bheith ag obair le feidhmeannacht na Comhairle ar son leas an Bhaile.

Michael McMahon
Bainisteoir Baile

An Comh Mairéad Fernane
An Comh Toiréasa Ferris *(D'éirigh as an gComhairle, tháinig An Comh Patrick Daly ina hionad 8 Bealtaine 2012)*
An Comh Ted Fitzgerald
An Comh Cathal Foley
An Comh Norma Foley
An Comh Dan Galvin
An Comh Pat Hussey
An Comh Sam Locke
An Comh Terry O'Brien
An Comh Grace O'Donnell
An Comh Dan Galvin
An Comh Johnnie Wall
An Comh Gillian Wharton-Slattery

Baill na mBord/gCoistí

Cumann Údarás Áitiúla Éireann
An Comh Ted Fitzgerald
An Comh Dan Galvin

Muilinn Ghaoithe Chathair Uí Mhóráin
An Comh Dan Galvin

Coiste Oidhreachta Sliocht Cáiliúil
An Comh Johnnie Wall
An Comh Máiread Fernane
An Comh Gillian Wharton-Slattery
An Comh Cathal Foley

Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo
An Comh Grace O'Donnell

Comhchoiste Póilíneachta
An Comh Mairéad Fernane
An Comh Ted Fitzgerald
An Comh Cathal Foley
An Comh Norma Foley
An Comh Pat Hussey
An Comh Sam Locke
An Comh Dan Galvin
An Comh Toiréasa Ferris
An Comh Terry O'Brien
An Comh Grace O'Donnell
An Comh Johnnie Wall
An Comh Gillian Wharton-Slattery

Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta Chomhairle Contae Chiarraí
An Comh Pat Hussey

Coiste Polasaí Straitéiseach Pobal, Cultúr & Turasóireacht Chomhairle Contae Chiarraí
An Comh Máiread Fernane

Bord Forbartha Chontae Chiarraí
An Comh Terry O'Brien

Seirbhís Oideachais Chiarraí
An Comh Máiréad Fernane
An Comh Ted Fitzgerald

Seirbhís Oideachais Saoil Chiarraí
An Comh Grace O'Donnell

Comhar Spórt & Caitheamh Aimsire Chiarraí
An Comh Gillian Wharton-Slattery

Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil
An Comh Gillian Wharton-Slattery

Comhar Forbartha Chiarraí Thuaidh & Thoir Teo
An Comh Johnnie Wall

RAPID
An Comh Sam Locke

Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
An Comh Gillian Wharton-Slattery

Trá Lí Slachtmhar
An Comh Mairéad Fernane
An Comh Ted Fitzgerald
An Comh Cathal Foley
An Comh Norma Foley
An Comh Pat Hussey
An Comh Sam Locke
An Comh Dan Galvin
An Comh Toiréasa Ferris
An Comh Terry O'Brien
An Comh Grace O'Donnell
An Comh Johnnie Wall
An Comh Gillian Wharton-Slattery

I dTreo Feabhas ar Thrá Lí
An Comh Johnnie Wall

Margadh Feirmeoirí Thrá Lí
An Comh Grace O'Donnell
An Comh Dan Galvin

Comhdhálacha ag a raibh Comhairleoirí i 2012

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
AMAI	Óstan Kilmore, Br. Bhaile Átha Cliath, An Cabhán	5
21ú Comhdháil Bhliantúil Chomhshaoil Chiarraí	Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, Trá Lí	1
Teacht Aniar agus Ullmhú an Phobail: Dearcadh, Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúil	Óstán Malton, Cill Airne	1
LAMA	Óstán Tower, Port Láirge	3
Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	12-14 Sráid an Mhóta Íocht., BÁC 2	1
Comhdháil Comóradh Céad Bliana AMAI	Óstán Carlton Shearwater, Béal Átha na Slua, Co. na Gaillimhe	2
LAMA Seimineár an Fhómhair	Óstán An Earagail, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	2

Costais na gComhaltaí 2012

Liúntais Bhliantúla

An Méara	10,112.18
An Leasmhéara	2,607.22
Liúntais Chomhaltaí	36,354.35
Íocaíochtaí Ionadaíochta	71,751.89

Ar an iomlán i 2012 d'íoc Comhairle Baile Thrá Lí €7,0492.16 ar son láitheachtaí, ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon ócáid eile. Bhain an t-iomlán le liúntais taistil agus cothaithe anso inÉirinn.

Fáiltithe Cathartha

Tharla na Fáiltithe Cathartha seo a leanas i 2012:

- Aontas na gCór Thrá Lí
- Comóradh na Cásca
- *Educate Together* Thrá Lí
- Scoil Cheoil Thrá Lí
- Foireann Chispheile Cailíní Chnoc an tSeabhaic
- Gradaim Scoláireachtaí Ealaíon an Mhéara
- Aonad Altrachta Pobail Thrá Lí
- Rós Thrá Lí

Gradaim an Mhéara

Níor bronnadh aon Ghradam an Mhéara i 2012.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Comhairle Baile Thrá Lí 2012

Tithíocht & Leas Sóisialta

Tithíocht Shóisialta

Ar 31Nollaig 2012 bhí 1,189 aonad stoc tithíochta ag Comhairle Baile Thrá Lí. Tharla 1,007 cigireacht tar éis iarratais chothabhála agus rugadh 49 áitreabh folamh ar ais in úsáid i 2012.

Maidir le liosta feithimh tithíochta Comhairle Baile Thrá Lí:

- Cháiligh 2,171 iarratasóir do thacaíocht um thithíocht shóisialta faoi dheireadh na bliana 2012
- Fuarthas 308 iarratas nua i 2012
- Tosnaíodh ar 83 tionóntacht nua i 2012
- Ar an iomlán deineadh measúnú ar 1,969 iarratasóir ar thacaíocht um thithíocht shóisialta ó Chomhairle Baile Thrá Lí de réir na Rialachán Measúnaithe um Thithíocht Shóisialta 2011

Infheistíocht i dTithíocht Shoisialta (SHIP)

Faoin gClár Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta, dáileadh €424,093 i 2012 ar Chomhairle Baile Thrá Lí chun caighdeán an stoc tithíochta a fheabhsú ar an iomlán.

- Caitheadh €248,714 ar an bhfeidhmiú fuinnimh a fheabhsú go mór i 21 aonad tithíochta
- Caitheadh €140,000 ar oibreacha feabhsucháin a chríochnú i gceantar Athnuachana an Mhistéalaigh
- Caitheadh €35,379 ar 9 tigh údarás áitiúla a chur in oiriúint go speisialta do riachtanais an teaghlaigh

Clár Athnuachana Pobal An Mhistéalaigh/An Bóthar Buí

I 2012 tharla dul chun cinn an-mhór ar athfhorbairt fhisiciúil agus uasghrádú ceantar An Mhistéalaigh/An Bóthar Buí.

Mí Feabhra 2012 críochnaíodh athfhorbairt an tseanchlochair i dTobar Maigh Doire agus d'oscail an tAire Jan O'Sullivan an foirgneamh go hoifigiúil Deireadh Fómhair 2012 Comhfhiontar is é seo idir Comhairle Baile Thrá Lí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá ionad cúram lae anois ar leibhéal na talún in ionad na n-áiseanna a bhíodh lonnaithe i mbungalóanna Naomh Pádraig le breis is 25 bliana.

Croílár an cheantair athnuaite a bheidh ansiúd don phobal áitiúil is do phobal mhór Thrá Lí atá thart orthu. Faoi láthair bíonn suas le 40 duine scothaosta ag freastal ar an ionad go rialta in aghaidh an lae agus scata eile ag bualadh

isteach maidir le seirbhísí eile FSS nó imeachtaí éagsúla. Os a gcionn ar an gcéad urlár tá ocht gcinn d'árasáin atá ceangailate le scéim tithíochta Comhairle Baile Thrá Lí ar a dtugtar Tobar Naofa. Dáileadh na hárasáin úd ar dhaoine a bhí ar liosta tithíochta Comhairle Baile Thrá Lí.

Mí na Márta 2012 críochnaíodh an foirgneamh árasán 'Cloghareasta' mar a bhfuil 22 arasán á mbainistiú ag Cumann Deonach Tithíochta na Ríochta. Fuarthas maoiniú chuige sin ón Scéim Cúnamh Caipitiúil de chuid an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ach is í Comhairle Contae Chiaraí a dheineann an riarachán.

Mí an Mheithimh 2012 dáileadh tithe 'Croílár na Mistéalach' ar dhaoine a bhí ar liosta tithíochta Comhairle Baile Thrá Lí agus orthu siúd a bhíodh ina gcónaí i gCorrán an Mhistéalaigh cheana féin. Sna 18 tigh seo tá an chéad chéim den bhfoirgniocht a thosnaigh nuair a leagadh 81 tigh i gCorrán an Mhistéalaigh dhá bhliain ó shin.

Sa scéim tithiochta seo tá 11 aonad ar charbón neodrach íseal is iad níos fearr ná aon fhorbairt eile a tógadh dTrá Lí maidir le feidhmiú fuinnimh; úsáidtear fuinneamh inathnuaite ó adhmad a fhástar sa cheantar maraon le fuinneamh grianda. Tá sé ar na céad tionscnamh sa tír um charbón neodrach íseal a aithníodh is a soláthraíodh ag údarás áitiúil.

Mí na Samhna tosnaíodh ar an bhFoirgneamh Seirbhísí Comhtháite. Gheofar cuid den chostas iomlán €4.27milliún trí mhaoiniu ón gCiste Cuntas Díomhaoin, beidh iasachtaí ó Chomhar Creidmheasa Thrá Lí, deontas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus tacaíocht bhreise ó Chomhairle Baile Thrá Lí. Beidh na seirbhísí á soláthar ar shuíomh mar a mbíodh Corrán an Mhistéalaigh/bungalóanna Naomh Pádraig agus beidh ról riachtanach ag an ionad maidir le beocht a chur sa cheantar athnuaite. Caithfear bliain iomlan á thógaint is tá súil le bheith críochnaithe go luath i 2014.

Bhí Comhairle Baile Thrá Lí thar a bheith gníomhach ag lorg breis foinsi maoinithe chun tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh ar na haonaid chónaithe sa cheantar athnuaite. D'éirigh go breá leis an bhfeabhas a cuireadh ar fheidhmiú fuinnimh idir ghnáth-thithe cónaithe agus an tionscnamh téite ceantair. I 2011 bhunaigh an Chomhairle comhpháirtíocht le hÚdarás Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus BSL Leictreachas Éireann sa 'Tionscnamh Píolótach Comhpháirtíocht Thrá Lí um Aischóiriú' a lig do Chomhairle Baile Thrá Lí teasdíonadh lasmuigh a chur ar 89 tigh ar Ascaill is ar Bhóthar an Mhistéalaigh, críochnaíodh an obair úd Bealtaine 2012.

Deineadh obair mhór shuntasach leis i 2012 maidir le huasghrádú seirbhísí agus feabhsúcháin chomhshaoil ar Lána an Déanaigh is ar chodanna d'Ascaill an Mhistéalaigh chomh fada le Cearnóg an Mhistéalaigh. Cuireadh seirbhísí faoi thalamh, suiteáladh gréasán nua scaipthe fuinnimh, leagadh cosáin, uachtar bóthair, suiteáladh soilsí nua, tharla gairneoireacht tírdhreach agus cuireadh ceamaraí CCTV sa cheantar.

Clár Oibreahca Feabhsucháin 2012
Ar an obair a críochnaíodh i 2012 bhí an méid seo:-

- Aischóiríodh 21 aonad faoin gclár aiscóirithe fuinnimh. Ar na beartais bhí uasghrádú córas téite, rialuithe,teasdíonadh agus oibrithe ginearálta eile chun feabhais.
- Fuinneoga agus Doirse nua ar 20 aonad in Eastáit Balloonagh agus Seanachill.
- Deineadh aischóiriú iomlán i 2012 ar dhá thigh a ceannaíodh i 2011; díonta nua, siúinéireacht agus plástráil laistigh, córas nua téite agus oibreacha lasmuigh.

Tionscnamh um Fheidhmiú Fuinnimh sa Láthair Oibre 2012
Tharla Uasghrádú um Fheidhmiú Fuinnimh mar a leanas:

- Córas téite, soilsiú agus gloiniú tánaisteach san oifig i Halla an Ághasaigh
- Uasghrádú ar stáisiúin chaidéalaithe séaraigh
- Uasghrádú ar an soilsiú sa Chlós Innealra, Sráid na Carraige
- Uasghrádú ar an gcóras téite i Halla an Bhaile, Cé an Phrionsa
- Caidéal nua in ionad seancheann a bhí briste.

Bóithre & Iompar

I 2012 lean Comhairle Baile Thrá Lí den gclár uachtar bóithre agus feabhas ar chosáin trín mhaoiniú seo a leanas:

- Blocdheontais: €410,000
- Ár Stuaim Féin: €65,000

Ar na tionscnaimh a tharla i 2012 cuireadh uachtair ar:
Faiche an Ráschúrsa, Bóthar SS Uí Shíthigh, ar chúl Halla an Ághasaigh, Ogham Rian, Derrylea, Bóthar An Chillín, Bóthar na Dríoglainne, Bothar an Mhistéalaigh

Feabhsaíodh na cosáin ag:
Cluain an Óraigh, Bóthar Chluain an Óraigh, An Cnoc Maol, bungalóanna Sráid Rae, Ráth Únáin, Seanachill, Cúirt an Fhuaráin, Garrán na Fuinseoige, Páirc Naomh Breandáin, Halla an Ághasaigh, Seanghort an Chrocaire

Suiteáladh Ceansú Tráchta (Rampaí) ar Bhóthar an Spá, Seanachill, Leedale/Ard Carraig, Bóthar Chluain an Óraigh chomh maith le córas aon treo ar Lána na Priaireachta.

Maoiníodh na hoibreacha seo a leanas trí Thobhaidh Fhorbartha:
An Clár leanúnach Soilsithe ag CBS/ Bóthar na Dríoglainne, Siúlóid Abhainn na Laoi agus Sráid na Mainge. Feabhsaíodh Lana na Beairice agus tosnaíodh ar Limistéar Carr na Mainistreach a fhorbairt.

<u>Glacadh mar Mhuirear</u>
Glacadh na bóithre seo mar mhuirear i 2012:
Fortfield, Quarryvale, Céide na Laoi (Céim Dheiridh), Bóthar Fels Point, Garrán an Ghoirt Aird. Méadú an ualaigh ar bhuiséad cothabhála na Comhairle is ea gach aon bhóthar a ghlactar mar mhuirear.

Feabhas & Caomhnú Comhshaoil

I 2012 bhain Trá Lí stádas 'Bonn Óir' amach i gComórtas na mBailte Slachtmhara don chéad uair riamh.
Ní haon áibhéil a rá gur tharla sé sin de bharr iarrachtaí comhtháite I dTreo Feabhas ar Thrá Lí, Trá Lí Slachtmhar agus an Údaráis Áitiúla.
Arsa Méara Thrá Lí, An Comh. Johnnie Wall, "D'oibríomar go dian agus tá páirtíocht iontach anois idir Comhairle Baile Thrá Lí, iarrachtaí deonacha, cumainn áitritheoirí agus lucht tráchtála. Faoi scáth I dTreo Feabhas ar Thrá Lí a tharla sé seo agus dul chun cinn thar na bearta ar fad ab ea é an stádas óir a bhaint amach don chéad uair riamh i 2012'.
Bhuaigh an baile boinn chré-umha i 2005 agus 2006 maraon le boinn airgid ó 2008 go 2011.

Suirbhé Reiligí:
I 2012 dhein Comhairle Baile Thrá Lí suirbhé ar an dá reilig atá laistigh den cheantar feidhme, sin Ráth Theas agus Bóthar na Dríoglainne, Trá Lí. Deineadh an suirbhé le huirlisí nasctha GPS maraon le suirbhé grianghrafanna ar na leaca tuama atá ceangailte le léaráidí a thaispeánann suíomh na leaca éagsúla.
Ar na grianghrafanna tá sloinnte agus sonraí in ord aibítire, nuair is feidir na scríbhinní a léamh.
Áis iontach is éa é seo d'éinne a bheadh ag lorg eolas ar a shinsir.

Tionscnaimh Chonláistí Comhairle Baile Thrá Lí:
Don dara bliain as a chéile ba í Páirc Bhogach Cuan Thrá Lí an tionscnamh ba mhó ag Comhairle Baile Thrá Lí agus oibreacha idir chomhshaoil agus cóiríochta ar bun againn.
Tá móran áiseanna ansiúd idir ghníomhaíochtaí taitneamhachta agus zóin dúlra.
Bhí an t-údarás áitiúil i mbun plandáil chomhshaoil, cosaint agus oibreacha rochtan.

I measc oibreacha eile bhí Cé an Phrionsa Céim II, Fels Point, Stáisiún Caidéalaithe Bhaile an Mhuilinn, Siúlóid Mhór Conláiste na hAbhann Céim II agus Páirc An Bhaile Ard.

Ginearálta
I 2012 thug an Chomhairle faoi deara go mbíonn an-shuim ag pobail ina gceantar féin agus iad ag iarraidh cabhrú leis an Údarás Aitiúil maidir le hoibreacha agus le huasghrádú.
Dá réir sin mhéadaigh an Chomhairle ar a gcuid acmhainní chun comhoibriú leo nuair ba léir go rabhadar toilteanach páirt mhór a glacadh sa tsaothar comhshaoil úd.
Uaireanta ní bhíodh ann ach fearas nó plandaí a cheannach ach deintí tírdhreach gairneoireachta leis idir bhog is crua in éineacht le cumainn áitritheoirí.
Ar an grúpaí a bhí páirteach bhí Ráth Únáin, Bhóthar an Spá, Bruach na hAbhann, Eastát An Máinéar, An tÚllord, Lohercannon, Ogham Rian, Bailtíní de Staic, Ascaill na Darach, Páirc Uí Chéirín, Páirc an Riadaigh, Gort an Chrocaire, Cois Coille, Máinéar Woodbrooke, KDYS, Páirc Uí Chonghaile, Páirc Mhuire, Cuibhrinn Ghort an Chrocaire, an Tionscnamh Gáirdín Pobail (Halla an Bhaile), Grúpa Feasachta ar Fhéinmharú agus Eastát Moing.
Tharla mórán scéimeanna beaga feabhsúcháin nó 'glantacháin' i gceantair éagsúla, mar shampla boscaí plandálta i Lár an Bhaile, clathacha agus plandáil chrann ar

Shuíomh Parklands, tírdhreach gairneoireachta idir bhog is crua i bPáirc Céirín Uí Raghallaigh, ag gabhal Bhóthar Matt Talbot/Balloonagh, Carrchlós Balloonagh agus Páirc Cathair Uí Mhóráin.

In Earrach 2012 tharla oibreacha sna ceantair seo a leanas:
Ar chúl Halla an Ághasaigh, Faiche an Bhaile, Lár an Bhaile, Bóthar an Duga, Bailtíní Uí Raghallaigh, Cé an Phrionsa / Plás Day, Cnoc Maol , Cill Dara, Slí Isteach sean agus nua Pháirc Mhuirie, Céide Lioscarraig, Faiche an Ráschúrsa (Limistéar na Páirce), Radharc na Darach, Spás Glas Cahermoneen, An Chúirt Thiar, Páirc Naomh Bheandáin, Páirc Caoimhín de Barra, Páirc Uí Chonghaile, West Court, Lána na Sméara Dubha/ Ghort an Chrocaire, Bóthar Chill Airne/ Páirc Mhuire, Leedale, Ard Carraig, Plás Mícheál Ó Réagáin, bungalóanna Sráid Rae, Dúiche an Chaisleáin, Cahermoneen, Carrigeendaniel, Bothar Buí, Bóthar Matt Talbot agus Sráid an Ághasaigh.

Rialú Bruscair
Le linn 2012 phléigh na Maoir Bhruscair le 776 airteagal a bhí dumpálta trí chéile chomh maith le 6 feithicil tréigthe. Fuair foireann Chomhairle Baile Thrá Lí 191 'Iarratas Freagartha, eisíodh 22 fíneáil agus 44 rabhadh. Suiteáladh córas nua CCTV ag na hIonaid Beir Chuige i gCarrchlós Bóthar Matt Talbot, rud a chuir deireadh nach mór leis an dumpáil trí chéile ar an láthair úd.

Féile na mBláth
D'admhaigh an lucht eagraithe gur éirigh thar na bearta leis an seachtú Féile na mBláth i mbliana 2012. Féile spraoi do theaghlaigh is ea í seo agus raidhse imeachtaí éagsúla ar bun thar trí lá. D'fhreastail na mílte cuairteoirí, turasóirí ón iasacht san áireamh, ar na himeachtaí ar Fhaiche an Bhaile.
Ba í an Méara, An Comh. Grace O'Donnell a d'oscail an ócaid agus í go gnóthach ar feadh na deireadh seachtaine ag bronnadh duaiseanna is ag fáiltiú ag imeachtaí.
Ócáid atá lonnaithe i measc an phobail is ea í seo a cheiliúrann muintir Thrá Lí is iad le chéile ag baint sult as imeachtaí idir spraoi, oideachais agus comórtais.
Eagraítear í chun aird a tharraingt ar chonláistí Faiche an Bhaile agus chun taithí chultúrtha, foghlama agus pobail a sholáthar.
Ón gcéad lá i 2005 tá fás agus forbairt faoin bhFéile agus saothar deonach ar bun ag móran idir dhaoine aonair, grúpaí agus pobail chun íomhá agus gnéithe dearfacha muintir ceantar mhór Thrá Lí a chur chun cinn.
Bíonn reimse leathan imeachtaí is iad oiriúnach do gach aoisghrúpa agus do lucht míchumais is dreamanna ó mhionlaigh eitneacha.
Leagtar béim ara an saol dearfach atá anso i dTrá Lí agus fáiltítear roimis chách idir dhaoine aonair, pobail áitiúla agus scoileanna le pairt a glacadh in Ealaíon, Ceardaíocht, Stair, Bia, Gairneoireacht, Ceol agus an Comhshaol. Ar an gcuma san cothaítear mórtas ceantar áitiúla/pobal trí rannpháirteachas iarrachtaí aonair agus/nó pobail.

Seirbhísí Uisce

Tharla na tionscnaimh seo a leanas i 2012:

- Leagadh príomhphíopa nua agus cuireadh isteach ceangail nua tithe ag Bungalóanna is Bailtíní de Staic
- Cuireadh ceangal nua idir Bóthar Chluain an Óraigh agus Eastát Ghort an Chrocaire
- Cuireadh comhlaí nua ag Páirc Naomh Breandáin chun brath silte a éascú

- Críochnaíodh ceangail nua príomhphíopa agus gnó ag an Seanionad CWS, Sráid na Carraige.

Pleanáil & Forbairt

Iarratais Phleanála
Fuair Comhairle Baile Thrá Lí iomlán 81 iarratas pleanála le linn 2012, ní raibh ach 5 cinn (6.17%) díobh nach raibh bailí. Ba iad 78 iarratas agus 2 ceann (2.56%) nach raibh bailí an dá fhigiúr chéanna don bhliain 2011.

Mar seo a leanas an anailís ar chatagóirí na n-iarratas bailí a fuarthas i 2012.

Tithe Cónaithe agus Sínte san áireamh	22
Tráchtála	26
Coimeádta	6
Malairt Úsáide	6
Eile	16

Ar an iomlán deonaíodh 71 ceadúnú i 2012 agus diultaíodh do 7 cinn.

Achomhairc
Tá sé de cheart ag an iarratasóir nó ag éinne i measc an phobail (a dhein aighneacht bhailí maidir le hiarratas pleanála) achomharc a sheoladh chuig An Bord Pleanála i gcoinne cinneadh atá déanta ag an údarás áitiúil. Deineadh achomhairc chuig An Bord Pleanála i 2012 faoi trí chinneadh. Ar na sé cinn ar pléadh leo, dheimhnigh An Bord Pleanála cinneadh na Comhairle i ngach aon cheann de na sé chás.

Forfheidhmiú Pleanála
Is é an ról atá ag forfheidhmiú pleanála ná forbairtí a deineadh gan chead a aithint len iad a scriosadh nó a thabhairt chun rialtachta chomh tapaidh agus is féidir trí chleachtais fhorfheidhmithe. Le linn 2012, fuarthas 51 gearán, d'eisigh Comhairle Baile Thrá Lí 31 litir rabhaidh agus 14 fógra forfheidhmithe as rialacha Pleanála a shárú.

Ranníocaíochtaí Forbartha
I 2012, ar an iomlán bailíodh €316,329 mar ranníocaíochtaí forbartha i gcomparáid le €218,584 i 2011.

Suímh Thréigthe
I 2012 tharla dul chun cinn éigin maidir le suímh Thréigthe i mbaile Thrá Lí. Ar an iomlán dhein úinéirí 13 áitreabh oibreacha i rith na bliana. Eisíodh 34 Fógra faoin Acht um Shuímh Thréigthe agus gearradh Tobhadh freisin ar ocht gcinn. Léirítear trí shuirbhéanna go gcaithfear leanúint den obair sa réimse úd.

Glacadh mar Mhuirear
Ghlac Comhairle Baile Thrá Lí le cúig eastát príobháideach mar mhuirear orthu féin i 2012. Tá próiseas á dhéanamh faoi láthair ar dhá iarratas eile i dtreo iad a Ghlacadh mar Mhuirear i 2013.

Tuairisc Airgeadais

Caiteachas

	2012	***2011***
Caiteachas Ioncaim Reatha	€20,588,824	€23,092,095
Caiteachas Caipitiúil	€ 6,389,776	€16,115,710
Ráta Bliantuil Luachála	81.18	81.18

Príomhfhoinsí Ioncaim Reatha 2012	**€**
Rátaí	9.8m
Deontas ón Státchiste/Aisíocaíochtaí	2.6 m
Cíos Tithíochta	2.8m
Muirir Pháirceála	1.6m
Uisce/Fuíolluisce	1.1m
NPPR	0.7m
An Músaem	0.2m

Comhairle Baile Chill Airne

Réamhrá Méara Chill Airne

Beidh trácht ar an mbliain seo 2012 in annála rialtais áitiúil mar an bhliain ba mhó cúlaithe ó bunaíodh an córas sa dara leath den naoiú haois deag. Mí Dheireadh Fómhair d'fhógair an tAire Phil Hogan go gcuirfí deireadh leis na comhairlí baile agus buirge is le comhairlí cathrach áirithe ó Mheitheamh 2014 ar aghaidh. Beidh comhlactaí móra ina n-ionad ach gan chumhacht ratála acu.

Bhí agus tá fós tionchar thar a bheith dearfach ag an mbonn óir i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2011 ar stádas an bhaile idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, leanfar den dearcadh mar tuigtear go gcoimeádtar is go dtógtar ar chaighdeáin na bliana úd. Comhghairdeachas le Yvonne Quill agus leis an bhfoireann iontach oibrithe atá aici, go deimhin is fíor a ra go raibh lion mór daonra Chill Airne is na dúthaí máguaird bainteach leis an iarracht.

Ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil anuraidh bhuamar duais sa chatagóir pobal i gComórtas Bloom, comórtas domhanda is ea é sin agus ba iad Yvonne Quill agus Kathleen Foley a ghlac leis an ngradam ag an searmanas bronnta. Anuraidh leis roghnaíodh sin i gcomórtas nua eile mar cheann de na bailte is fearr in Éirinn ó thaobh turasóireachta de agus mar áit chónaithe.

Dualgas taitneamhach amháin a bhí orm ná dul mar cheann ar thoscaireacht go Cumbria mí Dheireadh Fómhair ag lorg eolais ar shiúlóid san áit sin le súil a leithéid a chur chun cinn anso i gCill Airne mar shíneadh le biaiste na turasóireachta. Tháinig Carmel Flynn ón gCumann Lucht Tráchtála agus Turasóireachta. Chun an leas is fearr a bhaint as coincheap seo na siúlóide ní mór struchtúr ceart a bhunú i mbun taighde ar a leithéid de ghníomhaíochtaí. Tá an Cumann anois ag smaoineamh ar fhéile seachtaine siúlóide a bhunú mí Dheireadh Fómhair. Sa chomhthéacs seo níor mhór a chur san áireamh gan dabht go mbíonn imeachtaí eile dá leitheid ar bun ar fud Chontae Chiarraí.

Is leis an gComhairle Baile Ionad Spórt agus Fóillíochta Chill Airne ag a bhfuil ról fíorthábhachtach i saol spóirt, sóisialta agus eacnamaíoch an bhaile ó cheann ceann na bliana. Bunaíodh club snámha i rith na bliana is tá ag éirí go hiontach leis sin. Caithfear a thuiscint nach aon dóichín é an gné seo i measc áiseanna turasóireachta.

Tá an raon rothar/coisithe ar an mbruach thiar dulta anois chomh fada le Kingsbridge agus Crosaire An Fosadh. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann faoi stiúir Mick Doyle agus Mick Spillane a chuir an t-uafás saothair i gcrích chun an chéim seo a bhaint amach. Táimid ag súil leis an gcéad chéim eile a thosnú sar i bhfad mar forbairt thar a bheith spreagúil is ea é seo.

Córas Téite Ceantair

Tá a fhios againn gur tharla dul chun cinn suntasach taighde air seo le bliain anuas. Bailíodh an-chuid eolas atá riachtanach duinne, údarás áitiúil, mar chúlra;

is cuma an sinne nó áisínteacht eile a bheidh ina bhun cé go mbeadh sé d'aidhm againn féin a bheith mar threoraí air seo nuair a tharlaíonn an fhorbairt.

An Tóstal
I ndara leath na bliana 2012 thosaigh An Chomhairle Baile ag pleanáil don Tóstal. Bunaíodh coiste chun clár a chruthú bunaithe ar Thóstal Domhanda Cumann na gCiarraíoch. Beidh sraith imeachtaí mí Bealtaine 2013 mar Rince an Mhéara ar an 10ú lá, ceolchoirm in ómós do Johnny O'Leary, ceolchoirm "Ceangaltacht", ceol sráide agus comórtas galf. Beidh Féile rásaí Chill Airne ar siúl san am gcéanna agus gheofar breis eolais ag an suíomh www.kerrygathering.ie . Beidh sé i gceist imeachtaí éagsúla eile a reachtáil i gcaitheamh na bliana.

Ár gcuid Coistí
Bíonn ár gcuid coistí ag obair go ciúin dícheallach don chuid is mó, ag cur feabhais ar an bpobal trí Killarney i.e., Ealaíon Chill Airne, Rochtain Chill Airne, Nascadh Bailte Chill Airne, Teagmháil Drugaí Chill Airne, Spórt agus Fóillíocht Chill Airne agus Onóracha Chill Airne. Tá géarghá leis na coistí úd chun Cill Airne a bhrú chun cinn mar phobal beo bríomhar, anam an bhaile is ea a leithéid siúd maraon le coistí is clubanna deonacha eile nach iad. Is mian liom mo bhuíochas féin agus buíochas na Comhairle Baile a ghabháil leo go léir as a gcuid saothair chun leas cách ar an mbaile.

Tionscnaimh nár críochnaíodh
Tá tionscnaimh eile fós ann gan chríochnú, mar shampla, plean chun an suíomh Pretty Polly a bhíodh ann a fhorbairt, reilig nua atá ag teastáil go géar agus talamh a cheannach ó FSS (mar a mbíodh ospidéal Naomh Fhionáin). Táim féin fós ag plé maidir leis an gcuspóir úd chun muirear páirceála a shocrú d'Ospidéal Ginearálta Thrá Lí a bheith cóir agus cothrom do chách.

De dheasca cúrsaí oibre d'éirigh Hugh Courtney as an suíochán a bhuaigh a athair, nach maireann, breis is daichead bliain ó shin agus tháing deartháir níos sine leis, An Comh. Paddy Courtney, ina ionad. D'imgh Tim Bartlett, maor tráchta agus Teresa O'Sullivan, Oifigeach Cléireachais ar scor agus guímíd gach rath agus séan orthu araon.

An Comh Sean O'Grady
Méara Chill Airne

Ráiteas an Bhainisteoir Baile

Mar Bhainisteoir Baile Chill Airne, is mian liom buiochas a ghabháil le cách a shaothraigh go dian agus Cill Airne anois roghnaithe mar cheann de na bailte is fearr in Éirinn mar áit chónaithe.

Mar atá ráite cheana féin ag an Méara, tá ríméad orm gur tugadh an t-aitheantas seo do Chill Airne i measc bailte móra na tíre.

Ní de thimpiste a tharlaíonn a leithéid de ghradam ach de bharr blianta fada a bheith curtha isteach ag daoine ag cur feabhas agus snas ar an áit. Is léir gur shaothraigh an pobal ar fad le chéile is gur chaitheadar díograis le rudaí beaga dhéanamh i gceart agus meon dearfach a léiriu os comhair an tsaoil.

Téann a leithéid d'iarracht i bhfeidhm ar gach éinne is tá an-áthas orm nach ligeann muintir Chill Airne a maidí le sruth is iad ag cinntiú go gcoimeádtar na hardchaighdeáin atá anois againn.

Gabhaim féin buíochas ó chroí le cách a bhí páirteach agus is mian liom buíochas ball tofa na Comhairle Baile, na foirne is na bainistíochta a ghabháil libh go léir mar is mór an inspioráid sibh dúinn ar fad.

Glacaim leis an deis chomh maith saothar foireann na Comhairle seo againne a mholadh go hard. Bíonn siad ag obair i gcomhar le saorálaigh, pobail agus eagraíochtaí ar son leas baile Chill Airne agus ní féidir neamhní a dhéanamh den mhéid a bhíonn ar siúl acu.

Is mithid dúinn anois béim a leagadh ar na cúrsaí aitheantais úd agus éiginnteacht ag baint le todhchaí Comhairle Baile Chill Airne. Is fíor a rá go mbímis i gcónaí ag comhoibriú lena chéile i measc coistí mar Bhailte Slachtmhara, Cumann Tráchtála Chill Airne agus dreamanna eile turasóireachta. Is dóigh liom féin gurb é an meon láidir dearfach sin eadrainn go léir is bonn faoin rath atá anois ar bhaile Chill Airne.

Le linn 2012, bhíodh Comhairle Baile Chill Airne ag obair go dian maidir le feabhas agus slacht a bheith ar an áit do chách idir thurasóirí agus muintir na háite. Toisc an duais mhór Bailte Slachtmhara a bheith buaite againn anuraidh, ní fhéadfaí dul san iomaíochta i mbliana ach níor laghdaigh sé sin an iarracht ná na caighdeáin. Táim cinnte go mbeimis an-ghar don duais mhór arís ach sinn a bheith ann an turas seo.

Gnéithe a chuireann go mór le Cill Airne is ea an feabhas ar dhreach sráide agus áis úd rothar agus coisithe idir Cill Airne agus An Fosadh.

Ta ríméad orm a leithéid d'fhorbairt a fheiscint go soiléir ar shráideanna Chill Airne, go mórmhór le linn cúlú eacnamaíochta agus mórán turasóirí ag teacht chugainn i gcónaí. Léargas ar dhíograis earnáil na turasóireachta is ea na féilte agus na himeachtaí eile a bhíonn ar siúl. Mealltar na cuairteoirí tríothu, feictear go mbíonn ardchaighdeáin againn. Fantar go ceann tamaill fhada, tagtar ar ais arís agus neostar an scéal do chairde.

Gabhaim buíochas leis na baill tofa as a dtacaíocht le linn 2012 agus le foireann Chomhairle Baile Chill Airne idir laistigh agus lasmuigh as a saothar díograiseach ar fad.

John Breen
Bainisteoir Baile Chill Airne

Baill Chomhairle Baile Chill Airne

An Comh. Sean O'Grady
An Comh. Tom Doherty
An Comh. Donal Grady
An Comh. M. Gleeson
An Comh. Sean Counihan
An Comh. N. O'Callaghan
An Comh. Hugh Courtney. *(Tháinig An Comh. Paddy Courtney 11 Meitheamh 2012 in ionad An Comh. Hugh Courtney a d'éirigh as an gComhairle)*
An Comh. J. O'Donoghue
An Comh. C. Walshe

Costais na mBall

Liúntas An Mhéara	€ 8,531.38	
Liúntais na mBall	€18,045.73	
Íocaíochtaí Ionadaíochta	€32,039.63	
Costais na gComhaltaí go díreach i leith Comhdhálacha/Seimineáir	€ 2,839.92	
Táillí Comhdhála Íoctha	€ 1,375.00	
Costais na gComhaltaí go díreach i leith		
Taisteal thar sáile		€ 3,117.28
Íocaíocht as: Eitiltí/Cóiríocht - Taisteal thar sáile		€ 6,235.11

Baill Chomhlachtaí Eile

Grúpa	**Ionadaithe**
Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí	An Comh. Sean O'Grady An tAth. Nicholas Flynn
Cumann Údarás Aitiúla na hÉireann	An Comh. Sean Counihan An Comh. Sean O'Grady
Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	An Comh. Sean O'Grady
Meitheal Chill Airne	An Comh. Paddy Courtney An Comh. Tom Doherty

	An Comh. Donal Grady An Comh. Niall O'Callaghan
Coiste Onóracha	An Comh. Sean Counihan An Comh. Paddy Courtney An Comh. Tom Doherty An Comh. Cathal Walshe
Coiste Nascadh Bailte	An Comh. Sean Counihan An Comh. Paddy Courtney An Comh. Tom Doherty An Comh. Donal Grady An Comh. Niall O'Callaghan An Comh. John O'Donoghue Sheila Casey Uas. Sheila Dickson Uas. An tUas. Tony Kenny An tUas. Brian O'Leary
Fochoiste um Cheisteanna Míchumais	An Comh. Sean O'Grady An Comh. Tom Doherty
Fochcoiste Tionsclaíoch	An Comh. Sean Counihan An Comh. Tom Doherty An Comh Donal Grady An Comh. Sean O'Grady An Comh. John O'Donoghue An tUas. Brian O'Leary

Stiúrthóir Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo.	An Comh. Donal Grady
Coiste Teagmhála Páirc Náisiúnta Chill Airne	An tUas. Brian O'Leary
Stiúrthóir Nuáil Theicneolaíochta Chill Airne	An Comh. Sean Counihan
Meitheal Locha Léin	An Comh. Sean O'Grady
Coiste Teagmhála Drugaí Chill Airne	An Comh. Sean O'Grady An Comh. Donal Grady An Comh. Tom Doherty An Comh. Cathal Walshe
An Coiste Ealaíona	An Comh. Sean O'Grady An Comh. John O'Donoghue
Coiste Polasaí Straitéiseach	An Comh. C. Walshe (SPC Eacnamaíocht, Pleanáil & Forbairt) An Comh. S. O'Grady (SPC Tithíocht)
Comhar Sport agus Fóillíochta Thrá Lí	An Comh. S. Counihan
Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil	An Comh. D. Grady
An Comhchoiste Póilíneachta	An Comh. S. Counihan An Comh. P. Courtney An Comh. T. Doherty An Comh. M. Gleeson An Comh. D. Grady An Comh. N. O'Callaghan An Comh. J. O'Donoghue An Comh. S. O'Grady An Comh. C. Walshe Seanadóir T. Sheahan Seanadóir P. Coghlan Seanadóir M. Daly

Fáiltithe Cathartha

Fáiltithe Cathartha 2012			
Dáta	**Ainm an Duine/Grúpa**		**Ionad**
30/01/12	Yvonne Quill	Aitheantas as a bheith tiomanta díograiseach maidir lena saothar ar son Bailte Slachtmhara Chill Airne.	Seomra na Comhairle
12/03/12	Connie Brosnan	Aitheantas as a ghaisce spóirt sna Cluichí Eorpacha Nódú agus Scagdhealú.	Seomra na Comhairle
21/05/12	Gerry Adams	Fáiltiú roimis Uachtarán Sinn Féin – An tUas. Gerry Adams nuair a bhí Ard Fheis an pháirtí i gCill Airne.	Seomra na Comhairle
09/07/12	Muintir Bird	Aitheantas do Birds Amusements atá ag teacht go Cill Airne le 75 bliana.	Seomra na Comhairle
19/10/12	Dr. Pio Fitzgerald	Aitheantas don ghaisce is é ainmnithe mar Innealtóir na Bliana ag Boeing Commercial Airplanes 2011.	Seomra na Comhairle
30/11/12	Rinceoirí An Spá	Aitheantas don chéad duais i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2012.	Seomra na Comhairle

Fáiltithe Cathartha 2012			
Dáta	**Ainm an Duine/Grúpa**		**Ionad**
23/04/12	Collabor8	Fáiltíodh roimis INTEREG NEW IVB Collabor8 nuair a bhí comhdháil acu i gCill Airne.	Óstán Malton, Cill Airne
27/04/12	ILCU	Fáiltíodh roimis Léig Comhar Chreidmheasa na hÉireann nuair a bhí comhdháil acu i gCill Airne.	Seomra na Comhairle
18/05/12	Méaraí Bavaria & Franconia	Fáiltíodh roimis Mearaí Bavaria & Franconia.	Seomra na Comhairle

Comhdhálacha ag a raibh Comhairleoirí i 2012

Comhdháil/Seimineár	Ionad	Líon
Seimineár Earraigh AMAI	Óstan Kilmore, Br. Bhaile Átha Cliath, An Cabhán	**1**
Comhairle Contae Phort Láirge – Feasacht Mheabharshláinte & Féinmharú	Óstán na Páirce, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge	**2**
Co. Co. Chiarraí/Fóram Pobail & Deonach – Teacht Aniar agus Ullmhú an Phobail	Óstán Malton, Cill Airne	**3**
Seimineár Earraigh LAMA 2012	Óstán Tower, Port Láirge	**1**
Comhdháil Chomhshaoil Chiarraí	Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, Trá Lí	**1**

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Chill Airne 2012

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta 2012

Faoi dheireadh na bliana 31 Nollaig 2012 bhí 1 065 iarratasóir cáilithe ar liosta tithíochta Comhairle Baile Chill Airne agus 32 eile fós á meas chun an gá atá acu le tigh a chinntiú.

- Stoc Tithíochta 31/12/2012 315
- Dáileadh Tithíochta 2012 5

Scéim Cheannach Tionóntaithe

- Fuarthas dhá iarratas.
- Níor ceannaíodh aon tigh.

Tástáil Radóin/ Oibreacha Feabhsúcháin um Feidhmiú Fuinnimh

Deineadh tástáil radóin ar 314 tigh agus astusan bhí gá le feabhsúcháin atá anois déanta ar 29 díobh. Déanfar tástáil orthusan arís agus ar na tithe eile go luath i 2013.

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar 11 tigh chun an Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgneamh (BER) a ardú maraon le deisiúcháin sula ligfí iad.

Fála Tithíochta Speisialta

- Ceannaíodh tigh amháin trí sheomra leapan

Athchóiriú/Sínte

- Cuireadh síneadh le dhá thigh

Cóiríocht Éigeandála

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú do Chomhairle Baile Chill Airne chun 10 leaba a sholáthar do dhaoine gan dídean. Cuireadh cóir éigeandála ar 60 duine le linn 2012.

Cheannaigh an Cumann Tithíochta Clúid áitreabh i gCill Airne go speisialta chun Brú a fhorbairt ach ní bhfuarthas an maoiniú fós chuige sin.

Bóithre, Iompar & Sábháilteacht

I gceantar riaracháin Chomhairle Baile Chill Airne tá 49.38 cm bóithre uirbeacha idir shráideanna, eastáit tithíochta, bóithre ceangail agus lánaí. Le linn 2012 chuir an Chomhairle Baile uachtar ar 1,200 méadar bóithre agus ar 250 méadar cosán.

Tionscnaimh Áirithe:

Lánaí Rothar – Chuir Comhairle Baile Chill Airne síneadh 1.3 ciliméadar leis an lána rothar ó Chlub Galf agus Iascaireachta Chill Airne i dtreo An Fosadh.

Carrchlóis – Feabhsaíodh carrchlós The Glebe trí uachtar nua bóthair agus tulleadh soilsí. Deineadh athailíniú agus méadaíodh an cumas ó 190 go 220 spás.

Ionad Seirbhísí Aon Uaire Chill Airne

Cuirtear seirbhísí ar fáil i gcónaí san Ionad Seirbhísí Ceantair do Chomhairle Contae Chiarraí agus do Chomhairle Baile Chill Airne araon.

Glactar le híocaíochtaí chuig an dá chomhairle, san áireamh tá gach saghas ioncaim mar Cíos agus Iasachtaí Tithíochta, Rátaí, Táillí Uisce nó Bruscair agus Fíneála Páirceála. I 2012 deineadh próiseáil freisin ar an gClárú don Mhuirear Teaghlaigh agus don Dabhach Múnlaigh agus seachas na príomhoifigí airgid i dTrá Lí tógadh níos mó táillí ansiúd ná in aon áit eile sa tír.

Glactar le hiarratais ar sheirbhísí Chomhairle Contae Chiarraí, go háirithe an Mhótarcháin. Mar gheall ar chúrsaí riaracháin, áfach, caithfear iarratais Phleanála agus Ceadúnas Tiomána a sheoladh ar aghaidh go díreach chuig Áras an Chontae, Trá Lí.

Don tseirbhís Oifig Mhótarchánach Ar Líne caithfear an Fhoirm Athnuachana a líonadh agus uimhir bailí PIN a bheith agat chuige sin. Ó mhí na Samhna 2011 leathnaíodh an tseirbhís úd chuig feithiclí earraí ag a mbíonn Deimhniú Reatha um Shabháilteacht ar Bhóithre. Glactar leis an íocaíocht agus eisítear an admháil; deintear próiseáil ar an iarratas trí www.motortax.ie agus seoltar an diosca laistigh de chúpla lá.

Tá méadú le tamall anuas ar an líon custaiméirí a úsáideann an Both Féinseirbhíse don áis Ar Líne a ghlacann le Cártaí Creidmheasa/Dochair.

Seirbhísí Uisce

Leagadh príomhphíopaí nua ar Bhóthar Naomh Máiréad maraon le píopa nua stoirme ag Bóthar na Nead.

Pleanáil

Líon iarratas bailí a fuarthas – 66
Líon cinntí pleanála eisithe – 72
Líon iarratas ceadaithe – 70
Líon iarratas diúltaithe – 2

Forfheidhmiú Pleanála

Ar an iomlán fuarthas 48 ghearán nua (48 díobh scríofa/inmheánach agus 4 chinn ó bhéal). Deineadh próiseáil agus imscrúdú orthusan i rith na bliana 2012 maraon le comhaid eile a bhí fós faoi chaibidil.

I rith 2011 d'eisigh an tÚdarás Pleanála 37 Litir Rabhaidh agus 25 Fógra Forfheidhmithe.

Comhshaol

Bailte Slachtmhara 2012
D'éirigh thar barr le Cill Airne arís i 2012 sa Chomórtas Bailte Slachtmhara. Bronnadh an Chéad Duais Náisiúnta ar Chill Airne i mbliana i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Ina theannta san ag an Searmanas Gradam san Helix, Baile Átha Cliath bhain Cill Airne Bonn Óir don 12ú bliain as a chéile, an Gradam Réigiúnach agus an Gradam Bailte Móra.
I 2012 d'eagraigh an Comórtas Bailte Slachtmhara an Gradam Bailte Slachtmhara Turasóirí i gcomhar le Fáilte Éireann chun tacú le bailte a aithníodh sa Chomórtas go háirithe dóibh siúd a chuireann suim i dturasóireacht. Sa chatagóir seo bhuaigh Cill Airne an gradam don Bhaile Mór is fearr.

Pobail faoi Bhláth i Bloom 2012
Comórtas idirnáisiúnta is ea Pobail faoi Bhláth - Bloom atá tiomanta do mhórtas cathartha, freagracht chomhshaoil agus maisiú a chothú trí mheán gníomhaíocht an phobail a chothú agus dúshlán clár náisiúnta. Dírítear ar spás glas a fheabhsú is a mhaisiú. Bhí Cill Airne istigh air don chéad uair i mbliana agus bhuamar an catagóir Dúshlán Idirnáisiúnta ar son gníomhaíochtaí deonacha.

Dreach Breá ar Chill Airne 2011
Ón tús agus é seolta san Óstan Dromhall mí Eanaír d'éirigh go hiontach leis an gComórtas Dreach Breá ar Chill Airne le linn 2012. Bhí rogha an-mhaith is thart ar 20 catagóir idir óstáin mhóra, gáirdíní beaga agus gach rud eatarthu. Tá an dúil sa Chomórtas seo ag méadú i gcónaí agus líon iontach a chuir istigh arís air i mbliana.

Seirbhís Bhruscair
Lean Comhairle Baile Chill Airne le linn 2012 dá Seirbhís Bhailiúchán Bruscair, seirbhís atá scartha idir thrí chinn de bhailiúcháin d'ábhair éagsúla. Deineadh

athchúrsáil ar 41% fuílleach dramhaíola ó na 2,100 chustaiméir tí atá againn agus ó 130 chustaiméir thráchtála.

Fóillíocht, Conláistí & Forbairt Turasóireachta

Coiste Teagmhála Drugaí Chill Airne

Lean Coiste Teagmhála Drugaí Chill Airne den gcoimhlint i gcoinne mí-úsáid substaintí i 2012. I 2012 bhí na tionscnaimh seo a leanas ar bun:-

a) Feachtas Bolscaireachta dírithe ar thuismitheoirí – tharla sé seo roimis laethanta saoire an tsamhraidh agus arís sula bhfuarthas torthaí an Teastas Shóisearaigh chun cur lena bhfeasacht ar chúrsaí alcóíl is mí-úsáid drugaí. Bhí an t-aiseolas dearfach maidir leis an bhfeachtas.

b) I gcomhar le Staffanstorp, An tSualann (Cathair nasctha) fáiltíodh roimis Comhdháil Mearaí 2012 ECAD (Cathracha na hEorpa i gcoinne Drugaí) Bealtaine 2012.

c) D'éirigh an tSiúr Kathleen Liston as an gCoiste tar éis di a bheith ina ball ó bunaíodh é thiar i 1999. Duine is ea an tSiúr Kathleen a bhí tiomanta i ndáiríre don chúis maidir le coimhlint in aghaidh mí-úsáid substaintí i gCill Airne.

Ealaíon Chill Airne

Bliain an-chúramach a bhí ag ***Ealaíona Chill Áirne***. Tá an coiste tiomanta i gcónaí do na healaíona agus ealaíontóirí á gcur chun cinn acu i gceantar Chill Airne.

